


# Tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san oideachas luath-óige lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

Dr. Sinéad Nic Aindriú ar son Gaeloideachas

An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture, Communications and Sport

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

# Clár Ábhar


Giorrúcháin .... 5

Achoimre feidhmiúcháin .... 6

Caibidil 1: Réamhrá .... 11

Réamhrá .... 11

Comhthéacs taighde .... 11

Aidhmeanna an taighde .... 12

Réasúnaíocht an taighde .... 13

Struchtúr na tuarascála .... 15

Caibidil 2: Comhthéacs an staidéir .... 16

An t-ionchuimsiú i bPoblacht na hÉireann .... 16

An t-oideachas réamhscoile i bPoblacht na hÉireann .... 18

Scéim na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú .... 20

Clár LINC .... 25

Rochtain ar mheasúnú ar riachtanas agus ar idirghabhálacha .... 25

Naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht .... 26

Teagasc trí Mhionteanga .... 27

Buntáistí an naíonra lán-Ghaeilge agus rogha na dtuismitheoirí .... 28

Oideachas réamhscoile lán-Ghaeilge do leanaí a bhfuil RSO acu i dTuaisceart Éireann .... 30

Riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) oideoirí luathbhlianta i naíonraí lán-Ghaeilge .... 31

Acmhainní agus tacaíochtaí trí Ghaeilge .... 34

Tionchar COVID ar fhorbairt leanaí .... 36

Buntáistí an dátheangachais do leanaí sna luathbhlianta .... 37

Míthuiscintí faoin dátheangachas .... 38

Caibidil 3 Modheolaíocht .... 39

Réamhrá .... 39

Comhthéacs taighde .... 39

Modheolaíocht .... 40

Céim a haon: Ceistneoir anaithnid ar líne .... 40

Céim 2: Agallaimh fócasghrúpa agus agallaimh le daoine aonair .... 41

Earcú na rannpháirtithe .... 42

Srianta .... 43

Conclúid .... 44

Caibidil 4: Torthaí .... 45

Próifíl rannpháirtithe a líon isteach an ceistneoir .... 45

Suíomh na naíonraí lán-Ghaeilge ..... 45
An cineál seirbhíse a soláthraíodh ..... 45
An teanga theagaisc sna suíomhanna ..... 46
Róil agus taithí na rannpháirtithe ..... 46
Raon aoise ..... 47
An líon leanaí a bhí cláraithe i naíonraí lán-Ghaeilge ..... 48
An líon oideoirí luathbhlianta sna naíonraí lán-Ghaeilge ..... 49
Torthaí ón gceistneoir ..... 50
An líon leanaí ag a bhfuil diagnóis oifigiúil RSO ..... 50
Leanaí a bhfuil RSO acu ach nach bhfuil diagnóis acu ..... 52
Dúshláin a bhíonn roimh naíonraí lán-Ghaeilge ..... 53
Miondealú ar dhúshláin de réir catagóire ..... 56
Líon daltaí sa rang ..... 56
Easpa tacaíochta ón mbaile ..... 56
Difreáil an churaclaim ..... 56
Easpa ama ..... 57
Easpa acmhainní sa Ghaeilge ..... 57
Easpa tacaíochta ó sheirbhísí seachtracha trí Ghaeilge (mar shampla síceolaí oideachais/teiripeoir urlabhra agus teanga/teiripeoir saothair) ..... 57
Áitreabh agus acmhainní scoile ..... 57
Pleanáil don soláthar oideachais speisialta ..... 58
Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) san oideachas speisialta ..... 58
Dúshláin a bhíonn roimh thuismitheoirí ..... 59
Aistriú chuig bunscoileanna lán-Ghaeilge ..... 60
Muinín oideoirí luathbhlianta ..... 61
Riachtanais speisialta oideachais a shainaithint ..... 63
Déileáil le tuismitheoirí ..... 64
Earcú oideoirí luathbhlianta/Clár AIM ..... 64
Torthaí ó na fócasghrúpaí agus ó na hagallaimh ..... 67
Cúlra na rannpháirtithe ..... 67
RSO na leanaí cláraithe ..... 67
Iompraíocht dhúshlánach ..... 67
Uathachas ..... 68
Deacrachtaí urlabhra agus teanga ..... 69
Riachtanais fhisiciúla agus leighis ..... 69
Riachtanais chéadfacha agus scileanna sóisialta ..... 70

Buntáistí an oideachais réamhscoile lán-Ghaeilge .......... 70
An dátheangachas agus an Ghaeilge .......... 70
Taithí oideoirí luathbhlianta .......... 73
Pobal agus cultúr ionchuimsitheach .......... 75
Naíonra lán-Ghaeilge atá nasctha le bunscoil lán-Ghaeilge .......... 77
An líon daltaí sa rang agus cóimheasa idir daltaí agus oideoirí luathbhlianta .......... 78
Straitéisí ionchuimsitheacha .......... 78
Dúshláin .......... 79
Tnáitheadh agus coinneáil i measc oideoirí luathbhlianta .......... 79
Am a thabhairt do leanaí nach bhfuil RSO acu .......... 81
Dúshláin maidir le leanaí an-óg a dhiagnóisiú .......... 84
RSO agus dúshlán na Gaeilge .......... 85
Paindéim COVID19 .......... 87
Clár AIM .......... 89
Moltaí maidir le AIM .......... 95
Acmhainní atá de dhíth .......... 96
Rochtain ar sheirbhísí gairmiúla .......... 96
Acmhainní atá de dhíth .......... 97
Comhoibriú le tuismitheoirí .......... 99
Comhráite casta le tuismitheoirí .......... 101
Ionbhá a léiriú sa chaidreamh le tuismitheoirí agus comhoibriú leo .......... 102
Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) .......... 103
Comhráite le tuismitheoirí .......... 103
Catagóirí RSO .......... 104
Straitéisí .......... 105
Pobal cleachtais .......... 106
Caibidil 5: Conclúid agus moltaí .......... 108
Réamhrá .......... 108
Comhthéacs taighde .......... 108
Conclúid .......... 108
1. Ionchuimsiú agus creataí beartais .......... 109
2. Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) .......... 109
3. Acmhainní sa Ghaeilge .......... 110
4. An dátheangachas agus RSO .......... 110
5. Sainaithint agus diagnóis RSO .......... 111
6. Tairbhí agus dúshláin an tumoideachais .......... 111

Moltaí ..... 111
Conairí oideora luathbhlianta ..... 112
Acmhainní Gaeilge ..... 112
Feabhas a chur ar an tacaíocht le haghaidh RSO i naíonraí lán-Ghaeilge ..... 114
(a) Sainaithint agus idirghabháil luath ..... 114
(b) Comhoibriú gairmiúil ..... 114
Cumarsáid leis an teaghlach agus tacaíocht don teaghlach ..... 115
An t-aistriú chuig an mbunscoil ..... 115
An curaclam agus straitéisí oideolaíocha ..... 115
Feachtais phoiblí ..... 116
Forbairt ghairmiúil leanúnach ..... 116
Taighde agus abhcóideacht ..... 117
(a) Monatóireacht leanúnach ..... 117
(b) Abhcóideacht ..... 117
Clár an Túis Luaith ..... 118
Conclúid ..... 119
Tagairtí ..... 121
Aguisín A: Aiseolas ar an tuarascáil ó AIM ..... 129
Aguisín B: Nótaí maidir leis an téarmaíocht ..... 131

## Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú | AIM |
| Forbairt ghairmiúil leanúnach | FGL |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | RLCMLÓ |
| Cúram agus Oideachas na Luath-óige | ECCE |
| An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 | EPSEN |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | CNCM |
| An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta | ECFE |
| Riachtanais speisialta oideachais | RSO |

### Nóta maidir leis an téarmaíocht

Bíonn roinnt téarmaí in úsáid chun cur síos a dhéanamh ar dhuine a bhíonn ag obair le leanaí réamhscoile i gcomhthéacs an naíonra lán-Ghaeilge. Na téarmaí a bhíonn in úsáid, braitheann siad ar an gcomhthéacs agus ar rogha na heagraíochta nó an chleachtais ar leith:

- *Oideoir* – téarma ginearálta a thagraíonn don duine atá ag gabháil d'oideachas agus d'fhorbairt leanaí.
- *Oideoir luathbhlianta* – téarmaí níos sonraí atá dírithe ar ghairmithe oideachais atá ag obair le leanaí sna luathbhlianta, laistigh de chomhthéacs na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha.
- *Múinteoir naíonra* – tá ról lárnach ag an duine seo in oideachas luath-óige leanaí óga (idir 2 bhliain agus 7 mí d'aois agus 5 bliana d'aois go hiondúil) trí mheán na Gaeilge.
- *Ceannaire/stiúrthóir naíonra* – téarma a bhíonn in úsáid go minic chun tagairt don duine atá freagrach as bainistiú agus as riar an naíonra lán-Ghaeilge, anuas ar an ngné oideachasúil.

An téarma 'oideoir' atá in úsáid go príomha sa tuarascáil seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur leagan giorraithe den téarma 'oideoir luathbhlianta' atá i gceist, faoi mar a thugtar achoimre ar an téarma sin i ndoiciméid fhoirmiúla ón rialtas.

## Achoimre feidhmiúcháin

**Tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san oideachas luath-óige lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht**

### Réamhrá

Rinneadh an tuarascáil seo idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2025, agus cuirtear i láthair ann an chéad staidéar cuimsitheach ar an gcaoi a dtacaíonn naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu. Díríodh ann ar naíonraí lán-Ghaeilge a chuireann oideachas ar leanaí idir 2 bhliain agus 8 mí d'aois go 5 bliana agus 6 mhí d'aois. Tugtar aghaidh leis an tuarascáil ar easnamh mór sa taighde ar an oideachas ionchuimsitheach luath-óige a sholáthraítear trí mhionteanga i bPoblacht na hÉireann. Cé go bhféachtar sa taighde seo ar an gcaoi a mbíonn naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht ag tacú le leanaí a bhfuil RSO acu, níl sé de chuspóir ag an taighde measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, leordhóthanacht, ná seachadadh na dtacaíochtaí atá á gcur ar fáil ag aon chomhlacht rialtais ná ag aon ghníomhaireacht stáit eile.

Ina ionad sin, dírítear sa staidéar ar thuiscint a fháil ar an saol iarbhír agus ar na cleachtais i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, go háirithe maidir leis an bhfreastal a dhéanann siad ar leanaí atá ag foghlaim na Gaeilge mar an dara teanga agus a bhfuil riachtanais foghlama bhreise acu agus maidir leis an tacaíocht a thugann na naíonraí do na leanaí sin. Rinneadh an taighde go neamhspleách chun léargas a fháil ar pheirspictíochtaí agus ar eispéiris oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge, agus ba é an aidhm a bhí ann bonn eolais a chur faoin dea-chleachtas, réimsí riachtanais a shainaithint, agus cur leis an gcomhrá níos leithne faoin ionchuimsiú san oideachas trí mhionteanga. Is tábhachtach an t-idirdhealú sin chun a chinntiú go léirmhínítear na torthaí sa chomhthéacs ceart, mar atá peirspictíocht oideachais agus teanga seachas beart nó creat freagrachta seirbhíse.

**Cuspóir agus Aidhmeanna**

Féachadh leis na nithe seo a leanas a dhéanamh leis an staidéar:

- Leitheadúlacht agus cineálacha RSO i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a dhéanamh amach.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na cleachtais a bhíonn in úsáid ag oideoirí naíonra lán-Ghaeilge chun leanaí a bhfuil RSO acu a shainaithint agus tacú leo sna suíomhanna sin.
- Féachaint ar na dúshláin a bhíonn le sárú ag oideoirí sna suíomhanna sin chun freastal ar riachtanais na leanaí ar fad.
- Straitéisí agus acmhainní ionchuimsitheacha atá ann cheana féin a shainaithint.
- Na riachtanais forbartha gairmiúla a shainaithint chun tacú go héifeachtach le leanaí a bhfuil riachtanais foghlama bhreise acu agus an dara teanga á sealbhú acu.

**Modheolaíocht**

Glacadh cur chuige modhanna measctha:

- *Céim 1:* Líon 37 naíonra lán-Ghaeilge ceistneoir anaithnid ar líne.
- *Céim 2:* Fócasghrúpaí doimhne agus agallaimh le 15 oideoir ó 11 suíomh éagsúil.

Chloígh an staidéar le cleachtais taighde eiticiúla inar cuireadh béim ar thoiliú na rannpháirtithe, anaithnideacht agus meas ar shaineolas na n-oideoirí.

**Príomhthorthaí**

- *Leitheadúlacht RSO:*

  Tuairiscíodh go raibh diagnóis oifigiúil RSO ag 5.49% de leanaí. Ba iad deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta, an t-uathachas, agus laguithe urlabhra agus teanga na catagóirí ba choitianta. Sainaithníodh go raibh RSO ag 778 leanbh sa bhreis nach raibh diagnóis fhoirmiúil faighte acu.

- *Dúshláin i suíomhanna lán-Ghaeilge:*

  Bíonn bacainní móra roimh naíonraí lán-Ghaeilge, lena n-áirítear:

  - Easpa acmhainní agus measúnuithe sa Ghaeilge.
  - Rochtain theoranta ar sheirbhísí trí Ghaeilge (mar shampla teiripeoirí urlabhra agus teanga, teiripeoirí saothair).
  - Líon mór daltaí sa rang agus gan líon leordhóthanach ball foirne.
  - Srianta ó thaobh ama de ar an bpleanáil agus ar an difreáil.
  - Earcú agus coinneáil oideoirí cáilithe a bhfuil Gaeilge acu.

- *Riachtanais forbartha gairmiúla:*

  Thuairiscigh oideoirí go raibh gá mór le soláthar leanúnach forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) trí Ghaeilge atá curtha in oiriúint do chomhthéacs an tsuímh tumoideachais:

  - An dátheangachas agus foghlaim an dara teanga.
  - An t-uathachas agus forbairt scileanna sóisialta.
  - Cumarsáid le tuismitheoirí maidir le RSO. Straitéisí ionchuimsiúcháin atá curtha in oiriúint do chomhthéacsanna tumoideachais.

- *Peirspictíochtaí tuismitheoirí agus aistrithe:*

  Shonraigh na hoideoirí go mbíonn imní ar thuismitheoirí maidir lena oiriúnaí atá an t-oideachas lán-Ghaeilge do leanaí a bhfuil RSO acu. Tugtar le tuiscint sna freagraí ar an gceistneoir go gcuirtear comhairle ar chuid mhór tuismitheoirí gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge, rud a léiríonn gur ann d’fhadhbanna córasacha maidir le tacú le haistrithe ionchuimsitheacha chuig an mbunscoil. Tugtar le tuiscint sna sonraí ó na fócasghrúpaí agus ó na hagallaimh gur tuairiscíodh, i líon mór cásanna, go mbíonn comhairle á cur ag gairmithe (mar shampla síceolaithe oideachais, dochtúirí, altraí

sláinte poiblí agus teiripeoirí urlabhra agus teanga) ar thuismitheoirí gan a leanbh a chur chuig naíonra lán-Ghaeilge.

- *An dátheangachas agus RSO:*
  Cuirtear i dtábhacht sa litríocht idirnáisiúnta gur féidir le leanaí, iad sin a bhfuil uathachas orthu nó a bhfuil deacrachtaí urlabhra agus teanga acu ina measc, an dátheangachas a shealbhú ach tacú leo go cuí (Raining-Bird et al., 2016). Tugtar le tuiscint leis an taighde go mbíonn rath ar leanaí a bhfuil éagsúlacht mhór RSO acu sa tumoideachas bunscoile (Raining-Bird et al., 2021). Is léir ó thorthaí an staidéir seo gurb iomaí buntáiste atá ag an oideachas lán-Ghaeilge do leanaí a bhfuil RSO acu.

**Moltaí**

- Moltar don Rialtas gealltanas a thabhairt go ndéanfar oideoirí cáilithe a bhfuil Gaeilge acu (mar shampla oideoirí luathbhlianta AIM) a earcú le haghaidh gach naíonra lán-Ghaeilge. Is gá a chinntiú gur baill foirne a bhfuil Gaeilge acu, agus ar cuireadh oiliúint shonrach sa luath-thumoideachas orthu, a sholáthraíonn na tacaíochtaí agus na seirbhísí idirghabhála ar fad. Cuimsítear leis sin a chinntiú go mbeidh fáil ar leagan Gaeilge de gach measúnú, idirghabháil agus tacaíocht le haghaidh leanaí i naíonraí lán-Ghaeilge, agus go bhfuil na hacmhainní sin oiriúnach do shuíomhanna tumoideachais ó thaobh cultúir agus oideolaíochta de.
- Forbairt agus scaipeadh acmhainní, measúnuithe agus idirghabhálacha oiriúnacha i nGaeilge le haghaidh leanaí a bhfuil RSO acu a chinntiú.
- Cur leis na cláir forbartha gairmiúla leanúnaí atá ar fáil trí Bhéarla faoi láthair lena chinntiú go gcuirfear in oiriúint iad go sonrach do riachtanais oideoirí lán-Ghaeilge agus go mbeidh leagan Gaeilge díobh ar fáil.
- Tacú le comhpháirtíochtaí comhair idir oideoirí, speisialtóirí, agus teaghlaigh.

- Feachtais feasachta poiblí a sheoladh chun an t-ionchuimsiú agus an dátheangachas a chur chun cinn ar mhaithe le gach leanbh.
- Tacaíochtaí aistrithe a neartú do leanaí a aistríonn ón naíonra go bunscoil lán-Ghaeilge.
- Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an fhórsa saothair trí straitéisí earcaíochta agus tacaíochtaí coinneála.

**Conclúid**

Cuirtear béim sa staidéar seo ar an ngéarghá atá le tacaíocht, acmhainní, forbairt ghairmiúil agus infheistíocht spriocdhírithe chun luathoideachas cothromasach ionchuimsitheach a chinntiú i naíonraí lán-Ghaeilge. Ach aghaidh a thabhairt ar na bacainní a bhíonn le sárú ag na suíomhanna sin ó thaobh teanga agus córais de, is féidir le páirtithe leasmhara cleachtais ionchuimsitheacha a chur chun cinn a rachaidh chun leas na leanaí uile agus a chosnóidh an oidhreacht teanga in Éirinn san am céanna.

# Caibidil 1: Réamhrá

## Réamhrá

Tugtar aghaidh sa staidéar seo ar an easnamh taighde a bhaineann leis an soláthar oideachais speisialta agus ar leitheadúlacht/cineálacha riachtanas speisialta oideachais (RSO) i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ní dhearnadh aon taighde sonrach ar an réimse seo i naíonraí lán-Ghaeilge go dtí seo. Tugtar achoimre sa chaibidil seo ar aidhmeanna an taighde agus ar an réasúnaíocht atá leis, agus tugtar achoimre ar an gcomhthéacs taighde freisin. Cuirtear achoimre ar struchtúr na tuarascála i láthair ag deireadh na caibidle.

## Comhthéacs taighde

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo an chéad staidéar cuimsitheach ar an gcaoi a dtacaíonn naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht le leanaí a bhfuil RSO acu. Tugtar aghaidh leis an tuarascáil ar easnamh mór sa litríocht ar an oideachas ionchuimsitheach luath-óige a sholáthraítear trí Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann. Le blianta beaga anuas, tá aitheantas níos mó á thabhairt do thábhacht na sainaitheanta luaithe agus na tacaíochta luaithe do leanaí a bhfuil RSO acu. Mar sin féin, tá cuid mhór den taighde agus den treoraíocht bheartais go dtí seo bunaithe ar shuíomhanna Béarla. Mar thoradh air sin, níor tugadh ach aird theoranta ar eispéiris naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht – suíomhanna ina bhfuil leanaí a bhfuil RSO acu ag foghlaim na Gaeilge mar an dara teanga agus ag déileáil lena ndúshláin foghlama bhreise san am céanna.

Tugadh faoin staidéar seo chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn na naíonraí lán-Ghaeilge sin leis an ionchuimsiú, ar an gcaoi a sainaithníonn siad riachtanais na n-oideoirí ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach de, agus ar an gcaoi a mbainistíonn siad teacht le chéile na foghlama teanga agus an oideachais speisialta. Baintear leas ann as sonraí a bailíodh

ó oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge ar fud Phoblacht na hÉireann agus féachtar ann le béim a chur ar na deiseanna a bhíonn acu agus ar na dúshláin a bhíonn rompu araon.

Rud atá tábhachtach ná nach ndearnadh an staidéar seo mar mheasúnú ná mar mheastóireacht ar sheirbhísí rialtais ná ar ghníomhaireachtaí poiblí. Ina ionad sin, dírítear ann ar chleachtais agus ar pheirspictíochtaí oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge. Ach a nglór agus a n-eispéiris siúd a thabhairt le chéile, is é is aidhm don tuarascáil cur ar bhealach fóinteach le forbairt leanúnach an oideachais ionchuimsithigh i naíonraí lán-Ghaeilge atá freagrúil ó thaobh cultúir agus teanga de in Éirinn.

**Aidhmeanna an taighde**

Ba iad seo a leanas aidhmeanna an tionscadail taighde seo:

- Leitheadúlacht agus cineálacha RSO i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i bPoblacht na hÉireann a shainaithint.
- Féachaint cad iad na cleachtais a bhíonn in úsáid ag oideoirí chun leanaí a bhfuil RSO acu a shainaithint sna suíomhanna sin.
- Féachaint cad iad na dúshláin a bhíonn roimh oideoirí sna naíonraí lán-Ghaeilge sin i ndáil le sainaithint leanaí a bhfuil RSO acu.
- Féachaint cad iad na cleachtais dhearfacha atá i bhfeidhm sna suíomhanna sin chun freastal ar riachtanais na ndaltaí uile.
- Féachaint cad iad riachtanais forbartha gairmiúla oideoirí sna suíomhanna sin ó thaobh an oideachais speisialta de.
- Moltaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar féidir na dúshláin a bhíonn roimh oideoirí luath-óige i suíomhanna lán-Ghaeilge a shárú, agus aird ar leith á tabhairt ar acmhainní agus ar thacaíochtaí atá ar fáil i nGaeilge.

**Réasúnaíocht an taighde**

Is ann do 53 naíonra lán-Ghaeilge ar a laghad lasmuigh den Ghaeltacht ina soláthraítear oideachas luathbhlianta trí Ghaeilge agus a mbíonn an Ghaeilge in úsáid mar an ghnáth-theanga chumarsáide iontu (an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), 2023). Bíonn sé níos casta fós leanaí a bhfuil RSO acu a shainaithint i dtimpeallachtaí foghlama mionteanga/tumoideachais. Is amhlaidh an scéal go háirithe i gcás an tumoideachais i mionteanga, an Ghaeilge cuir i gcás. An chúis atá leis sin ná nach mbíonn an oiread céanna measúnuithe, idirghabhálacha agus acmhainní ar fáil trí Ghaeilge (Andrews, 2020). Sa chéad chéim den staidéar seo, tugadh cuireadh do na naíonraí lán-Ghaeilge ar fad lasmuigh den Ghaeltacht i bPoblacht na hÉireann suirbhé anaithnid ar líne a líonadh isteach ar na topaicí a bhfuil achoimre orthu sna haidhmeanna thuas. Sa dara céim, ghlac oideoirí (N=15) i naíonraí lán-Ghaeilge páirt i bhfócasghrúpaí nó in agallaimh aonair ar na topaicí a luaitear in aidhmeanna an staidéir thuas chun sonraí níos doimhne a fháil. Tá sé ríthábhachtach taighde a dhéanamh ar an soláthar oideachais speisialta i naíonraí lán-Ghaeilge ar roinnt cúiseanna éagsúla:

(1) Ach taighde a dhéanamh sa réimse seo, beifear in ann forbairt bhreise a dhéanamh ar shainaithint agus ar chur i bhfeidhm straitéisí éifeachtacha idirghabhála luaithe trí Ghaeilge.

(2) Is féidir leis an taighde léargas a thabhairt ar straitéisí éifeachtacha chun timpeallachtaí ionchuimsitheacha d'fhoghlaim na Gaeilge a chruthú a théann chun leas leanaí a bhfuil RSO acu agus leanaí nach bhfuil RSO acu araon.

(3) Is féidir le torthaí taighde bonn eolais a chur faoi fhorbairt clár forbartha gairmiúla in RSO agus san ionchuimsiú le haghaidh oideoirí naíonra lán-Ghaeilge. Tá sé tábhachtach miondifríochtaí an oideachais lán-Ghaeilge agus an tumoideachais a chur san áireamh i riachtanais forbartha gairmiúla na n-oideoirí sin.

(4) Is féidir leis an taighde réamhscoile san oideachas speisialta a bheith dírithe freisin ar ról a thabhairt do thuismitheoirí agus ar thacú leo. Is féidir dul i bhfeidhm ar fhorbairt linbh ar bhealach dearfach ach acmhainní, faisnéis agus straitéisí a chur ar fáil do thuismitheoirí lena gcur ar a gcumas dóibh riachtanais uathúla a leanaí a thuiscint agus tacú leo. Tá tábhacht ar leith leis sin nuair a thumtar leanaí sa dara teanga nó i mionteanga.

(5) Is féidir le torthaí taighde rannchuidiú le forbairt cleachtas ionchuimsitheach lena gcuirtear chun cinn an t-ionchuimsiú agus an tacaíocht le hoideachas speisialta i naíonraí. Ach abhcóideacht a dhéanamh ar son acmhainní, maoiniú, agus athruithe beartais iomchuí bunaithe ar fhianaise ó thaighde, is féidir dul i bhfeidhm go mór ar cháilíocht fhoriomlán clár oideachais speisialta. Tá an-tábhacht leis sin d'earnáil an oideachais lán-Ghaeilge mar is minic nach n-aithnítear i mbeartais oideachais miondifríochtaí na hearnála sin ná na foghlama trí mhionteanga.

(6) Ní ann ach do thaighde teoranta i réimse an oideachais speisialta san oideachas luath-óige lán-Ghaeilge agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh bearnaí sa tuiscint ar na dúshláin agus ar na deiseanna ar leith a bhaineann le naíonraí lán-Ghaeilge. Is féidir na bearnaí sin a dhúnadh ach tabhairt faoi thaighde atá curtha in oiriúint don ghrúpa sin go sonrach, rud a chuirfidh tuiscint níos cuimsithí ar fáil ar idirghabhálacha éifeachtacha agus ar mheicníochtaí tacaíochta.

Is féidir torthaí an taighde seo a úsáid chun cabhrú le forbairt na forbartha gairmiúla leanúnaí san oideachas speisialta le haghaidh oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge. Tabharfaidh na torthaí léargas freisin ar na hacmhainní atá ag teastáil sna suíomhanna sin chun cabhrú leo i réimsí na sainaitheanta agus na hidirghabhála luaithe do leanaí a bhfuil RSO acu.

**Struchtúr na tuarascála**

Tugadh achoimre sa chaibidil seo ar aidhmeanna an taighde agus ar réasúnaíocht an staidéir. Cuirtear achoimre ar chomhthéacs an staidéir i láthair sa dara caibidil. Tá achoimre ar mhodheolaíocht an staidéir i gCaibidil 3 agus cuirtear na torthaí i láthair i gCaibidil 4. Ar deireadh, cuirtear conclúid agus moltaí i láthair i gCaibidil 5.

## Caibidil 2: Comhthéacs an staidéir

### An t-ionchuimsiú i bPoblacht na hÉireann

San Acht Oideachais, déantar an t-ionchuimsiú a chur chun cinn mar "comhionannas rochtana ar an oideachas agus comhionannas rannpháirtíochta san oideachas" (Rialtas na hÉireann, 1998, Alt 6). Cuireann Rialtas na hÉireann béim ar an tábhacht a bhaineann le timpeallachtaí ionchuimsitheacha a chruthú lena bhfreastalaítear ar leanaí de gach cumas, cúlra agus riachtanas. Ar an gcaoi sin, cinntítear go mbíonn deiseanna cothroma ag gach leanbh lán a acmhainneachta a bhaint amach.

Sonraíonn an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE, 2024) gur cheart rochtain chothrom a beith ag gach leanbh ar dheiseanna ardchaighdeáin foghlama agus forbartha san oideachas luathbhlianta. Sonraíonn ECFE go ndearnadh go leor dul chun cinn sa réimse sin le tamall anuas agus go bhfuil an lucht déanta beartas ag díriú anois ar cháilíocht na seirbhísí sna luathbhlianta agus ar straitéisí chun feabhas a chur ar an gcothromas agus ar an ionchuimsiú (ECFE, 2024). I bPoblacht na hÉireann, tá achoimre ar phrionsabail an chleachtais ionchuimsithigh le fáil sa Chairt um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsitheacht le haghaidh Cúram agus Oideachas Luath-Óige (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2016). Pléitear an tábhacht a bhaineann le pobal ionchuimsitheach sa chairt, agus moltar ann go gcuimseofaí na nithe seo a leanas le cultúr ionchuimsitheach (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2016, lch 4):

- A bheith ag obair as lámha a chéile le teaghlach an linbh agus cumarsáid thrédhearcach a dhéanamh leis an teaghlach.
- A bheith ag obair as lámha a chéile le gníomhaireachtaí seachtracha a bhféadfadh baint a bheith acu leis an teaghlach (ní mór do thuismitheoirí an linbh toiliú a thabhairt).

- Deiseanna cothroma agus cleachtais frithchlaontachta a chur chun cinn go gníomhach ionas go mothaíonn gach leanbh agus gach teaghlach go gcuirtear a dtuairimí san áireamh agus go mbíonn meas orthu.
- Beartais agus nósanna imeachta láidre a bheith i bhfeidhm: beartas ionchuimsiúcháin, beartas comhdheiseanna.
- A aithint go bhfuil gach leanbh uathúil agus go bhforbróidh sé agus go bhfoghlaimeoidh sé ar a luas féin, agus meas a léiriú air sin.
- Clár na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) (2025) a úsáid chun freastal ar riachtanais leanaí agus a aithint nach mbeidh tacaíocht bhreise de dhíth ar gach leanbh atá faoi mhíchumas.
- Leanaí a spreagadh chun a mbuanna pearsanta a shainaithint, mar aon leis na tréithe atá acu féin agus ag leanaí eile freisin.
- Leanaí a mhealladh go gníomhach chun cinneadh a dhéanamh faoina gcuid foghlama féin.
- Meas a léiriú ar éagsúlacht an linbh, a theaghlaigh agus a phobail i rith na seirbhíse luath-óige ar fad.
- A thuiscint go mbíonn riachtanais, dearcthaí, cultúir agus creidimh dá gcuid féin ag leanaí, ar gá meas a thabhairt orthu agus ar gá iad a léiriú i rith na seirbhísí luath-óige.
- Machnamh a dhéanamh ar do dhearcthaí agus ar do luachanna féin.

Díreofar sa staidéar seo ar ionchuimsiú leanaí a bhfuil RSO acu i naíonraí lán-Ghaeilge i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht. Sa staidéar seo, is é seo a leanas an sainmhíniú a thugann an taighdeoir ar 'ionchuimsiú':

- meas a léiriú ar gach leanbh mar a bheith cothrom,

- caidrimh a dhéanamh laistigh de phobal an naíonra le go measann gach duine go bhfuil sé páirteach agus gur féidir leis cur le pobal na scoile ar bhealach éigin,
- bacainní a bhaint, agus
- tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach, chun go n-éiríonn leis na leanaí ar fad lán a n-acmhainneachta a bhaint amach agus chun go mbíonn siad sona sásta ar scoil.

Roghnaíodh an téarma RSO le haghaidh an staidéir seo mar is é sin an téarma atá in úsáid ag Rialtas na hÉireann i ngach doiciméad dlí oifigiúil. Chun críocha an staidéir seo, glactar leis an sainmhíniú ar RSO san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 (EPSEN) (Rialtas na hÉireann, 2004):

> "srian ar chumas an duine páirt a ghlacadh san oideachas agus leas a bhaint as mar thoradh ar mhíchumas marthanach fisiceach, céadfach, meabhairshláinte nó foghlama, nó aon riocht eile a chiallaíonn go mbíonn ar an duine foghlaim ar bhealach difriúil le duine nach bhfuil an riocht sin air" *(Acht EPSEN, 2004, Cuid 1)* [Aistriúchán neamhoifigiúil]

**An t-oideachas réamhscoile i bPoblacht na hÉireann**

Tá an t-oideachas réamhscoile i bPoblacht na hÉireann ina chuid ríthábhachtach de chóras oideachais na luath-óige sa tír (RLCMLÓ, 2025). Dírítear ann ar thimpeallacht spreagúil chothaitheach a chur ar fáil do leanaí óga ina dtacaítear lena bhforbairt shóisialta, mhothúchánach, fhisiciúil agus chognaíoch i rith a mblianta múnlaitheacha. Tionscnamh réamhscoile atá maoinithe ag an stát is ea an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) (RLCMLÓ, 2025). Faoin gclár sin, cuirtear dhá bhliain saor in aisce d'oideachas réamhscoile ar fáil do leanaí atá idir 2 bhliain agus 8 mí d'aois agus 5 bliana agus 6 mhí d'aois (braitheann an cháilitheacht ar aois an linbh ag tús na bliana réamhscoile). 3 uair an chloig sa lá, 5 lá sa tseachtain i rith na scoilbhliana atá i gceist (38 seachtain go hiondúil).

Tá creat curaclaim Aistear (an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2024) ar bhunchloch an oideachais réamhscoile in Éirinn. Cuirtear béim in Aistear ar an bhfoghlaim shúgradhbhunaithe agus dírítear ar cheithre phríomhthéama ann: Folláine; Féiniúlacht agus Muintearas; Cumarsáid; agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht. Spreagtar an fhorbairt iomlánaíoch ann tríd an bhfoghlaim chognaíoch, mhothúchánach agus shóisialta a chomhtháthú trí shúgradh, idirghníomhaíocht, agus taiscéalaíocht. I measc thairbhí an oideachais réamhscoile, (a) cuireann sé feabhas ar an ullmhacht don scoil, agus ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta, (b) déanann sé sóisialú, obair foirne, agus athléimneacht mhothúchánach a chur chun cinn, (c) leagann sé an bhunchloch le haghaidh na foghlama agus na forbartha ar feadh an tsaoil, agus (d) tá an t-oideachas réamhscoile in Éirinn ina chéim ríthábhachtach den aistear do dhaoine óga mar ullmhaíonn sé don bhunscoil agus don saol ina dhiaidh iad agus cothaíonn sé grá na foghlama agus na fiosrachta iontu freisin.

Is é an cuspóir atá leis an gcuraclam tacú le foghlaim agus forbairt iomlánaíoch leanaí trí chur chuige éiritheach atá bunaithe ar chearta agus ar an bhfiosrú. Laistigh den churaclam, féachtar ar na leanaí mar fhoghlaimeoirí gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha a bhíonn ag foghlaim trí chaidrimh, súgradh, taiscéalaíocht agus comhrá. Tá meas sa churaclam freisin ar an nGaeilge, ar an éagsúlacht, ar an inbhuanaitheacht, agus ar ghlór leanaí. Mar sin féin, is beag tagairt a dhéantar do RSO sa churaclam, faraor. Tá 9 bpríomhphrionsabal ina mbonn faoi Aistear, mar atá:

i. Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda
ii. Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú
iii. Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí
iv. Teaghlach agus Pobal
v. Oideoirí Gníomhaíocha
vi. Aistrithe
vii. Foghlaim Iomlánaíoch
viii. Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla
ix. Timpeallachtaí Foghlama

Tugadh curaclam Aistear chun dáta le déanaí (CNCM, 2024) chun béim níos láidre a chur ar na nithe seo a leanas: (a) cearta agus glór leanaí; (b) an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach; (c) foghlaim amuigh faoin aer agus an inbhuanaitheacht; (d) oideolaíocht mhall chaidreamhach agus gníomhaíocht oideoirí luathbhlianta; agus (e) an t-ionchuimsiú, an néara-éagsúlacht agus teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha. Tugadh chun dáta é freisin chun ailíniú níos mó le Creatchuraclam na Bunscoile (CNCM, 2023) a chinntiú, ar mhaithe le leanúnachas níos fearr san oideachas.

Le haghaidh chomhthéacs an staidéir seo, tá sé tábhachtach a shonrú gur féidir le naíonraí lán-Ghaeilge cuir chuige éagsúla a ghlacadh ó thaobh an churaclaim de, agus gur creataí iad Aistear agus Síolta araon ina gcuimsítear gach cur chuige oideolaíoch sa luathfhoghlaim agus sa chúram luath-óige. Bíonn gnéithe de chuir chuige amhail HighScope, Montessori nó Steiner in úsáid i naíonraí lán-Ghaeilge áirithe nó tá siad bunaithe ar na cuir chuige sin. Ar an gcaoi chéanna, níl gach naíonra páirteach sa scéim ECCE agus bíonn naíonraí áirithe ag feidhmiú go neamhspleách. Múnlaíonn na creataí sin le chéile na caighdeáin, na heispéiris foghlama, agus na cleachtais ionchuimsitheacha i suíomhanna luathbhlianta in Éirinn. Mar sin féin, níl sé i gceist ag an staidéar meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme ná ar éifeachtacht an chláir ECCE, Aistear, Síolta, ná aon churaclam eile i naíonraí lán-Ghaeilge. Ní dhéantar tagairt dóibh ach chun achoimre ghairid a thabhairt ar an gcomhthéacs náisiúnta ina mbíonn oideoirí na naíonraí lán-Ghaeilge ag feidhmiú. Dírítear go príomha sa taighde seo ar iniúchadh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí, ar chleachtais agus ar riachtanais forbartha gairmiúla oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, go háirithe maidir le tacú le leanaí a bhfuil RSO acu agus atá ag foghlaim trí Ghaeilge mar an dara teanga.

**Scéim na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú**

Bíodh is go bhfuil ról lárnach ag an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM, 2025) sa straitéis náisiúnta chun tacú le hionchuimsiú leanaí atá faoi mhíchumas i suíomhanna atá

páirteach sa chlár ECCE, ní dhíríonn an staidéar seo ar chur chun feidhme chlár AIM ná ar mheastóireacht ar an gclár sin. Is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil AIM ar fáil do shuíomhanna ECCE go heisiach. Cé go bhfuil AIM deartha go príomha chun tacú le leanaí atá faoi mhíchumas an clár ECCE a rochtain agus páirt fhóinteach a ghlacadh ann, is féidir leis na tacaíochtaí ann dul níos faide ná na huaireanta ECCE le haghaidh leanaí atá cláraithe in ECCE agus atá ag freastal ar sheirbhís luathbhlianta (AIM, 2025). Mar thoradh air sin, is féidir le leanaí atá faoi mhíchumas tacaíochtaí AIM a fháil le linn uaireanta an chláir ECCE agus lasmuigh de na huaireanta sin, ar an gcoinníoll go bhfuil siad cláraithe do ECCE.

Tionscnamh náisiúnta in Éirinn is ea Tús Níos Fearr (atá á óstáil ag Pobal ar son na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige) agus tá sé dírithe ar fheabhas a chur ar an gcáilíocht agus ar an ionchuimsiú i seirbhísí foghlama agus cúraim luath-óige do naíonáin agus do leanaí suas le 6 bliana d'aois ar fud na tíre. Aithnítear sa taighde a thábhachtaí atá AIM agus Tús Níos Fearr chun tacaíochtaí struchtúrtha a chur ar fáil do naíonraí agus aithnítear ann nach mbeidh cabhair spriocdhírithe bhreise faoi shamhail AIM ag teastáil ó gach leanbh atá faoi mhíchumas. Mar sin féin, ní thugtar ach achoimre ghairid ar AIM agus Tús Níos Fearr chun gort níos leithne an ionchuimsithe i suíomhanna luathbhlianta Gaeilge a chur i gcomhthéacs. Dírítear go príomha sa staidéar seo ar chleachtais, ar eispéiris agus ar riachtanais oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, go háirithe maidir le tacú le leanaí atá ag foghlaim na Gaeilge mar an dara teanga agus a bhfuil riachtanais foghlama éagsúla acu.

Tionscnamh de chuid an rialtais is ea clár réamhscoile na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (AIM, 2025) arb é is aidhm leis a chinntiú go mbíonn rochtain ag leanaí faoi mhíchumas ar an scéim ECCE agus gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh sa scéim sin. In 2016 a seoladh AIM, agus cuirtear an t-oideachas ionchuimsitheach chun cinn ann trí réimse tacaíochtaí a chur ar fáil do naíonraí agus do theaghlaigh. An Roinn Leanaí, Comhionannais,

Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) a dhéanann bainistiú ar an scéim, agus tá an scéim ina cuid de straitéis níos leithne an rialtais chun an comhionannas san oideachas a chur chun cinn.

Ar phrionsabail an chláir, tá:

(a) tacú le cultúr ionchuimsithe a fhorbairt i suíomhanna luathbhlianta agus cúraim luath-óige;

(b) cur chuige leanbhláraithe nach mbíonn diagnóis fhoirmiúil ag teastáil ann;

(c) comhoibriú le speisialtóirí amhail teiripeoirí urlabhra agus teanga agus teiripeoirí saothair; agus

(d) rochtain ar mhaoiniú le haghaidh na teicneolaíochta oiriúnaithí nó baill foirne bhreise.

Spreagtar naíonraí chun timpeallachtaí a chruthú atá inrochtana go fisiciúil agus ina gcuirtear rannpháirtíocht gach linbh chun cinn. Cuimsítear leis sin úsáid ábhar ionchuimsitheach, trealaimh speisialaithe, agus teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha cuí ag céimeanna forbartha éagsúla. Cuimsítear leis sin spásanna atá oiriúnach do dhaoine a bhfuil deacrachtaí céadfacha acu, ábhair ionchuimsitheacha agus trealamh atá oiriúnach do chéimeanna forbartha éagsúla.

Cuirtear béim sa tsamhail ar an gceart atá ag gach leanbh a bheith rannpháirteach san oideachas réamhscoile taobh le leanaí eile i dtimpeallacht ionchuimsitheach seachas leanaí faoi mhíchumas a scaradh amach. Is ann do sheacht leibhéal tacaíochta laistigh den scéim chun freastal ar riachtanais éagsúla leanaí agus naíonraí:

- Leibhéal 1: Cultúr ionchuimsitheach. Dírítear ann ar bheartais agus ar chleachtais ionchuimsitheacha a chruthú ar leibhéal an naíonra, trí thionscnaimh amhail oiliúint a

chur ar oideoirí naíonra le bheith ina gComhordaitheoirí Ionchuimsithe inseirbhíse ag a bhfuil cáilíocht ardoideachais sainchuspóra Leibhéal 6 ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann sa Cheannaireacht um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC).

- Leibhéal 2: Faisnéis do thuismitheoirí agus do sholáthraithe. Cuirtear treoraíocht agus acmhainní ar fáil chun cabhrú le naíonraí agus le teaghlaigh a mbealach a dhéanamh trí na tacaíochtaí agus na seirbhísí.
- Leibhéal 3: Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Cuirtear oiliúint speisialaithe ar fáil do bhaill foirne na naíonraí chun feabhas a chur ar a scileanna chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais éagsúla acu.
- Leibhéal 4: Comhairle agus tacaíocht ó shaineolaithe. Cuimsítear leis rochtain ar speisialtóirí sna luathbhlianta a chuireann comhairle shaincheaptha ar naíonraí.
- Leibhéal 5: Trealamh agus mionathruithe. Bíonn deontais airgeadais ar fáil do naíonraí le haghaidh trealamh oiriúnaitheach nó chun athruithe beaga a dhéanamh ar na háiseanna.
- Leibhéal 6: Idirghabháil theiripeach: Ar an leibhéal seo, soláthraítear rochtain ar sheirbhísí teiripeacha i gcás ina bhfuil géarghá leo chun gur féidir an leanbh a chlárú sa chlár ECCE agus chun gur féidir leis páirt iomlán a ghlacadh ann.
- Leibhéal 7: Soláthraítear maoiniú breise do shuíomhanna foghlama agus cúraim luath-óige ina bhfuil leanbh óna bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil. Is féidir le soláthraithe an maoiniú sin a úsáid chun an cóimheas idir leanaí agus daoine fásta sa seomra naíonra a laghdú nó chun íoc as oideoir luathbhlianta breise mar acmhainn chomhroinnte le leanaí eile sa suíomh ECCE.

Cuirtear AIM chun feidhme trí chomhoibriú idir tuismitheoirí, naíonraí agus speisialtóirí, mar shampla speisialtóirí sna luathbhlianta ó Thús Níos Fearr, FSS, agus gníomhaireachtaí ábhartha eile. Cuirtear na tacaíochtaí in oiriúint don leanbh ar leith agus don naíonra ar leith de réir riachtanais mheasúnaithe. Bíonn tacaíochtaí ar fáil fiú amháin i gcás nach bhfuil diagnóis fhoirmiúil déanta, rud a chinntíonn idirghabháil luath agus inrochtaineacht.

Is iomaí tairbhe a bhaineann leis an gclár seo, mar shampla cuirtear chun cinn an t-ionchuimsiú agus an cothromas do gach leanbh, agus cuirtear feabhas san am céanna ar thorthaí forbartha do leanaí atá faoi mhíchumas.  Mar sin féin, in athbhreithniú a rinneadh ar chlár AIM, sainaithníodh dúshláin áirithe ó thaobh a chur chun feidhme de, mar shampla earcú agus coinneáil oideoirí luathbhlianta, maoiniú, imní ar thuismitheoirí faoi chlárú in AIM, rochtain ar ghairmithe speisialaithe, agus forbairt ghairmiúil leanúnach d'oideoirí luathbhlianta (RLCMLÓ, 2024). Tá plean gníomhaíochta forbartha ag AIM chun freagairt do réimsí inar féidir feabhas a bhaint amach, mar shampla feasacht ar AIM a mhúscailt, cur níos mó le hacmhainneacht agus le muinín na n-oideoirí agus na soláthraithe chun tacú le leanaí a bhfuil uathachas orthu, agus an próiseas iarratais le haghaidh trealaimh, fearas, agus athruithe beaga a chuíchóiriú. Tá cur chuige céimnithe curtha chun feidhme ag AIM ó rinneadh an mheastóireacht chun na dúshláin a sainaithníodh a shárú. Tá breis faisnéise le fáil ar shuíomh gréasáin AIM agus i ndoiciméid eile ón rialtas, mar shampla freagraí ar cheisteanna parlaiminte (féach Aguisín A).

Chomh maith le AIM, is ann do straitéisí eile a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach i gcomhthéacs an ionchuimsithe, mar shampla:

- Tús Cothrom: Samhail chun tacú le rochtain agus rannpháirtíocht sa luathfhoghlaim agus sa chúram leanaí do gach leanbh, agus

- Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile, 2022-2028.

**Clár LINC**

Is tionscnamh náisiúnta oiliúna in Éirinn é an Clár Ceannaireachta um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC) a thacaíonn leis an gcleachtas ionchuimsitheach i suíomhanna luath-óige (Clár LINC, 2025). Ní dhéantar iniúchadh ar LINC ná measúnú ar an rannpháirtíocht ann sa staidéar seo, áfach, agus ní thagraítear dó ach chun comhthéacs a thabhairt do ghort níos leithne na dtacaíochtaí ionchuimsithe atá ar fáil d'oideoirí. Is dámhachtain cuspóra speisialta Leibhéal 6 é LINC agus is dámhachtain saor in aisce pháirtaimseartha atá sa chlár. An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) a mhaoiníonn an clár, agus bíonn sé á sheachadadh ag cuibhreannas ina gcuimsítear Coláiste Mhuire gan Smál (CMgS), Early Childhood Ireland, agus Ollscoil Mhá Nuad (Roinn Froebel). Ag deireadh an chúrsa, bíonn na scileanna ag an gcomhordaitheoir LINC cleachtais ionchuimsitheacha a stiúradh ina shuíomh, tacú le rannpháirtíocht leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus rochtain ar chlár AIM a éascú. I measc bhuntáistí an chláir, cuirtear feabhas ar an gceannaireacht agus ar an oideolaíocht ionchuimsitheach, bronntar stádas Leibhéal 1 AIM ar shuíomhanna rannpháirteacha, rud a d'fhéadfadh a bheith cabhrach agus tacaíochtaí á n-iarraidh, agus cuirtear chun cinn cur chuige suímh uile i leith an ionchuimsithe.

**Rochtain ar mheasúnú ar riachtanas agus ar idirghabhálacha**

Faoin Acht um Míchumas, 2005 (Rialtas na hÉireann, 2005), tá leanaí in Éirinn i dteideal Measúnú ar Riachtanas laistigh de thréimhse reachtúil (3 mhí chun tús a chur leis an measúnú agus 6 mhí chun an measúnú a chur i gcrích) (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), 2025). Mar sin féin, sáraítear na tréimhsí sin go rialta (an tOmbudsman do Leanaí, 2020, 2022). Is ábhar imní leanúnach le fada an lá i bPoblacht na hÉireann atá sa rochtain ar an measúnú ar

riachtanas agus sa mhoill ar idirghabhálacha le haghaidh leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, leanaí i naíonraí in Éirinn ina measc. I dtuarascáil leis an Ombudsman do Leanaí (2022), sonraíodh gur sáraíodh an tréimhse reachtúil i gcás 92% de mheasúnuithe, rud a chuir moill go minic ar thacaíochtaí ríthábhachtacha mar shampla teiripe urlabhra agus theanga, teiripe shaothair, agus seirbhísí síceolaíochta. Tá idirghabháil luath ríthábhachtach sna blianta réamhscoile, ach bíonn teorainn mhór ar a héifeachtacht de bharr am feithimh le haghaidh diagnóise agus seirbhísí.

I gcás leanaí i naíonraí lán-Ghaeilge, bíonn an rochtain ar mheasúnú níos teoranta arís mar ní ann do mhórán gairmithe a bhfuil Gaeilge acu, agus is ar éigean atá fáil ar uirlisí measúnaithe caighdeánaithe i nGaeilge. Bíonn moilleanna breise ina dtoradh air sin mar aon le measúnuithe míchruinne ar riachtanais leanaí. I dtuarascáil POBAL (Ní Chinnéide, 2009) ar an ionchuimsiú i naíonraí lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, sonraíodh gur mhinic nach raibh tuiscint cheart ag gairmithe ar an tumoideachas, rud a bhí ina chúis le mídhiagnóis nó le tearc-atreorú. Ní dhéantar iniúchadh ná measúnú ar éifeachtacht phróiseas an mheasúnaithe ar riachtanais sa staidéar seo, agus ní thagraítear dó ach chun comhthéacs a thabhairt do ghort níos leithne na dtacaíochtaí ionchuimsithe atá ar fáil d'oideoirí.

**Naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht**

Bíonn ról ríthábhachtach ag naíonraí lán-Ghaeilge chun an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn i measc leanaí óga i bPoblacht na hÉireann (Gaeloideachas, 2025; Mhic Mathúna, 1999; Mhic Mhathúna & Mac Con Iomaire, 2022). Cuirtear oideachas luath-óige ar fáil sna naíonraí sin go hiomlán trí Ghaeilge nó trí Ghaeilge agus trí Bhéarla le chéile, rud a chothaíonn an dátheangachas ó aois óg. Sna suíomhanna sin, bíonn an teanga á sealbhú ag leanaí ar bhealach nádúrtha trí shúgradh, scéalaíocht, amhráin, agus comhráite laethúla. Ní gá aon eolas ar an nGaeilge a bheith ag leanaí roimh ré chun freastal ar naíonra lán-Ghaeilge, rug a fhágann go mbíonn an naíonra ar fáil do theaghlaigh ó chúlraí teanga éagsúla. Ar aon dul

le naíonraí Béarla, cloíonn na naíonraí lán-Ghaeilge le creatchuraclam Aistear a bhfuil achoimre air thuas (CNCM, 2024) ina gcuirtear béim ar an bhfoghlaim shúgradhbhunaithe iomlánaíoch trí théamaí amhail folláine, féiniúlacht agus muintearas; cumarsáid; agus taiscéalaíocht agus smaointeoireacht. Cuirtear gníomhaíochtaí laistigh den churaclam in oiriúint chun an fhorbairt teanga, shóisialta, mhothúchánach agus chognaíoch a chur chun cinn.

**Teagasc trí Mhionteanga**

Is gá do na hoideoirí sa naíonra lán-Ghaeilge pleanáil don fhorbairt teanga chun a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge á foghlaim ag na leanaí sa naíonra (Hickey 1997). Tugtar le tuiscint freisin go bhfuil riar scileanna ar leith ag teastáil ó oideoirí sa suíomh sin agus iad ag teagasc trí mhionteanga (Andrews, 2006, lch. 33). Go sonrach, (a) ní mór dóibh a bheith eolach ar chlár teanga an naíonra agus ar an ord inar cheart an teanga a theagasc; (b) ní mór tuiscint a bheith acu ar a thábhachtaí atá sé leideanna neamhbhriathartha a úsáid chun an teanga a theagasc; (c) ní mór dóibh deiseanna a chruthú chun an teanga a athchleachtadh; agus (d) ní mór dóibh cothromaíocht ó thaobh teanga de a chinntiú idir teanga atá ar leibhéal tuisceana na leanaí agus teanga atá beagán níos dúshlánaí. Thairis sin, tugtar le tuiscint go mbíonn tuiscint dhomhain de díth ar na hoideoirí sin ar chéimeanna agus ar phróisis foghlama an dara teanga, mar aon le tuiscint dhomhain ar oideolaíochtaí cuí le haghaidh na luathbhlianta (Mhic Mhathúna, 2009, lch 306). Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn an leibhéal ionchuir teanga i zón neasfhorbartha (Irshad et al., 2021) an linbh le cinntiú nach gcuirtear dúshlán rómhór roimhe.

Mar a léiríodh thuas, sainaithníodh roinnt tosca a théann i bhfeidhm ar thorthaí leanaí i naíonraí tumoideachais ar fud na cruinne. Ar dtús, teastaíonn nochtadh ardchaighdeáin comhsheasmhach don spriocteanga ó na leanaí sna suíomhanna sin. Chun an nochtadh ardchaighdeáin sin a bhaint amach, ní mór na hinniúlachtaí riachtanacha sa spriocteanga a bheith ag na daoine atá ag obair sa suíomh, mar aon le tuiscint mhaith ar oideolaíochtaí

riachtanacha an tumoideachais chun an sprioctheanga a theagasc. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag gach oideoir ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus ar thacaíocht ó thaobh curaclaim de.

**Buntáistí an naíonra lán-Ghaeilge agus rogha na dtuismitheoirí**

Tháinig sé chun cinn sa taighde go mbíonn buntáistí ag an naíonra lán-Ghaeilge do leanaí i dtéarmaí forbairt shóisialta, forbairt chognaíoch, agus an dátheangachais (Mhic Mhathúna, 1999; Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich, 2021). Ach leanaí a nochtadh do thraidisiúin, amhráin, scéalta agus nósanna Gaelacha, cothaítear dlúthchaidreamh leis an oidhreacht Ghaelach agus forbraítear feasacht chultúrtha na leanaí (Mhic Mhathúna, 2008). Is minic a bhíonn naíonraí lán-Ghaeilge ina n-ionaid do phobail Ghaeilge, rud a spreagann teaghlaigh an teanga a úsáid agus a bheith páirteach sa chultúr lasmuigh den naíonra féin (Hickey, 2020).

Fuarthas amach sa taighde go roghnaíonn mórán tuismitheoirí a leanbh a chlárú i naíonra lán-Ghaeilge mar gheall ar na buntáistí sin agus mar gheall go bhfuil spéis acu féin sa Ghaeilge (tá spéis phearsanta ag na tuismitheoirí nó teastaíonn uathu go bhfoghlaimeoidh a leanbh an Ghaeilge). Cúiseanna eile a spreag iad ná go raibh sé i gceist acu a leanbh a chur chuig bunscoil lán-Ghaeilge, agus dea-cháil an naíonra (Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich, 2021). I staidéar a rinne Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich (2021), fuarthas amach go raibh sé i gceist ag 94% de thuismitheoirí a leanbh a chur chuig bunscoil lán-Ghaeilge tar éis an naíonra. Cúis amháin a bhí leis sin ná gur fhreastail cuid mhór de na tuismitheoirí féin ar scoil lán-Ghaeilge (21% ag leibhéal na bunscoile, 19% ag leibhéal na hiar-bhunscoile). Is léiriú é sin ar an bhfonn láidir comhleanúnachais san oideachas lán-Ghaeilge. Cuirtear timpeallacht bheoga saibhriúcháin ar fáil i naíonraí lán-Ghaeilge inar féidir le leanaí grá don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach a fhorbairt. Ach an dátheangachas agus an fheasacht chultúrtha a chothú,

rannchuidíonn naíonraí lán-Ghaeilge le caomhnú agus le fás na Gaeilge, agus leagann siad an bhunchloch don fhoghlaim ar feadh an tsaoil san am céanna.

**An líon naíonraí lán-Ghaeilge**

Thug an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ, 2023) faoi shuirbhé ar an soláthar lán-Ghaeilge i suíomhanna cúraim na luath-óige agus cúraim leanaí in aois scoile. Úsáideadh an suirbhé sin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme plean gníomhaíochta cúig bliana a foilsíodh in 2018 inar cuimsíodh sraith gealltanas a bhaineann leis an soláthar Gaeilge i suíomhanna cúraim luath-óige agus cúraim leanaí in aois scoile. I gcomhthéacs an tsuirbhé agus na tuarascála le RLCMLÓ, sainmhínítear suíomh lán-Ghaeilge mar shuíomh ina mbíonn an caidreamh go léir leis na leanaí i nGaeilge (lch 7).

Ar na 283 shuíomh ionad-bhunaithe (i bPoblacht na hÉireann) a thuairiscigh go mbíonn roinnt Gaeilge ar a laghad in úsáid acu, rinne 132 shuíomh cur síos orthu féin mar shuíomhanna lán-Ghaeilge, rinne 71 suíomh cur síos orthu féin mar shuíomhanna measctha, agus rinne 80 suíomh cur síos orthu féin mar shuíomhanna Béarla ina mbíonn roinnt Gaeilge in úsáid. Is sa Ghaeltacht atá formhór na suíomhanna a rinne cur síos orthu féin mar shuíomhanna lán-Ghaeilge (is suíomhanna lán-Ghaeilge ar fad iad 79 den 92 shuíomh sin). Lasmuigh den Ghaeltacht, is lú an líon suíomhanna a fheidhmíonn go hiomlán trí Ghaeilge, agus níor thuairiscigh ach 53 shuíomh as 192 go bhfuil an tsamhail sin in úsáid acu. Tuairiscítear i dtorthaí an staidéir go mbíonn samhail mheasctha i bhfeidhm i gcuid mhór suíomhanna lasmuigh den Ghaeltacht (63 as an 192 shuíomh) nó go mbíonn roinnt Gaeilge in úsáid i suíomh Béarla (76 as an 192 shuíomh). Tuairiscíodh sa tuarascáil nárbh fhéidir rannpháirtíocht ó gach suíomh Gaeilge (idir shuíomhanna lán-Ghaeilge agus suíomhanna measctha) a chinntiú. Mar sin, cé gur cuireadh sonraí luachmhara ar fáil maidir leis an soláthar lán-Ghaeilge, ní thugtar léargas náisiúnta iomlán ar fhorleithne an chineáil oideachais sin.

**Oideachas réamhscoile lán-Ghaeilge do leanaí a bhfuil RSO acu i dTuaisceart Éireann**

Cuimsítear leis an tuarascáil taighde *The Special Educational Needs of Bilingual (Irish-English) Children* (Ní Chinnéide, 2009) iniúchadh mionsonraithe ar an oideachas réamhscoile san earnáil lán-Ghaeilge atá dírithe ar fhreastal ar riachtanais na leanaí a bhfuil RSO acu. Measadh gurbh ann do ráta leitheadúlachta tuairim is 5% de RSO i measc leanaí i naíonraí lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann an tráth sin. Deacrachtaí urlabhra agus teanga a bhí ar an gcatagóir ba mhó a tuairiscíodh (59%). Breacéisteacht a bhí ar an dara catagóir ba mhó a tuairiscíodh (13%). Liostaíodh neamhord de chuid speictream an uathachais[1], deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta, agus eile sa tríú háit (8%), agus liostaíodh deacrachtaí fisiciúla (4%) sa cheathrú háit.

An tráth sin, shonraigh 39% d'oideoirí go raibh leibhéal an tsoláthair oideachais speisialta sásúil. Bhain formhór na dtagairtí do na gnéithe dearfacha le tacaíocht sheachtrach a bheith ar fáil (67%), dúthracht na n-oideoirí (11%), an tacaíocht idir scoileanna lán-Ghaeilge (11%) agus tacaíocht ó thuismitheoirí (11%). Mar sin féin, mheas na rannpháirtithe gur mhíshásúil a bhí gnéithe eile den soláthar do RSO i naíonraí lán-Ghaeilge. Orthu sin, bhí an easpa oideoirí cáilithe a bhfuil Gaeilge acu (20%) agus an easpa soláthar cuí atá ar fáil (20%). Ar na gnéithe eile ar tagraíodh dóibh, bhí easpa tacaíocht sheachtrach (13%), easpa faisnéise (13%), easpa oiliúna d'oideoirí (7%), gan measúnú a bheith ar fáil ach i mBéarla amháin (7%), easpa acmhainní (7%), easpa seirbhísí i nGaeilge (7%) agus easpa maoinithe (6%) (Ní Chinnéide, 2009, lch 135).

Dúshlán amháin a shainaithin páirtithe san earnáil ag an am ná a dheacra a bhíonn sé teacht ar oideoirí ag a bhfuil cáilíochtaí cúraim leanaí agus inniúlacht sa Ghaeilge araon. Bhí athruithe móra ó thaobh oideoirí de le sonrú in go leor naíonraí, rud a chuir isteach ar an

[1] Tá soiléiriú agus réasúnaíocht maidir leis na téarmaí a úsáidtear sa tuarascáil seo le fáil in Aguisín A.

leanúnachas agus ar an bpleanáil fhadtéarmach le haghaidh RSO. Anuas air sin, ní raibh ach rochtain theoranta ar an bhforbairt ghairmiúil in RSO ag oideoirí na naíonraí, go háirithe oiliúint a bhí curtha in oiriúint do shuíomhanna lán-Ghaeilge. Bhí ganntanas acmhainní oiriúnacha ann freisin, ábhair oideachais i nGaeilge, socruithe cuí agus maoiniú ina measc. Tá géarghá le hoideoirí breise agus rochtain níos fearr ar sheirbhísí tacaíochta, go háirithe le haghaidh naíonraí lán-Ghaeilge deonacha nach féidir leo seirbhísí an Bhoird Oideachais agus Leabharlann a rochtain. Bhí meas ag tuismitheoirí ar iarrachtaí na n-oideoirí sna naíonraí, agus shonraigh siad go raibh imní orthu maidir leis an easpa treoraíocht fheasach agus iad ag déileáil le RSO san oideachas lán-Ghaeilge. Mhol gairmithe do thuismitheoirí áirithe gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge mar gheall ar RSO a linbh, rud a bhí ina ábhar míshásaimh agus ina chúis le díchumhachtú.

**Riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) oideoirí luathbhlianta i naíonraí lán-Ghaeilge**

Cruthaíodh roinnt creataí go hidirnáisiúnta chun cláir forbartha gairmiúla nó oideachais múinteoirí a fhorbairt do mhúinteoirí tumoideachais. Rinneadh formhór an taighde sin le haghaidh múinteoirí tumoideachais bunscoile nó iar-bhunscoile. Mar shampla, san oideachas trí Mhaorais (May, Hill & Tiakwai, 2004, lch 125), cuimsítear leis na gnéithe bunriachtanacha den oideachas agus den oiliúint a sainaithníodh do mhúinteoirí tumoideachais (a) teoiric agus taighde an dátheangachais, (b) an clár dátheangach a bhíonn in úsáid ag an scoil, (c) sealbhú agus forbairt an dara teanga, (d) straitéisí teagaisc i bhforbairt an dara teanga, (e) oiliúint sa chothromas ilchultúrtha agus oideachais, agus (f) straitéisí comharfhoghlama.

Agus cúrsa FGL á dhearadh do mhúinteoirí oideachais speisialta dhátheangaigh, moltar gur cheart d'fhorbairt ghairmiúil le haghaidh múinteoirí oideachais speisialta dhátheangaigh deiseanna a thabhairt do rannpháirtithe eolas teoiriciúil agus praiticiúil a shealbhú ar an oideachas dátheangach agus ar an dátheangachas (Rodriguez, 2005; Rodriguez & Carrasquillo,

1997). Ba cheart léiriú a thabhairt ann ar conas réimse modhanna agus uirlisí measúnaithe a shainaithint agus a úsáid. Ina theannta sin, ní mór do mhúinteoirí tacar scileanna a shealbhú i dtéarmaí pleanála agus teagaisc i suíomh oideachais dhátheangaigh, feasacht a fhorbairt ar éagsúlacht chultúrtha agus teanga an dalta, agus na scileanna a shealbhú a chuirfeadh ar a gcumas dóibh dul chun cinn a dhéanamh i ngairm an mhúinteora. Tá an méid sin ag teacht le taighde eile ina dtugtar le tuiscint gur gá do mhúinteoirí i suíomhanna tumoideachais a gcuid eolais a fhorbairt i réimsí amhail an teoiric a bhaineann le sealbhú dara teanga, measúnú, oideolaíochtaí le haghaidh an teagaisc tríd an dara teanga, agus taighde sa chomhthéacs sin (Cammarata & Tedick, 2012; May, 2013).

Fuarthas amach i roinnt staidéar go mbíonn deacrachtaí ag scoileanna tumoideachais múinteoirí a earcú atá líofa i dteanga theagaisc na scoile, a bhfuil an oiliúint chuí orthu agus a bhfuil an creidiúnú cuí acu (Stiles, 1997). I gcomhthéacs an oideachais dhátheangaigh nó an tumoideachais go hidirnáisiúnta, ní ann do mhórán cúrsaí ina ndírítear ar mhúinteoirí a ullmhú chun leanaí dátheangacha a bhfuil RSO acu a theagasc. Dá bhrí sin, cruthaítear "major challenges for policymakers, minority language immersion schools, and ITE [oiliúint tosaigh múinteoirí] providers, who share the responsibility for the preparation, recruitment and support of suitably qualified teachers for these schools" (Ó Grádaigh, 2015, lch. 168). Dúshlán a aithníodh san oideachas lán-Ghaeilge is ea "providing well-trained and linguistically competent teachers is a central priority as they form the backbone of the immersion experience […] A more coherent and wide-ranging programme of training needs to be put in place at several third-level institutions" (Ó Baoill, 2007, lch 423). Dá bhrí sin, i ndáil le naíonraí lán-Ghaeilge, tugadh le tuiscint gur gá conair níos struchtúrtha a fhorbairt le haghaidh oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge laistigh de chláir oiliúna tosaigh fochéime (Nig Uidhir, 2006).

Is beag taighde a rinneadh ar riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, go háirithe i ndáil le RSO. Féachadh i suirbhé le

RLCMLÓ (2023) chun riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge a shainaithint, ach níor bhain an suirbhé sin leis an oideachas speisialta go sonrach. Sa suirbhé le RLCMLÓ (2023, lch 12), iarradh ar shuíomhanna a dtuairimí ar a úsáidí atá pobail chleachtais a rangú ("Chun úsáid na Gaeilge a fheabhsú sa chaidreamh laethúil leis na leanaí, cé hiad na Pobail Chleachtais is úsáidí daoibh?"). Tugtar le tuiscint leis na torthaí go ndearna 18% ar an iomlán de na freagróirí ionad-bhunaithe (i gceantair Ghaeltachta agus lasmuigh den Ghaeltacht) pobail chleachtais a rangú mar a bheith ar an ngné is úsáidí i gcomparáid le 16% de na freagraí inar sonraíodh gurb iad is lú úsáid. Sna ceisteanna oscailte, tuairiscíodh go mbíonn spéis ag freagróirí deiseanna a fháil chun teacht le chéile ar bhonn aghaidh ar aghaidh agus ar líne le hoideoirí eile. Ar na réimsí spéise a sainaithníodh, bhí sealbhú teanga, idirghníomhaíochtaí trí Ghaeilge, dúshláin agus eispéiris le cainteoirí líofa Gaeilge, agus deis chun smaointe faoin gcleachtas a chomhroinnt. Sonraíodh freisin an luach a bhí ar phobail chleachtais a fhorbairt chun tacú le tuismitheoirí.

Féachadh leis an suirbhé freisin freagra a fháil ar an gceist: "Chun úsáid na Gaeilge a fheabhsú sa chaidreamh laethúil leis na leanaí, cé hiad na deiseanna oiliúna nó CPD [FGL] is úsáidí daoibh?" (RLCMLÓ, 2023, lch 13). Thuairiscigh na suíomhanna ar fad (idir shuíomhanna sa Ghaeltacht agus suíomhanna lasmuigh den Ghaeltacht) gurbh iad deiseanna FGL agus oiliúna ab úsáidí. Shonraigh 28% de na suíomhanna ionad-bhunaithe gurbh iad ab úsáidí, agus shonraigh 15% díobh gurbh iad ba lú úsáid. Mar sin féin, ba ann do riachtanais éagsúla i ndáil leis na comhthéacsanna oideachais nuair a rinneadh anailís bhreise ar na torthaí sin. Fuarthas amach gur mheas na suíomhanna lasmuigh den Ghaeltacht gurbh úsáidí an gá le breis deiseanna FGL agus oiliúna (36%) i gcomparáid le 1% de shuíomhanna sa Ghaeltacht. Ba iad seo a leanas na riachtanais FGL a shainaithin na rannpháirtithe sna ceisteanna oscailte (RLCMLÓ, lch 13):

(a) na deiseanna FGL agus oiliúna atá ar fáil i mBéarla faoi láthair a chur ar fáil i nGaeilge freisin, go háirithe cúrsaí FGL Na Chéad 5, chomh maith le Lámh, Hanen, Garchabhair, agus Láimhsiú Sábháilte; agus

(b) Moladh cúrsaí Gaeilge ar leibhéil éagsúla ar a n-áireofaí comhrá Gaeilge, ranganna Gaeilge d'oideoirí féideartha mar aon le ceachtanna gramadaí, agus tumadh sa Ghaeilge.

**Acmhainní agus tacaíochtaí trí Ghaeilge**

Sa suirbhé le RLCMLÓ (2023), cuireadh ceist ar na suíomhanna lán-Ghaeilge faoin soláthar acmhainní Gaeilge. Ba í seo an cheist a cuireadh sa suirbhé: "Chun úsáid na Gaeilge a fheabhsú sa chaidreamh laethúil leis na leanaí, cé hiad na hacmhainní is úsáidí daoibh?". As na freagraí ar fad (idir shuíomhanna sa Ghaeltacht agus suíomhanna lasmuigh den Ghaeltacht), shonraigh 39% de na freagróirí ionad-bhunaithe gurbh iad acmhainní ab úsáidí, agus shonraigh 14% gurbh iad ba lú úsáid. Mar sin féin, níorbh ionann na freagraí ó shuíomhanna sa Ghaeltacht agus ó shuíomhanna lasmuigh den Ghaeltacht. Mar shampla, measann 14% de shuíomhanna Gaeltachta go bhfuil acmhainní ar an rud is tábhachtaí, ach measann 49% de shuíomhanna lasmuigh den Ghaeltacht go bhfuil siad ar an rud is tábhachtaí. Léiríodh sna freagraí oscailte go raibh fonn mór ar rannpháirtithe go gcuirfí leagan Gaeilge ar fáil den na hacmhainní atá ar fáil i mBéarla faoi láthair ar shuíomh gréasáin Na Chéad 5. Shainaithin na rannpháirtithe réimse leathan riachtanas ó thaobh acmhainní de, lena n-áirítear leabhair, póstaeir, nathanna coitianta agus treoracha foghraíochta, cluichí, amhráin, rannta, agus spléach-chártaí, agus cuireadh béim ar na hacmhainní sin a chur ar fáil i gcanúintí éagsúla na Gaeilge. Chuir na suíomhanna béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainní atá deartha go sonrach le haghaidh tuismitheoirí, mar shampla:

- Pacáistí faisnéise ina bhfuil ábhair Ghaeilge (leabhair, póstaeir, nathanna, cluichí, amhráin, rannta, ceol agus dlúthdhioscaí),

- Leabhráin ina mínítear an chaoi a mbíonn leanaí ag foghlaim na Gaeilge,
- Treoraíocht maidir leis an tumoideachas,
- Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí, agus
- Moltaí praiticiúla chun úsáid a bhaint as an teanga le leanaí óga sa bhaile.

Faoin gcatagóir "Tacaíochtaí eile", sonraíodh i gcuid mhór de na freagraí roinnt de na téamaí a luadh cheana, rud a chuireann béim ar an ngá le rannpháirtíocht an phobail agus le comhoibriú. Ar na moltaí, bhí:

- Cuairteanna ó chainteoirí líofa Gaeilge,
- Meantóireacht ó éascaitheoirí a bhfuil seantaithí acu,
- Imeachtaí amhail seisiúin scéalaíochta agus seónna puipéad, agus
- Tacaíocht do thuismitheoirí a bhfuil a gclann á tógáil trí Ghaeilge acu, lena n-áirítear ranganna Gaeilge chun cabhrú leo a stór focal a leathnú.

Earcú oideoirí atá inniúil sa Ghaeilge agus deiseanna oiliúna d'oideoirí ar mian leo dul ag obair trí Ghaeilge, ba thosaíochtaí iad a luadh arís agus arís eile. Ar mholtaí eile a rinneadh, bhí soláthar laethanta inseirbhíse chun líonrú idir piaraí a chur chun cinn agus cúrsaí oiliúna creidiúnaithe a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Rud atá tábhachtach ná gur luadh i gcuid mhór freagraí a thábhachtaí a bhí an gá le tuismitheoirí a chur san áireamh nuair a fhéachtar ar na riachtanais tacaíochta ar fud seirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige, cúraim leanaí in aois scoile, agus feighlíochta leanaí. Léirítear go soiléir sna torthaí nach iad na suíomhanna luathfhoghlama ná feighlithe leanaí amháin atá freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn: ní mór do theaghlaigh agus don phobal níos forleithne a bheith rannpháirteach in iarracht chuimsitheach chomhoibríoch freisin.

**Tionchar COVID ar fhorbairt leanaí**

Chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar oideachas agus ar chúram na luath-óige ar fud an domhain. Bhí leanaí in aois réamhscoile ag céim ríthábhachtach forbartha, rud a d'fhág go raibh siad thar a bheith leochaileach i leith éifeachtaí na dianghlasála, an scartha shóisialta, agus na rochtana srianta ar shuíomhanna. Réimse amháin a raibh drochthionchar ag an bpaindéim air ná forbairt shóisialta agus mhothúchánach leanaí de dheasca líon níos lú deiseanna idirghníomhaíochta. Toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin is ea moill ar fhorbairt scileanna sóisialta, mar shampla sealaíocht, ionbhá, agus réiteach aighnis. Ón bpaindéim i leith, léiríonn cuid mhór leanaí cúthaileacht, imní, agus éilitheacht níos mó agus iad ag filleadh ar shuíomhanna ina bhfuil grúpaí. Tá sé léirithe i staidéir éagsúla go bhfuil méadú tagtha ar dheacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta, go háirithe i measc leanaí faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra de (Ng & Ng, 2021). Bhí tionchar diúltach ag an bpaindéim ar fhorbairt scileanna teanga agus cumarsáide roinnt leanaí chomh maith. Cuireadh isteach ar an bhforbairt teanga de dheasca idirghníomhú cainte teoranta le piaraí agus le hoideoirí, go háirithe le haghaidh leanaí i suíomhanna dátheangacha amhail naíonraí lán-Ghaeilge. Fuarthas amach i staidéar a rinneadh sa Ríocht Aontaithe gur tháinig fás níos lú ar stór focal leanaí i rith na paindéime, go háirithe i dteaghlaigh nach é an Béarla an phríomhtheanga acu (Education Endowment Fund, 2021). Cuireadh as don fhoghlaim struchtúrtha agus tháinig laghdú ar bhfoghlaim shúgradhbhunaithe, rud a chuir isteach ar scileanna bunúsacha sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa réiteach fadhbanna. Ina theannta sin, tugadh le tuiscint sa taighde gur léirigh leanaí áirithe cúlú ó thaobh achar airde, cuimhne agus feidhmiú feidhmiúcháin de, mar a sonraíodh i dtuarascálacha le gairmithe i réimse na luathbhlianta (Barnett & Jung, 2021). Tháinig meath ar an ngníomhaíocht coirp a bhí á déanamh ag leanaí freisin de bharr na srianta ar an súgradh amuigh faoin aer agus toisc gur dúnadh páirceanna súgartha. Mar thoradh air sin, tháinig moill ar scileanna oll-luaile amhail comhordú agus cothromaíocht, go háirithe i limistéir

uirbeacha nach bhfuil spásanna amuigh faoin aer iontu (UNICEF, 2021). Ba mhó arís na míchothromaíochtaí i gcás leanaí ó theaghlaigh ar ioncam níos ísle mar cuireadh isteach go díréireach orthu sin toisc gur lú an rochtain a bhí acu ar an bhfoghlaim dhigiteach, gur lú na hacmhainní sa bhaile acu, agus gur lú an t-am arbh fhéidir le tuismitheoirí caitheamh leo mar gheall go raibh obair ríthábhachtach ar siúl acu. Ba mhinic a chaill grúpaí leochaileacha, amhail leanaí a bhfuil RSO acu, rochtain ar idirghabhálacha luatha agus tháinig méadú eile ar an mbearna forbartha dá thoradh sin (UNICEF, 2021).

**Buntáistí an dátheangachais do leanaí sna luathbhlianta**

Tá réimse buntáistí cognaíocha, teanga, sóisialta agus cultúrtha ag baint leis an dátheangachas agus leis an tumoideachas sna luathbhlianta. Is maith a bhíonn leanaí óga in ann teangacha éagsúla a shealbhú mar thoradh ar néaraplaisteacht a n-inchinne atá i mbun forbartha, agus chuireann an néaraplaisteacht sin ar a gcumas dóibh bunús láidir sa dá theanga a fhorbairt tríd an bhfoghlaim shúgradhbhunaithe nádúraíoch (Petitto et al., 2001). Léirítear sa taighde gur minic a bhíonn feasacht mheititheangeolaíoch, scileanna réitithe fadhbanna, agus solúbthacht chognaíoch níos fearr ag leanaí dátheangacha, agus tá baint acu sin le feidhmiú feidhmiúcháin níos fearr (Bialystok, 2009). Maidir le leanaí sa tumoideachas, go háirithe i gcomhthéacsanna mionteanga amhail suíomhanna lán-Ghaeilge, tacaíonn nochtadh luath le forbairt láidir sa teanga ó bhéal sa spriocteanga fad is a dhéantar an leibhéal feidhmíochta sa mhórtheanga a chaomhnú nó a fheabhsú, fiú amháin (Cummins, 2000; Ó Duibhir, 2018). Rud atá tábhachtach ná nach mbíonn leanaí a bhfuil RSO acu faoi mhíbhuntáiste de thoradh an dátheangachais. Os a choinne sin, leanaí a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais, siondróm Down agus laguithe teanga orthu, tá sé léirithe i staidéir go mbíonn rath orthu i dtimpeallachtaí dátheangacha gan éifeachtaí diúltacha ar thorthaí teanga ná cognaíocha (Hambly & Fombonne, 2012; Kay-Raining Bird et al., 2005; Kay-Raining Bird et al., 2016). D’fhéadfadh an dátheangachas ionchuimsiú sóisialta, féiniúlacht chultúrtha, agus aontacht teaghlaigh níos mó

a chothú, go háirithe i gcás ina dtacaítear le teanga bhaile an linbh (De Houwer, 2009). Léirítear leis na torthaí sin a thábhachtaí atá sé tacú leis an tumoideachas agus leis an oideachas dátheangach ó aois an-óg do gach aon leanbh, leanaí a bhfuil RSO acu ina measc.

**Míthuiscintí faoin dátheangachas**

In ainneoin an mhéadaithe ar an taighde ina moltar an dátheangachas do leanaí a bhfuil RSO acu, chuir gairmithe áirithe, síceolaithe oideachais agus teiripeoirí urlabhra agus teanga ina measc, fainic ar thuismitheoirí ina leith san am a chuaigh thart. Is minic a bhíonn imní ann mar creidtear go bhféadfadh an dátheangachas mearbhall a chur ar dhaoine nó moill a chur ar an bhforbairt teanga, go háirithe i gcás daoine uathacha, nó daoine a bhfuil lagú teanga acu nó moilleanna forbartha orthu. Is minic a eascraíonn an fhaichill sin as samhlacha den sealbhú teanga atá seanchaite nó dírithe ar an aonteangachas. Mar shampla, fuair Kay-Raining Bird et al. (2005) amach gur minic a mholann cliniceoirí an t-aonteangachas do leanaí a bhfuil lagú teanga orthu cé go léirítear san fhianaise nach ann d'aon mhíbhuntáiste leis an nochtadh don dátheangachas. Ar an gcaoi chéanna, léirigh Yu (2013, 2016) go molann teiripeoirí urlabhra agus teanga áirithe an dátheangachas a sheachaint uaireanta mar bíonn imní orthu go gcuirfí ualach rómhór ar phróiseáil chognaíoch agus teanga an linbh. Mar sin féin, tá na toimhdí sin ag teacht salach ar thaighde le déanaí ina léirítear gur féidir le leanaí dátheangacha a bhfuil RSO acu an dá theanga a shealbhú agus go bhféadfadh sé go mbeadh buntáistí sóisialta, cognaíocha agus cultúrtha ann (Hambly & Fombonne, 2012; Paradis, 2016). Léirítear leis an díréir sin idir an fhianaise agus an cleachtas go bhfuil gá le hoiliúint níos fearr agus le treoirlínte chun dáta a chur ar fáil do ghairmithe atá ag obair le leanaí dátheangacha a bhfuil RSO acu.

## Caibidil 3 Modheolaíocht

### Réamhrá

Úsáideadh cur chuige modhanna measctha sa staidéar seo, lenar cuimsíodh ceistneoir anaithnid ar líne i gcéim a haon agus agallaimh fócasghrúpa i gcéim a dó. Is iad seo a leanas na ceisteanna taighde ar tugadh aghaidh orthu sa staidéar seo:

- Cén chaoi a bhfreastalaíonn oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht ar RSO na leanaí ina suíomh?
- Céard iad leitheadúlacht agus cineálacha RSO i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht?
- Cé na cleachtais atá i bhfeidhm i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ar fad?
- Cé na riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí atá ag oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i réimsí an ionchuimsithe agus an oideachais speisialta?

### Comhthéacs taighde

Tugadh faoin staidéar seo chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn naíonraí lán-Ghaeilge leis an ionchuimsiú, ar an gcaoi a sainaithníonn siad riachtanais oiliúna, agus ar an gcaoi a mbainistíonn siad teacht le chéile na foghlama Gaeilge agus an oideachais speisialta. Baintear leas ann as sonraí a bailíodh ó oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge ar fud na tíre agus féachtar ann le béim a chur ar na deiseanna a bhíonn acu agus ar na dúshláin a bhíonn rompu araon. Rinneadh an taighde idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2025. Díríodh ann ar naíonraí lán-Ghaeilge a chuireann oideachas ar leanaí idir 2 bhliain agus 8 mí d’aois go 5 bliana agus 6 mhí d’aois agus a dhéanann cúram díobh. Rud atá tábhachtach ná nach ndearnadh an staidéar seo mar mheasúnú ná mar mheastóireacht ar sheirbhísí rialtais ná ar ghníomhaireachtaí poiblí. Ina ionad sin, dírítear ann ar chleachtais agus ar pheirspictíochtaí oideoirí i naíonraí lán-

Ghaeilge. Ach a nglór agus a n-eispéiris a thabhairt le chéile, is é is aidhm don tuarascáil cur ar bhealach fóinteach le forbairt leanúnach oideachais ionchuimsithigh luathbhlianta atá freagrúil ó thaobh cultúir agus teanga de in Éirinn. Rinneadh an taighde go neamhspleách chun léargas a fháil ar pheirspictíochtaí agus ar eispéiris oideoirí, agus ba é an aidhm a bhí ann bonn eolais a chur faoin dea-chleachtas, réimsí riachtanais a shainaithint, agus cur leis an gcomhrá níos leithne faoin ionchuimsiú san oideachas trí mhionteanga. Is tábhachtach an t-idirdhealú sin chun a chinntiú go léirmhínítear na torthaí sa chomhthéacs ceart, mar atá peirspictíocht oideachais agus teanga seachas beart nó creat freagrachta seirbhíse.

**Modheolaíocht**

*Céim a haon: Ceistneoir anaithnid ar líne*

Rinne oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i bPoblacht na hÉireann ceistneoirí anaithnide ar líne a líonadh isteach. Meastar go raibh 15-30 nóiméad ag teastáil chun na ceistneoirí sin a líonadh isteach. Baineadh úsáid as SPSS, uirlis anailísithe sonraí, chun anailís a dhéanamh ar na sonraí staitistiúla a bailíodh agus úsáideadh anailís théamach chun torthaí na gceisteanna oscailte a léirmhíniú (Clarke & Braun, 2017). Bailíodh sonraí ar na topaicí seo a leanas leis an gceistneoir:

- Faisnéis chúlra (raon aoise, post srl.)
- Leitheadúlacht agus cineálacha RSO a bhíonn ag leanaí a fhreastalaíonn ar naíonraí lán-Ghaeilge.
- Na straitéisí atá i bhfeidhm ag oideoirí chun leanaí a bhfuil RSO acu sna suíomhanna sin a shainaithint agus freastal ar a riachtanais.
- Na dúshláin a bhíonn roimh naíonraí lán-Ghaeilge maidir le daltaí a bhfuil RSO acu a shainaithint agus freastal ar a riachtanais.

- Na riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí sa réimse seo a bhíonn ag oideoirí luath-óige san earnáil lán-Ghaeilge.

*Céim 2: Agallaimh fócasghrúpa agus agallaimh le daoine aonair*

Reáchtáladh fócasghrúpaí agus agallaimh le daoine aonair le 15 oideoir ó naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ar bhonn duine le duine agus ar líne araon a rinneadh na fócasghrúpaí agus na hagallaimh sin, agus chuir siad ar chumas an taighdeora eolas domhain a bhailiú ar na torthaí ó chéim an cheistneora. Thug siad comhthéacs freisin i dtéarmaí riachtanais na n-oideoirí sin i ndáil le sainaithint RSO agus idirghabháil. Roghnaíodh fócasghrúpaí mar mhodh taighde mar cuireann siad ar chumas an taighdeora tuiscint níos doimhne a fháil agus an fhaisnéis a bailíodh i gcéim a haon a shoiléiriú (Gibbs, 1997, 2012; Krueger, 2014). Is rud tábhachtach é sin mar bíonn "the careful analysis of the social situation – the underlying social rules, the interpretation of the participants, the values and aims embedded within the practice" (Pring, 2000, lch 258) ag teastáil chun cleachtais oideachais a thuiscint. An réasúnaíocht is bun le fócasghrúpaí ar an láthair a dhéanamh ná gur féidir le rannpháirtithe idirghníomhú le chéile agus forbairt a dhéanamh ar smaointe a chéile, as a dtiocfaidh plé níos doimhne agus sonraí níos saibhre (Guest et al., 2023). Is minic a nochtar dearcthaí agus léargais san idirghníomhaíocht sin nach nochtfaí iad in agallamh duine le duine. Bíonn níos mó rannpháirtithe sna fócasghrúpaí, rud a fhágann gur féidir réimse níos leithne tuairimí agus eispéireas a phlé, agus ar an gcaoi sin faightear tuiscint níos cuimsithí ar an topaic (Guest et al., 2023). Anuas air sin, d'fhéadfadh sé gurbh fhearr le rannpháirtithe áirithe labhairt i ngrúpa inar féidir leo smaointe a phlé le daoine eile seachas a bheith i lár an aonaigh in agallamh duine le duine. D'fhéadfadh fócasghrúpaí a bheith níos éifeachtúla ó thaobh ama de, mar is féidir sonraí a bhailiú ó roinnt rannpháirtithe san am céanna leo seachas roinnt agallaimh duine le duine a reáchtáil. Bíonn buntáiste nach beag leis sin nuair a bhíonn srian ar chúrsaí ama nó ar acmhainní, agus bhí sé an-tábhachtach le haghaidh an staidéir seo toisc nach raibh

ach aon taighdeoir amháin ag obair ar an tionscadal. Uair an chloig a bhí i gceist leis na fócasghrúpaí. Rinneadh taifeadadh fuaime orthu ar ríomhaire glúine a bhí criptithe le pasfhocal agus rinneadh tras-scríobh orthu ina dhiaidh sin le toiliú na rannpháirtithe.

**Earcú na rannpháirtithe**

*Céim a haon:*

Sheol Gaeloideachas ráiteas i dteanga shoiléir, foirm i ndáil le toiliú feasach, agus nasc leis an gceistneoir chuig gach naíonra lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Thug gach naíonra toiliú leictreonach ag tús an cheistneora ar líne chun bheith in ann an ceistneoir a líonadh isteach. Na naíonraí sin nár thoiligh, níorbh fhéidir leo an ceistneoir a oscailt. Seoladh cóip chrua den cheistneoir agus den fhoirm i ndáil le toiliú feasach chuig na naíonraí ar fad sa phost, mar aon le clúdach a raibh stampa agus seoladh air. Aon duine ar mhian leis an chóip chrua a líonadh isteach, bhí sé ar a chumas é sin a dhéanamh agus an ceistneoir críochnaithe agus an fhoirm i ndáil le toiliú feasach a sheoladh ar ais chuig Gaeloideachas sa phost.

*Céim a dó:*

Ag deireadh an cheistneora i gcéim a haon, iarradh ar na rannpháirtithe a chur in iúl cibé acu a theastaigh nó nár theastaigh uathu páirt a ghlacadh sna hagallaimh fócasghrúpa. Na rannpháirtithe a raibh spéis acu páirt a ghlacadh sna hagallaimh, iarradh orthu ríomhphost a sheoladh chuig an taighdeoir chun a spéis a léiriú agus a sonraí teagmhála a thabhairt di. Sheol an taighdeoir ríomhphost chucu ansin ina raibh aidhmeanna an staidéir a bhfuil achoimre orthu sa litir i dteanga shoiléir agus sa toiliú feasach. Na daoine a chinn páirt a ghlacadh sa staidéar, iarradh orthu an fhoirm i ndáil le toiliú feasach a shíniú agus é a sheoladh ar ais chuig an taighdeoir sula ndearnadh an t-agallamh. Rinneadh gach iarracht oideoirí ó réimse leathan aoisghrúpaí, a raibh leibhéil éagsúla taithí acu, agus a bhfuil róil teagaisc éagsúla i naíonraí acu a chuimsiú le haghaidh na céime seo.

**Cúrsaí eiticiúla**

Bhí cúrsaí eiticiúla chun tosaigh i gcónaí sa staidéar seo. Ar an gcéad dul síos, bhain na bunphrionsabail eitice seo a leanas leis an taighde seo: tiomantas d'fholláine, cosaint agus sábháilteacht na rannpháirtithe; freagracht chun taighde ardchaighdeáin a dhéanamh; agus dualgas chun cearta agus mianta na rannpháirtithe a urramú.

Agus é sin á chur san áireamh, ní dhearna aon rannpháirtí aon chuid den staidéar sular thug sé an fhoirm shínithe i ndáil le toiliú feasach don taighdeoir. Tugadh ráiteas i dteanga shoiléir do gach rannpháirtí mar aon le foirm i ndáil le toiliú feasach. An fhaisnéis a cuireadh ar fáil sna foirmeacha, míníodh í i bplé oscailte le gach rannpháirtí sular cuireadh tús leis na fócasghrúpaí agus moladh do na rannpháirtithe ceisteanna a bhí acu faoin staidéar a chur. Tugadh am leordhóthanach do gach rannpháirtí chun an fhaisnéis faoin staidéar a phróiseáil, agus níor cuireadh brú orthu na foirmeacha a shíniú ar an bpointe ná ní raibh súil leis go ndéanfaidís é sin. Bhí an rogha ag gach rannpháirtí tarraingt amach as an staidéar ag céim ar bith faoi mar a léirítear sna ráitis i dteanga shoiléir agus sna foirmeacha i ndáil le toiliú feasach. Labhair an taighdeoir leis na rannpháirtithe le linn na bhfócasghrúpaí agus thug deis dóibh a bhfreagraí a bhailíochtú (bailíochtú ag rannpháirtithe) dá mba mhian leo.

**Srianta**

Bíodh is go soláthraítear léargais luachmhara ar an soláthar RSO i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht leis an staidéar seo, tá sé faoi réir srianta áirithe. Ar an gcéad dul síos, ba mhíchothrom raon geografach na rannpháirtithe. Ní bhfuarthas aon fhreagra ó Chúige Uladh agus ní bhfuarthas ach ionchur teoranta ó Chúige Chonnacht, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh ar inghinearálaitheacht na dtorthaí thar réigiúin uile na hÉireann. Ar an dara dul síos, bhí méid an tsampla, go háirithe le haghaidh na céime cáilíochtúla (15 rannpháirtí in 11 suíomh) réasúnta beag mar thoradh ar an líon beag naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ina theannta sin, bhraith an staidéar ar shonraí féintuairiscithe ó cheistneoirí agus agallaimh, agus

d'fhéadfadh sé go mbeadh na sonraí sin faoi thionchar laofacht phearsanta nó léirmhínithe éagsúla ar eochairthéarmaí amhail "RSO". Srian eile atá air ná an easpa tuismitheoirí a bhí páirteach, mar chuirfidís siúd peirspictíocht ní ba leithne ar fáil ar an ionchuimsiú agus ar aistrithe chun na bunscoile. Thairis sin, cé go sainaithnítear dúshláin shuntasacha sa staidéar maidir le rochtain ar sheirbhísí trí Ghaeilge, ní chuimsítear ann ionchur díreach ó ghairmithe amhail teiripeoirí urlabhra agus teanga nó síceolaithe oideachais a bhféadfadh doimhneacht bhreise a sholáthar ach a dtuairim a thabhairt. Ar deireadh, aon taighdeoir amháin a bhí i mbun an taighde seo, agus d'fhéadfadh sé gur chuir sé sin srian ar an bhféidearthacht chun triantánú agus anailís níos leithne a dhéanamh.

**Conclúid**

Rinneadh léirbhreithniú sa chuid seo ar an modheolaíocht agus ar chúrsaí eiticiúla an staidéir seo agus ar na straitéisí a úsáideadh chun rannpháirtithe a earcú, ar chúrsaí eiticiúla agus ar theorainneacha an staidéir. Cuirtear na torthaí taighde ar fáil sa chéad chaibidil eile.


# Caibidil 4: Torthaí

## Próifíl rannpháirtithe a líon isteach an ceistneoir

### Suíomh na naíonraí lán-Ghaeilge

Orthu siúd a líon isteach an suirbhé, bhí 19 suíomh (51.35%) i gCúige Laighean, bhí 12 shuíomh (32.43%) i gCúige Mumhan, agus bhí 5 shuíomh (13.51%) i gCúige Chonnacht. Níor ghlac naíonra lán-Ghaeilge ar bith ó Chúige Uladh páirt sa staidéar (féach Fíor 4.1).

**Fíor 4.1.** *Suíomh na naíonraí lán-Ghaeilge a líon isteach an ceistneoir.*





### An cineál seirbhíse a soláthraíodh

Seirbhís sheisiúnach a bhí á cur ar fáil ag na suíomhanna ar fad a líon isteach an ceistneoir, nach mór (84%, n=31). Níor chuir ach aon seirbhís amháin seirbhís lae iomláin ar fáil, agus chuir na cúig shuíomh eile seirbhís leathlae nó seirbhís le haghaidh cuid den lá ar fáil.

**An teanga theagaisc sna suíomhanna**

Gaeilge den chuid is mó a bhí in úsáid ag beagnach leath na suíomhanna (n=21, 58%) mar an teanga theagaisc agus chumarsáide (féach Fíor 4.2). Thuairiscigh ochtar (21.62%) de na rannpháirtithe go mbíonn Gaeilge amháin in úsáid ina suíomh. Béarla den chuid is mó a bhí in úsáid ag aon suíomh amháin (2.7%) agus shonraigh na suíomhanna eile (n=7, 19%) go mbíonn meascán cothrom de Ghaeilge agus de Bhéarla in úsáid acu.

**Fíor 4.2.** *An teanga theagaisc agus chumarsáide sna naíonraí lán-Ghaeilge.*





**Róil agus taithí na rannpháirtithe**

Iarradh ar na rannpháirtithe an ról a bhí acu ina suíomh a chur in iúl. Bainisteoir an ról a bhí ag formhór na rannpháirtithe (59%, n=22) agus úinéirí an naíonra lán-Ghaeilge ab ea iad 30% (n=11). Stiúrthóirí (27%, n=10) nó oideoirí (16%, n=6) a bhí sna rannpháirtithe eile. Na daoine a rinne an suirbhé thar ceann a suímh, iarradh orthu freisin an líon blianta atá caite acu ag obair i naíonra lán-Ghaeilge a chur in iúl. Shonraigh breis is leath de na rannpháirtithe (51.35%,

n=19) go raibh siad ag obair i naíonra lán-Ghaeilge le níos mó ná 16 bliana (féach Fíor 4.3). Bhí triúr rannpháirtithe (8.1%) ag obair i naíonra lán-Ghaeilge le cúig bliana nó níos lú, bhí seisear (16.21%) ag obair ar feadh idir sé bliana agus deich mbliana i naíonra lán-Ghaeilge agus bhí naonúr (24.32%) ag obair ar feadh idir 11 bhliain agus 15 bliana i naíonra lán-Ghaeilge.

**Fíor 4.3.** *An líon blianta atá caite ag obair i naíonra lán-Ghaeilge ag rannpháirtithe sa suirbhé.*





**Raon aoise**

Bhí formhór na rannpháirtithe (n=18, 48.6%) 51 bhliain d'aois nó níos mó (féach Fíor 4.4). Ní raibh ann ach ceathrar rannpháirtithe a bhí faoi 20 bliain d'aois, agus bhí beirt idir 21 bhliain agus 30 bliain d'aois. Bhí na rannpháirtithe eile idir 31 bhliain agus 40 bliain d'aois (n=7, 19%) agus idir 41 bhliain agus 50 bliain d'aois (n=5, 13.51%). Léirítear leis na torthaí go raibh

62% (n=23) díobh siúd a líon isteach an suirbhé thar ceann a suímh 41 bhliain d'aois nó níos sine.

**Fíor 4.4.** *Raon aoise na ndaoine a líon isteach an suirbhé thar ceann a suímh.*





**An líon leanaí a bhí cláraithe i naíonraí lán-Ghaeilge**

Ar an iomlán, bhí 1,275 leanbh cláraithe sna naíonraí lán-Ghaeilge a ghlac páirt i gcéim an tsuirbhé den taighde. Mar sin féin, bhí na suíomhanna ar mhéideanna éagsúla: bhí 150 leanbh cláraithe sa suíomh is mó agus bhí 11 leanbh cláraithe sa suíomh is lú (féach Fíor 4.5). Bhí 20 leanbh nó níos lú cláraithe i bhformhór na suíomhanna (41%, n=15). Idir 21 agus 30 leanbh a bhí cláraithe sa chúigiú cuid de na suíomhanna (22%, n=8). Bhí na rannpháirtithe eile ag obair i naíonra lán-Ghaeilge ina raibh 31-40 leanbh cláraithe (14%, n=5), 41-50 leanbh cláraithe (5.4%, n=2), agus 51-60 leanbh cláraithe (8%, n=3). Ba ann d'aon suíomh amháin ina raibh

61-70 leanbh, aon suíomh amháin ina raibh 71-80 leanbh, aon suíomh amháin ina raibh 81-90 leanbh agus aon suíomh amháin ina raibh 150 leanbh cláraithe.


**Fíor 4.5.** *An líon leanaí a bhí cláraithe sna naíonraí lán-Ghaeilge a ghlac páirt sa suirbhé.*




**An líon oideoirí luathbhlianta sna naíonraí lán-Ghaeilge**

Orthu siúd a líon isteach an suirbhé, thug 36 rannpháirtí faisnéis ar an líon oideoirí a bhí fostaithe sa suíomh (féach Fíor 4.6). Ba é 17 an líon uasta oideoirí a bhí fostaithe i suíomh, agus ba é aon duine amháin an líon íosta fostaithe. Triúr oideoirí a bhí ag formhór na suíomhanna (36%, n=13), bhí ceathrar oideoirí ag an gceathrú cuid (n=9, 25%), agus bhí cúigear oideoirí ag 17% (n=6).

**Fíor 4.6.** *An líon oideoirí a bhí fostaithe sna naíonraí lán-Ghaeilge a ghlac páirt sa suirbhé.*





## Torthaí ón gceistneoir

### An líon leanaí ag a bhfuil diagnóis oifigiúil RSO

Orthu siúd a líon isteach an suirbhé, bhí leanaí a bhfuil diagnóis oifigiúil RSO acu cláraithe ag 21 naíonra (57%). Ar an iomlán, bhí 70 leanbh a bhfuil diagnóis oifigiúil acu cláraithe sna naíonraí lán-Ghaeilge a ghlac páirt sa suirbhé. Is ionann é sin agus diagnóis oifigiúil RSO a bheith ag 5.49% de líon iomlán na leanaí (N=1,275) a bhí cláraithe sna suíomhanna a ghlac páirt sa suirbhé. Níor tugadh aon fhaisnéis maidir le cibé acu a rinneadh na measúnuithe ar RSO sular tháinig na leanaí chuig na naíonraí lán-Ghaeilge nó tar éis do na leanaí a bheith cláraithe sna naíonraí. Tá an figiúr sin ag teacht leis an bhfigiúr 5% a mheastar maidir le leanaí a fhreastalaíonn ar naíonra lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann (Ní Chinnéide, 2009).


Nuair a dhéantar anailís air sin de réir an lín leanaí ag a bhfuil diagnóis oifigiúil RSO in aghaidh an tsuímh (féach Fíor 4.7), bhí níos lú ná cúigear leanaí ag a bhfuil diagnóis oifigiúil cláraithe i bhformhór na suíomhanna (46%, n=17). Bhí idir seisear agus deichniúr leanaí a bhfuil diagnóis oifigiúil acu i dtrí shuíomh (8.1%), agus ní raibh 14 leanbh ag a bhfuil diagnóis oifigiúil cláraithe ach in aon suíomh amháin.

**Fíor 4.7.** *An líon leanaí ag a bhfuil diagnóis oifigiúil RSO a fhreastalaíonn ar naíonra lán-Ghaeilge.*




Rinneadh anailís freisin ar leitheadúlacht agus ar chineálacha na ndiagnóisí RSO (féach Fíor 4.8). Deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta a bhí ar an gcatagóir RSO ba leitheadaí, agus bhí deacrachtaí den sórt sin ag 44.2% de na leanaí a raibh diagnóis RSO acu. An t-uathachas a bhí ar an dara catagóir ba leitheadaí, agus sain-neamhoird urlabhra agus teanga/moill forbartha teanga a bhí ar an tríú catagóir ba leitheadaí.

**Fíor 4.8.** *Na catagóirí is leitheadaí (%) RSO lena mbaineann diagnóis oifigiúil i naíonraí lán-Ghaeilge.*





## Leanaí a bhfuil RSO acu ach nach bhfuil diagnóis acu

Mar chuid den suirbhé, iarradh ar na rannpháirtithe cé na riachtanais speisialta oideachais, dar leo, atá ag daltaí ina suíomh nach bhfuil diagnóis oifigiúil acu. Is ceist thábhachtach í sin mar tarlaíonn sé go minic nach mbíonn fáil ag leanaí ag an aois sin ar sheirbhísí measúnaithe mar gheall ar liostaí fada feithimh nó toisc iad a bheith óg (an tOmbudsman do Leanaí, 2020, 2022). Tá miondealú i bhFíor 4.9 thíos ar na réimsí ina mbíonn riachtanais bhreise ag leanaí nach bhfuil diagnóis oifigiúil acu. Sainaithníodh 778 leanbh ar an iomlán sna catagóirí thíos a bhfuil RSO acu cé nach bhfuil diagnóis oifigiúil acu. Níor cheart dearmad a dhéanamh agus anailís á déanamh ar an bhfigiúr sin ná nach gcuirtear san áireamh ann leanaí a bhfuil níos mó ná aon deacracht amháin acu. Dá bhrí sin, ní féidir an leitheadúlacht a mheas go cruinn maidir le leanaí nach bhfuil diagnóis oifigiúil acu. Mar sin féin, deacrachtaí urlabhra agus teanga atá ar an réimse deacrachta is leitheadaí (n=153, 19%). Deacrachtaí[2] ó thaobh scileanna sóisialta de atá

[2] Tá réasúnaíocht le fáil in Aguisín B maidir leis na téarmaí atá in úsáid.

ar an dara catagóir is leitheadaí ag 17% (n=130). Liostaíodh scileanna cumarsáide (n=99, 13%), deacrachtaí céadfacha (n=95, 12%) agus deacrachtaí iompraíochta (n=90, 12%) sna cúig chatagóir is leitheadaí freisin. Ba iad forbairt fhisiciúil (n=38, 5%) agus cuimhne fheidhmiúil (n=30, 4%) na catagóirí is lú leitheadúlacht.

**Fíor 4.9.** *An céatadán leanaí a bhfuil deacrachtaí neamhdhiagnóisithe acu i réimsí éagsúla.*




**Dúshláin a bhíonn roimh naíonraí lán-Ghaeilge**

Mar chuid den suirbhé, cuireadh ceist ar na rannpháirtithe faoi na dúshláin a bhíonn roimh a naíonra lán-Ghaeilge maidir le freastal ar RSO leanaí. Féachtar sa tacar sonraí seo ar dhúshláin éagsúla san oideachas, go háirithe i suíomh Gaeilge, agus ar an déine a mheastar a bheith leo bunaithe ar mheánscóir ar an gcéad dul síos. Tugtar miondealú de réir catagóire ina dhiaidh sin. Is iad seo a leanas na gnéithe is mó a tháinig chun cinn:

Is iad seo a leanas na dúshláin is mó (meánscóir is airde) a bhíonn roimh shuíomhanna:

a) Easpa ama *(meán: 3.55, diall caighdeánach: 0.50, 117 bhfreagra):* Sainaithníodh é seo mar an bhfadhb is mó, rud a léiríonn go mbíonn srianta ama ina n-ábhar imní forleathan.

b) Líon daltaí sa rang *(meán: 3.51, diall caighdeánach: 0.69, 123 fhreagra):* Dúshlán nach beag dóibh siúd go léir a líon isteach an suirbhé is ea líon mór daltaí sa rang.

c) Easpa acmhainní sa Ghaeilge *(meán: 3.23, diall caighdeánach: 0.83, 113 fhreagra):* Léirítear leis an toradh seo go bhfuil bearna ann ó thaobh na n-ábhar oideachais atá ar fáil i nGaeilge.

d) Easpa forbairt ghairmiúil san oideachas speisialta *(meán: 3.17, diall caighdeánach: 0.70, 111 fhreagra):* Is léir go mbraitheann cuid mhór oideoirí go bhfuil oiliúint bhreise ag teastáil uathu sa réimse seo. Tá plé thíos ar an ngá atá le forbairt ghairmiúil sa bhreis.

e) Pleanáil don oideachas speisialta *(meán: 3.14, diall caighdeánach: 0.71, 113 fhreagra):* Is buncheist í sin a dhéanann difear don soláthar oideachais speisialta i naíonraí lán-Ghaeilge agus meastar go mbaineann an toisc sin le heaspa ama mar a shainaithnítear thuas.

Is iad seo a leanas na dúshláin mheasartha (meánscóir lár-raoin) a bhíonn roimh shuíomhanna:

a) Easpa measúnuithe sa Ghaeilge *(meán: 3.19, diall caighdeánach: 0.85, 102 fhreagra):* Tugtar le tuiscint leis an toradh seo go mbíonn deacracht le measúnú a dhéanamh ar dhaltaí de bharr easpa acmhainní a bheith ar fáil sa Ghaeilge.

b) Easpa tacaíochta ó sheirbhísí seachtracha trí Ghaeilge *(Meán: 3.12, diall caighdeánach: 0.95, 103 fhreagra):* Tugtar le tuiscint leis an toradh seo go bhféadfadh sé nach mbeadh seirbhísí á gcur ar fáil ag gairmithe amhail teiripeoirí urlabhra nó síceolaithe oideachais trí Ghaeilge, cé gurb í an Ghaeilge

gnáth-theanga na cumarsáide agus an teagaisc i gcuid mhór naíonraí lán-Ghaeilge.

c) Áitreabh agus acmhainní scoile *(Meán: 3.03, diall caighdeánach: 0.98, 103 fhreagra):* Léirítear leis seo go bhfuil imní ann maidir le bonneagar agus áiseanna scoileanna, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar acmhainneacht an tsuímh cleachtais ionchuimsitheacha a chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais na leanaí ar fad.

Is iad seo a leanas na dúshláin níos lú (meánscóir níos ísle) a bhíonn roimh shuíomhanna:

a) Easpa tacaíochta ón mbaile *(meán: 2.74, diall caighdeánach: 0.97, 96 fhreagra);* D'fhéadfadh sé go mbainfeadh an toisc sin le srianta ar thuismitheoirí, mar shampla am teoranta, ceangail ó thaobh oibre de, nó easpa Gaeilge sa bhaile. Bíodh is gur sainaithníodh mar dhúshlán é seo, rátáiltear mar dhúshlán níos lú é i gcomparáid le tosca eile.

b) Difreáil (ceachtanna a chur in oiriúint do riachtanais éagsúla daltaí) *(Meán: 2.59, diall caighdeánach: 0.74, 83 fhreagra):* Ba é seo an dúshlán ba lú tábhacht i measc na dtosca a cuireadh i láthair na rannpháirtithe, rud a thugann le tuiscint gur de chineál ionchuimsitheach curaclam Aistear.

Mar achoimre, is iad an easpa ama agus an líon mór daltaí sa rang atá ar na hábhair imní agus na dúshláin is práinní dar le hoideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge. Bearnaí ó thaobh acmhainní agus tacaíochta i nGaeilge (ábhair, measúnuithe, seirbhísí seachtracha), cuireann siad bacainní móra roimh ionchuimsiú gach dalta. Tá géarghá le forbairt ghairmiúil agus le pleanáil struchtúrtha sa bhreis le haghaidh an oideachais speisialta dar le hoideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge ach, mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur dhúshlán freisin é an t-am sa bhreis a bheadh ag teastáil chun na

gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Bíodh is gur dúshláin iad tacaíocht ó thuismitheoirí agus difreáil, is léir nach bhfuil siad chomh práinneach céanna le dúshláin a bhaineann le cúrsaí lóistíochta nó acmhainní.

**Miondealú ar dhúshláin de réir catagóire**

*Líon daltaí sa rang*

Iarradh ar na rannpháirtithe a dhúshlánaí a bhí an líon daltaí sa rang ina suíomh a chur in iúl. 35 rannpháirtí a d'fhreagair an cheist sin. Tuairiscíodh go raibh an líon daltaí an-dúshlánach i gcás níos mó ná leath na rannpháirtithe a d'fhreagair an cheist sin sa suirbhé (60%, n=21). Shonraigh 34% eile (n=12) go raibh an ghné sin dúshlánach. Mheas na rannpháirtithe eile (n=2) go raibh an ghné sin measartha dúshlánach (n=1) nó nach raibh sé dúshlánach ar chor ar bith (n=1). Baineann sé leis an gcóimheas idir oideoirí agus daltaí i dtéarmaí oideachas ionchuimsitheach a chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais gach linbh.

*Easpa tacaíochta ón mbaile*

Iarradh ar na rannpháirtithe a dhúshlánaí a bhí an easpa tacaíochta sa bhaile a mheas ó thaobh freastal ar riachtanais gach linbh ina suíomh. Tugadh freagraí measctha ar an gceist sin, agus d'fhreagair 35 rannpháirtí an cheist. Mheas formhór na rannpháirtithe go raibh an ghné sin measartha dúshlánach (34%, n=12). Mheas díreach níos mó ná an ceathrú cuid de rannpháirtithe (26%, n=9) go raibh sé dúshlánach, agus níor mheas ach 11% (n=4) nach raibh sé dúshlánach ar chor ar bith.

*Difreáil an churaclaim*

Difreáil gníomhaíochtaí chun gach leanbh a ionchuimsiú, mheas 60% (n=12) de na rannpháirtithe a d'fhreagair an cheist sin (N=35) go raibh sé dúshlánach. Níor mheas ach aon rannpháirtí amháin go raibh sé an-dúshlánach, agus mheas ceathrar rannpháirtithe (11%) nach raibh sé dúshlánach ar chor ar bith.

*Easpa ama*

Easpa ama chun freastal ar riachtanais gach linbh de bharr tosca amhail líon mór daltaí sa rang agus obair riaracháin sa bhreis, mheas na 33 rannpháirtí a d'fhreagair an cheist sin go raibh sé an-dúshlánach (n=18, 55%) nó dúshlánach (n=15, 45%).

*Easpa acmhainní sa Ghaeilge*

An easpa acmhainní sa Ghaeilge, mheas beagnach leath na ndaoine a d'fhreagair an cheist sin (n=16, 45%) go raibh sé an-dúshlánach. Mheas 34% eile (n=12) go raibh sé dúshlánach nó measartha dúshlánach (n=6, 17%).

*Easpa tacaíochta ó sheirbhísí seachtracha trí Ghaeilge (mar shampla síceolaí oideachais/teiripeoir urlabhra agus teanga/teiripeoir saothair)*

An rochtain ar sheirbhísí seachtracha a sholáthraítear trí Ghaeilge, mheas na rannpháirtithe ar fad, nach mór, a d'fhreagair an cheist sin (n=31, 94%) go raibh sé dúshlánach ar leibhéal éigin. Mheas beagnach leath na rannpháirtithe (n=15, 45%) go raibh an easpa seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge an-dúshlánach. Mheas níos mó ná an ceathrú cuid (n=9, 27%) go raibh sé dúshlánach, agus mheas 21% (n=7) go raibh sé measartha dúshlánach. Níor mheas ach beirt rannpháirtithe nach raibh an easpa tacaíochta sin dúshlánach.

*Áitreabh agus acmhainní scoile*

Rochtain ar áitreabh cuí agus ar acmhainní scoile, tá sé bunriachtanach le haghaidh ionchuimsiú gach dalta. Formhór na rannpháirtithe a d'fhreagair an cheist sin (n=31, 91%), mheas siad go raibh an ghné sin dúshlánach ar leibhéal éigin. Mheas 41% (n=14) de na rannpháirtithe go raibh sé an-dúshlánach agus mheas 29% (n=10) eile go raibh sé dúshlánach. Ar na rannpháirtithe eile, mheas 21% go raibh sé measartha dúshlánach agus níor mheas ach triúr rannpháirtithe (9%) nach raibh sé dúshlánach ar chor ar bith.


*Pleanáil don soláthar oideachais speisialta*

Mheas na rannpháirtithe ar fad a d'fhreagair an cheist sin (N=36) go raibh an phleanáil don soláthar oideachais speisialta dúshlánach ar leibhéal éigin. Shonraigh beagnach leath na rannpháirtithe (n=17, 47%) go raibh an ghné sin dúshlánach. Mheas an tríú cuid de rannpháirtithe (n=12, 33%) go raibh sé an-dúshlánach agus mheas na rannpháirtithe eile (n=7, 19%) go raibh sé measartha dúshlánach.

**Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) san oideachas speisialta**

Mheas freagróirí go léir na ceiste sin (N=35) go raibh an rochtain ar fhorbairt ghairmiúil san oideachas speisialta agus san ionchuimsiú dúshlánach ar leibhéal éigin (féach Fíor 4.10). Mheas beagnach leath na bhfreagróirí go raibh an rochtain ar an gcineál sin oideachais dúshlánach (n=17, 49%) agus mheas 34% eile (n=12) go raibh sé an-dúshlánach. Na rannpháirtithe eile (n=6, 17%), mheas siad go raibh sé measartha dúshlánach.

**Fíor 4.10.** *A dhúshlánaí atá an rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach san oideachas speisialta.*



Sainaithníodh freisin na réimsí inar theastaigh forbairt ghairmiúil sa bhreis ó oideoirí san ionchuimsiú agus san oideachas speisialta le haghaidh naíonraí lán-Ghaeilge. Iarradh ar na rannpháirtithe roinnt roghanna a chur in ord tosaíochta i dtéarmaí a thábhachtaí atá forbairt ghairmiúil bhreise sa réimse sin dar leo. Is iad seo a leanas na topaicí sainaitheanta in ord tosaíochta:

(1) *An dátheangachas agus foghlaim an dara teanga* (205)

(2) *Folláine* (195)

(3) *Scileanna sóisialta* (190)

(4) *Measúnú* (184)

(5) *Teanga agus cumarsáid* (178)

(6) *Próiseáil chéadfach* (147)

(7) *Sainaithint daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu* (131)

(8) *Iompraíocht dhúshlánach* (133)

(9) *Uathachas* (106)


Sa chatagóir 'Eile', shonraigh rannpháirtithe gur theastaigh uathu breis eolais a chur ar conas labhairt le tuismitheoirí faoi na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag a leanbh agus faoin leanbh a chur ar aghaidh i gcomhar measúnú. Shonraigh rannpháirtí amháin go raibh an fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil fíor-riachtanach le haghaidh na n-oideoirí ar fad sa naíonra lán-Ghaeilge, agus theastaigh ó rannpháirtí amháin breis eolais a chur ar acmhainní Gaeilge agus ar aistriú acmhainní.

**Dúshláin a bhíonn roimh thuismitheoirí**

Iarradh ar na rannpháirtithe céard iad na dúshláin, dar leo, a bhíonn roimh thuismitheoirí leanaí a bhfuil RSO acu agus leanaí á gcur chuig naíonra lán-Ghaeilge (féach Fíor 4.11). An dúshlán ba mhinice a sonraíodh (n=26, 70.3%) ná an imní a bhíonn ar thuismitheoirí nach n-oirfeadh

naíonra lán-Ghaeilge dá leanbh. Bhraith breis is an ceathrú cuid de rannpháirtithe (n=12, 32.43%) go mbíonn imní ar thuismitheoirí go mbeadh an fhoghlaim trí Ghaeilge róchasta dá leanbh ag a bhfuil RSO. Luaigh beagnach an ceathrú cuid de rannpháirtithe (n=9, 24.3%) gur dúshlán é easpa inniúlachta na dtuismitheoirí sa Ghaeilge. Luaigh rannpháirtithe (n=8, 21.6%) easpa seirbhíse lae iomláin trí Ghaeilge freisin. Mheas breis is an cúigiú cuid de rannpháirtithe (n=8, 21.6%) gur dúshlán é easpa inniúlachta na leanaí sa Ghaeilge.

**Fíor 4.11.** *Na dúshláin a bhíonn roimh thuismitheoirí leanaí a bhfuil RSO acu maidir leis an rochtain ar oideachas naíonra dá leanbh.*





**Aistriú chuig bunscoileanna lán-Ghaeilge**

Iarradh ar rannpháirtithe faoin taithí a bhí acu maidir le leanaí a bhfuil RSO acu a bheith ag aistriú ó naíonraí lán-Ghaeilge chuig bunscoileanna lán-Ghaeilge (féach Fíor 4.12). Shonraigh breis is leath (51%, n=9) de na rannpháirtithe gur minic a chuirtear comhairle ar thuismitheoirí gan a leanbh ag a bhfuil RSO a chur chuig bunscoil lán-Ghaeilge. Luaigh beagnach trian (32%,

n=12) de na rannpháirtithe go mbíonn imní ar thuismitheoirí faoina leanbh a aistriú chuig bunscoil lán-Ghaeilge, mar sin is minic a chinneann siad gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge don leanbh. Níor shonraigh ach 16% (n=6) go n-aistríonn formhór na leanaí a bhfuil RSO acu chuig bunscoileanna lán-Ghaeilge. Shonraigh an líon céanna go mbíonn tuismitheoirí muiníneach maidir lena leanbh ag a bhfuil RSO a chur chuig bunscoil lán-Ghaeilge. Shonraigh beagnach an ceathrú cuid (24%, n=9) de rannpháirtithe go n-aistríonn formhór na leanaí a bhfuil RSO acu chuig scoil Bhéarla.

**Fíor 4.12.** *An taithí atá ag rannpháirtithe maidir le leanaí a bhfuil RSO acu a bheith ag aistriú chuig bunscoileanna lán-Ghaeilge.*




### Muinín oideoirí luathbhlianta

Iarradh ar rannpháirtithe féinrátáil a dhéanamh ar a leibhéal muiníne agus ar a gcumas RSO a shainaithint agus an topaic sin a phlé le tuismitheoirí. Pléitear gach catagóir aonair níos faide ar aghaidh, ach tugtar achoimre níos forleithne sa chuid seo.

- Muinín maidir le leanaí a bhfuil RSO acu a shainaithint (meán 1.57): Bhí na freagraí ar an gceist seo réasúnta comhsheasmhach (diall caighdeánach 0.68) agus léirítear sna torthaí go bhfuil formhór na rannpháirtithe réasúnta muiníneach sa réimse seo.

- Muinín maidir le riachtanais bhreise linbh a phlé le tuismitheoirí (meán 1.75): Bhí beagán níos mó éagsúlachta le sonrú ar na freagraí ar an gceist seo (diall caighdeánach 0.83). Tugtar le tuiscint sna freagraí go mbíonn cuid mhór d’oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge páirteach sa phlé sin, ach go bhféadfadh easpa muiníne nó éiginnteacht áirithe a bheith i gceist.

- Deacracht maidir le RSO a phlé le tuismitheoirí (meán: 2.54): Thuairiscigh na rannpháirtithe leibhéal measartha deacrachta sa réimse seo (diall caighdeánach 1.18), ach bhí éagsúlacht ar na freagraí sa sampla mar sin féin. Ina ainneoin sin, bhí sé ar an réimse sin a fuair an líon ba mhó freagraí agus, dá bhrí sin, dealraíonn sé gur dúshlán suntasach é do rannpháirtithe.

- An gá le hoideachas/oiliúint sa bhreis chun RSO a shainaithint (meán: 2.22): Tá cuid mhór de na rannpháirtithe den tuairim go bhfuil oiliúint sa bhreis san ionchuimsiú agus san oideachas speisialta ag teastáil uathu (diall caighdeánach 1.30), agus is ann d’éileamh mór ar fhorbairt ghairmiúil bhreise.


- An gá le hoideachas/oiliúint sa bhreis le bheith muiníneach agus RSO á phlé le tuismitheoirí (meán: 2.31): Tá breis oiliúna san réimse seo á lorg ag cuid mhór rannpháirtithe chun cabhrú leo a bheith níos muiníní agus níos mó ar a suaimhneas, ach bhí éagsúlacht áirithe ann ó thaobh leibhéal muiníne de (diall caighdeánach 1.17). Mar sin féin, léirítear imní chomhsheasmhach faoin ábhar seo sna freagraí.

Ar an iomlán, braitheann formhór na rannpháirtithe measartha muiníneach as RSO a shainaithint, ach ní bhíonn muinín acu é sin a phlé le tuismitheoirí. Tá géarghá le breis oiliúna, go háirithe maidir le RSO a phlé le tuismitheoirí. Ní bhíonn sé éasca na cúrsaí sin a phlé le tuismitheoirí dar le cuid mhór rannpháirtithe, agus léirítear leis sin réimsí ina bhfuil gá le forbairt ghairmiúil. Tugtar le tuiscint leis an éagsúlacht sna freagraí leibhéil éagsúla taithí agus oiliúna i measc na rannpháirtithe.

*Riachtanais speisialta oideachais a shainaithint*

Iarradh ar na rannpháirtithe (N=37) sa suirbhé rátáil a dhéanamh ar a mhuiníní atá siad as a gcumas leanaí a bhfuil RSO acu a shainaithint (féach Fíor 4.13). Tugadh scála Likert dóibh chun rátáil a dhéanamh ar an ráiteas seo a leanas: 'Táim muiníneach as mo chumas leanbh ag a bhfuil RSO a shainaithint'. D'aontaigh formhór na rannpháirtithe (n=19, 51%) go raibh siad muiníneach sa réimse seo agus shonraigh 43% eile (n=16) gur aontaigh siad go pointe áirithe leis an ráiteas. Aon rannpháirtí amháin, ní raibh sé cinnte, agus níor aontaigh rannpháirtí eile leis an ráiteas go pointe áirithe.


**Fíor 4.13.** *Leibhéil mhuiníne fhéinrátáilte na rannpháirtithe as a gcumas leanbh ag a bhfuil RSO a shainaithint.*



*Déileáil le tuismitheoirí*

Iarradh ar na rannpháirtithe rátáil a dhéanamh ar a mhuiníní atá siad agus riachtanais bhreise oideachais linbh á bplé acu le tuismitheoir (féach Fíor 4.14). Beagnach leath de na rannpháirtithe (43%, n=16), shonraigh siad go n-aontaíonn siad go láidir leis an ráiteas 'Táim muiníneach agus riachtanais bhreise linbh á bplé agam le tuismitheoir'. Shonraigh 41% (n=15) eile go n-aontaíonn siad leis an ráiteas sin go pointe áirithe. Dá bhrí sin, bhí 84% de na rannpháirtithe muiníneach nó measartha muiníneach sa réimse seo. 8% (n=3) a bhí neamhchinnte faoina gcumas agus níor aontaigh 5% (n=2) leis an ráiteas go pointe áirithe.

**Fíor 4.14.** *Dearcadh na rannpháirtithe ar a muinín agus riachtanais bhreise linbh á bplé acu le tuismitheoirí.*




**Earcú oideoirí luathbhlianta/Clár AIM**

Bíodh is nárbh é aidhm an staidéir measúnú a dhéanamh ar chlár AIM, measadh gurbh fhiú cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe a dtaithí ar chur chun feidhme an chláir ina suíomh féin

a chur in iúl. Chuige sin, cuireadh ceist oscailte ar rannpháirtithe sa suirbhé maidir lena dtaithí ar thacaíochtaí a rochtain trí chlár AIM. Tháinig roinnt téamaí coitianta chun cinn, mar a léirítear i dTábla 4.1 thíos. Léirítear sna sonraí peirspictíochtaí agus dúshláin éagsúla a thuairiscigh suíomhanna luathbhlianta maidir le clár AIM a chur chun feidhme. Aithníonn an taighdeoir nach mbaineann cuid de na freagraí le clár AIM go sonrach ach, mar sin féin, cuimsítear iad mar thaithí saoil na rannpháirtithe agus ba iad a tugadh mar fhreagraí ar an gceist oscailte faoi AIM freisin.

- An dúshlán ba mhó a sonraíodh ná "Earcú oideoirí luathbhlianta a bhfuil Gaeilge acu" (luadh 13 huaire), rud a léiríonn ganntanas mór baill foirne cháilithe a bhfuil Gaeilge acu chun tacú leis an ionchuimsiú. Ábhar imní a bhaineann leis is ea "Níl fáil ar aon bhall foirne chun dul ag obair le leanaí" (n=5), rud a thugann léiriú breise ar dheacrachtaí ginearálta earcaíochta, go háirithe le haghaidh róil inar gá Gaeilge líofa.
- Sonraíodh in 8 bhfreagra an dúshlán a bhaineann le freastal ar riachtanais na leanaí sa naíonra lán-Ghaeilge, agus luadh idir fhadhbanna ó thaobh líon na foirne agus easpa oiliúna ar na hoibrithe chun cabhrú leo freastal ar riachtanais na leanaí.

- D'iarr rannpháirtithe áirithe go ndéanfaí measúnú ar riachtanais an ranga ar fad (n=7), agus thug siad le fios go bhféadfadh sé nach mbeadh riachtanais an duine aonair agus riachtanais an ghrúpa ag teacht le chéile. Luadh cúrsaí pá (n=4) mar dhúshlán freisin, agus d'fhéadfadh sé gur léiriú é sin ar an deacracht a bhaineann le hoideoirí luathbhlianta oilte AIM a choinneáil de bharr pá íseal. Tuairiscíodh "Moill rómhór ar rochtain ar thacaíochtaí / dúshlán an pháipéarachais" (4) agus "Easpa maoinithe" (3) freisin, rud a léiríonn ábhair imní maidir le gnéithe maorlathais agus airgeadais an chláir.

- Shonraigh na rannpháirtithe go raibh gá le forbairt ghairmiúil leanúnach sa bhreis (n=4) agus le hionchur níos mó ó ghairmithe cáilithe (n=4), rud a thugann le tuiscint go bhfuil gá le hoiliúint agus le treoraíocht leanúnach faoi stiúir saineolaithe.

- Sainaithníodh tacaíocht na dtuismitheoirí (n=3) mar théama, rud a léiríonn an gá le cumarsáid agus le comhoibriú níos mó le teaghlaigh chun tacú leis an ionchuimsiú.

**Tábla 4.1.** *An téama a sainaithníodh i ndáil le cur chun feidhme chlár AIM.*

| | |
|---|---|
| Earcú oideoirí a bhfuil Gaeilge acu | 13 |
| Níl fáil ar aon oideoir chun dul ag obair le leanaí | 5 |
| Ní leordhóthanach scéim oideoirí luathbhlianta AIM chun freastal ar riachtanais na leanaí (LÍON AGUS OILIÚINT sa tumoideachas/sa Ghaeilge) | 8 |
| Easpa comhoibrithe idir naíonraí/bunscoileanna | 1 |
| Ba cheart measúnú a dhéanamh ar riachtanais an ranga ar fad | 1 |
| Moill rómhór ar rochtain ar thacaíochtaí / dúshlán an pháipéarachais | 4 |
| Easpa maoinithe | 3 |
| AIM mar ghné dhearfach | 1 |
| FGL sa bhreis | 4 |
| Tacaíocht tuismitheoirí | 3 |
| Pá | 4 |
| An gá le hionchur ó ghairmithe cáilithe | 4 |

## Torthaí ó na fócasghrúpaí agus ó na hagallaimh

### Cúlra na rannpháirtithe

De bharr mhéid bheag an tsampla atá ar fáil i ndáil le naíonraí lán-Ghaeilge, tabharfar achoimre theoranta ar chúlra na rannpháirtithe chun a n-anaithnideacht a chosaint. 15 rannpháirtí ó 11 naíonra lán-Ghaeilge éagsúla i gCúige Laighean agus i gCúige Mumhan a bhí páirteach sa chéim seo. Ní raibh aon rannpháirtí ó naíonraí i gCúige Uladh ná i gCúige Chonnacht páirteach sa chéim seo cé go ndeachthas i dteagmháil le gach aon naíonra le hiarraidh orthu páirt a ghlacadh. Bhí na suíomhanna éagsúil ó thaobh méide de, agus idir aon seisiún amháin agus roinnt seisiún a reáchtáiltear iontu gach lá. D'oibrigh na rannpháirtithe ar fad i suíomhanna seisiúnacha. Bhí raon taithí teagaisc i naíonra lán-Ghaeilge ag na rannpháirtithe, ó roinnt blianta suas le 40 bliain. Gaeilge amháin nó meascán de Ghaeilge agus Béarla a bhí in úsáid sna suíomhanna a bhí páirteach sa staidéar. Maidir leis na sleachta díreacha atá curtha ar fáil sa chuid torthaí, tá an téacs Gaeilge trascríofa go díreach agus níor cheartaíodh é ó thaobh gramadaí de.

### RSO na leanaí cláraithe

*Iompraíocht dhúshlánach*

Iarradh ar na rannpháirtithe tuairisc a thabhairt ar na riachtanais speisialta oideachais a bhí ag leanaí ina suíomhanna. Labhair naonúr rannpháirtithe faoi leanaí atá cláraithe sna suíomhanna a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta acu. Mar sin féin, chuir cuid mhór rannpháirtithe in iúl nach raibh siad cinnte gur bhain na deacrachtaí iompraíochta le RSO an linbh nó le tosca eile.

| | |
|---|---|
| *Ní féidir leat saghas an lipéad sin a chur ar gach páiste atá saghas ag dreapadóireacht timpeall an seomra agus ag rith agus ag rásaíochta agus a leithéid.* | *You can't kind of put that label on every kid who's kind of climbing around the room and running and racing and stuff.* |

*Agallamh 10*

Chuir rannpháirtí eile leis an méid sin, agus dúirt go n-éiríonn iompraíocht na leanaí níos dúshlánaí gach aon bhliain.

| | |
|---|---|
| *Tá sé an deacair like gach aon bhliain éiríonn sé beagáinín níos deacra agus tá a lán páistí freisin, defiance is like an all-time high agus tá sé deacair le rá go bhfuil sé sin an rud éigin breise ansin, you know mar bíonn a lán fuinnimh ag na páistí seo freisin.* | *It's hard, like every year it gets a little harder and there are a lot of kids too, defiance is like an all-time high and it's hard to say that there is an extra something there, you know because these kids have a lot of energy too.* |

*Agallamh S*

*Uathachas*

Shonraigh naonúr rannpháirtithe go raibh diagnóis maidir le huathachas ag leanaí sa suíomh nó go raibh deacrachtaí acu ar shaintréithe den uathachas iad (mar shampla riachtanais iompraíochta, scileanna sóisialta agus chéadfacha). I gcás leanaí nach raibh diagnóis fhoirmiúil acu, thuig na hoideoirí nach raibh siad cáilithe chun diagnóis a dhéanamh maidir leo. Ba é a bhí ar siúl acu ná an méid a chonaic siad a chur i gcomparáid lenar fhoghlaim siad ina gcuid oiliúna maidir le leanaí a bhfuil uathachas orthu a shainaithint.

| | |
|---|---|
| *Ach ní féidir linn diagnóis a dhéanamh ar duine ar bith mar sin inár dtaithí a dhiagnóiseadh, shílfeá, an mbeadh deacrachtaí acu, an mbeadh fadhbanna uathachais agus céadfacha acu?* | *But we can't diagnose anybody like so in our experience, we would think, would they have difficulties, would they be autistic and sensory issues?* |

*Agallamh K1*

Luaigh triúr rannpháirtithe go raibh imní ar roinnt de na leanaí ina suíomhanna. Mar sin féin, ba mhinic nach raibh siad cinnte cibé acu a bhaineann na deacrachtaí atá ag an leanbh leis an imní amháin nó a bhaineann na deacrachtaí sin le saintréithe áirithe den uathachas.

*Uathachas a d'fhéadfadh a bheith ann, b'fhéidir imní sóisialta beagán nó díreach fadhbanna sóisialta ginearálta.*

*Tentatively possible autism maybe social anxiety a little bit or just kind of general social issues.*

*Agallamh AJ1*

*Deacrachtaí urlabhra agus teanga*

Phléigh na rannpháirtithe go mbíonn deacrachtaí urlabhra, teanga agus cumarsáide ag cuid mhór leanaí sna suíomhanna. Dúirt siad go bhfuil méadú tagtha ar an gcineál deacrachta sin le blianta beaga anuas. Dúirt go leor rannpháirtithe nach féidir leo cuid de na leanaí ina suíomhanna a thuiscint agus nach dtuigeann siad a mbíonn á rá acu, rud atá an-dúshlánach agus an-strusmhar. Is ceist chasta atá ann sin mar ní thuigeann na hoideoirí céard ba mhaith leis na leanaí a dhéanamh nó céard atá ag teastáil uathu, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an leanbh trína chéile mar thoradh air sin.

*Níl mé ábalta é a thuiscint ar chor ar bith. Ní raibh an cailín a d'fhág ábalta é a thuiscint. Níl an bhean nua ábalta é a thuiscint.*

*I can't understand him at all. The girl who left couldn't understand him. The new woman can't understand him.*

*Agallamh 7*

Thug suíomh eile sampla praiticiúil den líon leanaí a bhí ag fanacht ar mheasúnú de bharr deacrachtaí sa réimse sin.

*Tá seisear leanaí againn atá ag fanacht le teiripeoir urlabhra agus teanga a fheiceáil.*

*We have six children who are currently awaiting or seeing a speech and language therapist.*

*Agallamh K3*

*Riachtanais fhisiciúla agus leighis*

Tuairiscíodh go mbíonn leanaí a bhfuil raon riachtanas fisiciúil agus leighis acu ag freastal ar naíonraí lán-Ghaeilge. Ar na riachtanais sin, tá lagú éisteachta, pairilis cheirbreach, titimeas, siondróm Down, fadhbanna duáin agus míchumais fhisiciúla (a bheith i gcathair rothaí, mar

shampla). Ní thabharfar aon eolas eile ar riachtanais na leanaí chun a n-anaithnideacht féin agus chun anaithnideacht na suíomhanna a chosaint. Mar sin féin, shonraigh na rannpháirtithe go n-éiríonn go maith leis na leanaí sin agus iad ag foghlaim trí Ghaeilge i naíonra lán-Ghaeilge agus go gcuimsítear sna gníomhaíochtaí ar fad iad.

*Riachtanais chéadfacha agus scileanna sóisialta*

Labhair cúigear de na rannpháirtithe faoi riachtanais chéadfacha na leanaí agus na deacrachtaí a bhíonn acu le scileanna sóisialta. Cuid mhór de riachtanais chéadfacha na leanaí, bhain siad le torainn arda nó gníomhaíochtaí áirithe nach dtaitníonn leis na leanaí. Labhair aon rannpháirtí amháin faoi dhuine de na leanaí nár thaitin sé leis a bheith ag canadh ná nár thaitin sé leis na leanaí eile a chloisteáil ag canadh. Ar na deacrachtaí ó thaobh scileanna sóisialta de a luadh, bhí leanaí nár theastaigh uathu idirghníomhú leis na leanaí eile sa rang ná a bheith ag spraoi leo. Níor theastaigh uathu a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí grúpa, agus ba dhúshlán é sin d’oideoirí a bhí ar a ndícheall ag iarraidh timpeallacht ionchuimsitheach a chur chun feidhme do na leanaí ar fad.

| | |
|---|---|
| *So bíonn sé sin i gcónaí ag rith taobh amuigh den ghrúpa nó bíonn sé ag súgradh leis féin.* | *So, he's always running outside the group or playing by himself.* |
| *Agallamh 7* | |

## Buntáistí an oideachais réamhscoile lán-Ghaeilge

### An dátheangachas agus an Ghaeilge

Shonraigh na rannpháirtithe ar fad (N=15) go raibh an dátheangachas agus foghlaim na Gaeilge ina mbuntáistí den oideachas réamhscoile lán-Ghaeilge, mar shampla na buntáistí teanga agus cognaíocha a fuair na leanaí as bheith dátheangach.

*Tá foghlaimeoirí mionteanga i suíomh oideachais in ann fadhbanna a réiteach níos fearr nuair a bhíonn siad sa choláiste, bíonn siad níos fear sa mhatamaitic. De ghnáth bíonn siad níos fearr, cineál, níl a fhios agam conas, ach níos tairbhí don tsochaí. Agus sílim go bhfaigheann gach leanbh na buntáistí sin mura bhfuil fadhb próiseála acu i ndáiríre.*

*Minority language learners in an educational setting are better problem solvers when they're in college, they are better at maths. They usually turn out to be better, kind of, I don't know how, but more beneficial to society. And I think all children get those benefits unless they have a processing issue.*

*Agallamh K2*

Labhair na rannpháirtithe ar fad faoin gcaoi a bhféadfadh leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus leanaí nach bhfuil riachtanais bhreise acu leibhéil éagsúla Ghaeilge a shealbhú. Phléigh beagnach leath na rannpháirtithe (n=7) tumadh an linbh sa Ghaeilge mar bhuntáiste de bheith ag freastal ar naíonra lán-Ghaeilge. Bhí sé níos éasca ar na leanaí an teanga a shealbhú dá bhrí sin gan aon iallach agus gan aon bhrú orthu é sin a dhéanamh. Phléigh na hoideoirí conas mar a éiríonn leo timpeallacht foghlama ionchuimsitheach suaimhneach a chruthú, agus ba ghné dhearfach é sin ó thaobh shealbhú na Gaeilge de. Phléigh na suíomhanna ar fad conas mar a théann siad i muinín amhrán chun an teanga a theagasc freisin, agus gur bealach dearfach é sin chun an teanga a theagasc ar bhealach spraíúil.

*Is trí amhránaíocht agus spraoi a dhéantar é. Mar sin, sílim go bhfuil spraoi ag na páistí.*

*It's all through singing and Fun. So, I think the kids are having fun.*

*Agallamh A*

Chabhraigh an fhoghlaim trí amhránaíocht agus athrá leis an sealbhú teanga, agus tugadh deiseanna iomadúla do na leanaí an teanga a shealbhaigh siad a chleachtadh. Dúirt roinnt rannpháirtithe go mbíonn na leanaí ag cleachtadh agus ag úsáid na teanga lasmuigh den naíonra lán-Ghaeilge.

*Deir na tuismitheoirí ó bhí sé ag seasamh ag an doirteal ar maidin ag rá nigh na lámh agus seo páiste b'fhéidir nach bhfuil go*

*The parents say he was standing at the sink this morning saying, "wash your hands" and this child may not be good at speaking out,*

*maith ag labhairt amach but leis an repetition leis na amhránaíocht go léir a dhéanamh naíonra just ceapaim go bhfuil buntáiste ann.*

*but with the repetition and all the singing in the naíonra, I just think there's an advantage.*

*Agallamh AJ1*

Spéisiúil go leor, dúirt cuid de na rannpháirtithe (n=3) go mbíonn na hamhráin sin á gcanadh ag na leanaí sa bhaile agus, i gcásanna áirithe, go bhfoghlaimíonn na tuismitheoirí roinnt Gaeilge mar thoradh air sin.

*Agus is dóigh liom go bhfuil sé iontach nuair a théann siad, na páistí abhaile, agus an lá dár gcionn agus na tuismitheoirí ag teacht isteach ag rá 'Níl a fhios agam cad a dúirt sé. bhí sé as Gaeilge.' Ach tá siad ag foghlaim as na páistí, rud iontach é sin.*

*And I think it's great when they, the kids go home, and the next day and the parents come in saying 'I haven't got a clue what he said, it was in Irish.' But they're learning off the kids, which is a great thing.*

*Agallamh A*

Thug cuid de na rannpháirtithe le tuiscint nach raibh an fhoghlaim trí Ghaeilge ina cúis le haon mhearbhall ná le haon bhrú sa bhreis ar na leanaí.

*Le páistí go bhfuil aon deacrachtaí acu, tá sé dar liom féin, tá teanga eile á labhairt againn, ach ní chuireann sé sin isteach ná amach orthu, de bharr an curaclam atá leagtha amach.*

*With children who have any difficulties, it's my opinion, we speak a different language, but it doesn't bother them, because of the curriculum that has been set out.*

*Agallamh AJ2*

Thuairiscigh na rannpháirtithe gurbh fhéidir leis na leanaí an teanga a úsáidtear sa naíonra lán-Ghaeilge a shainaithint, mar shampla úsáidtear Gaeilge sa naíonra agus úsáidtear Béarla sa bhaile.

*Go teicniúil (tá sé) neamhbhriathartha ach tá tuiscint aige ar Spáinnise, ar an mBéarla agus tuiscint ar an nGaeilge agus tá sé saghas ag rá focal amháin anseo 's ansúid*

*Technically (he is) nonverbal but has understanding of Spanish, understanding of English and understanding of Irish and is now sort of saying one word here and there*

*ach tá a fhios aige conas idirdhealú a dhéanamh idir an méid a deir sé le mamaí agus an méid a deir sé liom, mar sin déarfaidh sé cibé rud atá oscailte don Spáinnis do mhamaí. Tiocfaidh sé chugam ag rá oscail.*

*but knows to differentiate what he says to mom to what he says to me, so he'll say whatever open is in Spanish to mom. He'll come to me, he'll come and say oscail.*

*Agallamh K2*

I gcás amháin, tugadh sampla den chaoi ar féidir le leanaí a bhfuil RSO acu teanga eile a shealbhú beag beann ar leibhéal forbartha na chéad teanga. Luadh leanbh amháin nach bhfuil ach cumas teoranta teanga aige, cúig fhocal nó mar sin ar an iomlán, agus thosaigh sé ag labhairt Gaeilge as féin. Tagann sé sin leis na tuairiscí ó na rannpháirtithe faoi leanaí a bhfuil RSO acu atá in ann treoracha a leanúint sa rang agus atá in ann páirt a ghlacadh sa rang ar leibhéal glacach sa Ghaeilge mar b'fhéidir nach mbeadh an cumas teanga acu freagra a thabhairt i nGaeilge ag brath ar a gcuid riachtanas.

*Tá páiste amháin fiú inné agus mar sin, i ndáiríre, níl ach thart ar 5 focail a rá aici ó thosaigh sí sa naíonra, ach inné bhí sí ag an doras, mar bhí mé ag iarraidh leanbh eile a fháil amach ag an doras. Bhí páiste eile ag imeacht agus dúirt mé slán, agus dúirt sí SLÁN…*

*There's one child even yesterday and like that, she really has only got like about say 5 words since she started in the naíonra but yesterday she was at the door, so I was trying to get another child out at the door. There was another child leaving and I said slán and she went SLÁN…*

*Agallamh K1*

**Taithí oideoirí luathbhlianta**

Ceann de na buntáistí is mó a phléigh na rannpháirtithe ar fad ná an raon taithí a bhíonn ag na hoideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge i gcomparáid le naíonraí nó naíolanna Béarla, mar shampla, ina mbíonn na hoideoirí níos óige go hiondúil agus nach mbíonn an taithí chéanna acu. Phléigh rannpháirtí amháin an toisc sin, agus bhí taithí aige sin ar a bheith ag obair i naíonra lán-Ghaeilge agus i naíonra Béarla araon. Tugadh le tuiscint go mbíonn ardleibhéal taithí ag

oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge mar thoradh ar a dtaithí ghairmiúil agus phearsanta ar a saol, agus is é an taithí sin a dhealaíonn ó earnálacha eile cúraim agus oideachais luath-óige iad.

| | |
|---|---|
| *Ceapaim aon naíonra is áit iomlán difriúil é ón réamhscoil eile. Tá siad an difriúil. Tá curaclam difriúil againn agus tá na daoine a oibríonn i naíonraí tá an ardchaighdeán acu ó thaobh. Is daoine, now níl mé chuir muidne síos, but it's daoine atá níos sine de gnáth. Tá clann acu, tá clann imithe isteach tríd an córas oideachas, tá taithí saoil acu.* | *I think any naíonra is a completely different place from other preschools. They are very different. We have a different curriculum and the people who work in naíonra are of a high standard. They are people, now don't want to put us down, but it's people who are usually older. They have children, they have children who have come through the education system, they have life experience.* |

*Agallamh AJ2*

Phléigh na rannpháirtithe freisin conas a chabhraíonn an taithí sin leo agus leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu á sainaithint ag aois óg agus nuair a bhíonn siad ag obair as lámha a chéile le tuismitheoirí. Measadh gur chuir an taithí sin ar a gcumas dóibh a bheith ag obair as lámha a chéile le tuismitheoirí nua agus chabhraigh an taithí leo tuiscint a fháil ar na dúshláin a bhaineann le bheith mar thuismitheoirí den chéad uair.

| | |
|---|---|
| *Sea gan dabht agus is tuismitheoirí iad don chéad uair an chuid is mó acu. Sea. Féach, táimid ag déanamh é corr is 20 bliain.* | *Yeah, without a doubt and most of them are only first-time parents. Yeah. See, we're doing it 20 odd years.* |

*Agallamh A*

Fothéama coitianta ab ea an cumas atá ag na rannpháirtithe deis a thabhairt do na leanaí socrú isteach agus a bheith ar a gcompord. Mheas siad gur cleachtas dearfach é sin mar tuigeann siad feidhmiú an naíonra agus an fad ama a thógann sé ar leanaí socrú isteach i suíomh nua. Ba thábhachtach an tréimhse bhreathnóireachta sin lena chinntiú gur sainaithníodh go cuí riachtanais na leanaí ar fad.

| | |
|---|---|
| *B'fhéidir toisc go bhfuil mé ar an dtalamh tamall fada anois agus na páistí nua á thabhairt isteach agus bíonn ort dul i dtaithí* | *Maybe because I've been on the ground for a long time now and the new kids are being brought in, and you have to get used to the* |

*ar na bpáistí agus bíonn ar na páistí dul i dtaithí ar an suíomh agus a leithéad agus an chéad bhliain.*

*kids and the kids have to get used to the location and stuff like that and the first year.*

*Agallamh 10*

**Pobal agus cultúr ionchuimsitheach**

Labhair na rannpháirtithe ar fad faoin gcaoi a gcuireann siad cultúr ionchuimsitheach chun feidhme ina suíomhanna ina mbraitheann gach aon leanbh go gcuirtear san áireamh é. Labhair na rannpháirtithe faoin am ar fad a chaitheann siad le haithne phearsanta a chur ar na leanaí agus le cabhrú leo a bhrath go bhfuil siad páirteach agus go bhfuil a n-áit féin acu sa naíonra.

*Caithimid go leor ama ag iarraidh muinín a thógáil agus ag iarraidh a thuiscint cad a spreagann iad nó cén áit a bhféadfadh cúnamh a bheith ag teastáil uathu, agus cad iad a leasanna agus a láidreachtaí den chineál sin.*

*We spend a lot of time trying to kind of you build a bond trust and trying to understand what motivates them or where they might need help, and what their interests are and strengths of kind of.*

*Agallamh AJ1*

Labhair siad faoi thimpeallacht chairdiúil gheanúil an tsuímh agus faoin gcaoi ar bhraith na leanaí go mbíonn gean orthu agus go gcuirtear san áireamh iad mar thoradh ar phobal níos lú an tsuímh.

*Sílim go bhfaigheann siad mórán buntáistí. Bhuel, measaim in sna naíonraí go háirithe sílim go bhfuil muid iontach grámhar agus go bhfuil muid iontach dáiríre faoi páistí agus sílim go bhfuil sin mar gheall go bhfuil muid fós beag.*

*I think they get a lot of benefits. Well, I think in the naíonra especially I think we are very loving, and we are very positive about children, and I think that's because we are still small.*

*Agallamh 7*

Chuir cuid de na rannpháirtithe é sin in iúl arís. Dúirt siad gur post deacair tuirsiúil a bhíonn ann uaireanta, ach go leanann siad den obair sa réimse mar is breá leo an obair.

*Sea, tá sé ar fheabhas. Sea, ní dhéanfá an post seo murar thaitin sé leat. Tá sé chomh simplí leis sin mar ní bheidh tú in ann. Ní fhéadfá.*

*Yeah, it's great. Yeah, you wouldn't do this job if you didn't like it. Plain and simple like you just couldn't. No, you couldn't.*

*Agallamh A*

*Más rud go bhfuil tú cineálta agus i ngrá leis an páiste, they don't see any of that as a negative ó thaobh an teanga is cuma sa tsioc leo.*

*And you know, if you're kind and loving to the child, they don't see that as negative in terms of language, they don't care.*

*Agallamh 10*

Phléigh na rannpháirtithe ar fad spiorad an phobail a bhíonn sna naíonraí lán-Ghaeilge. Thug siad samplaí praiticiúla de na bealaí ina raibh a suíomhanna cosúil le pobail bheaga ina mbíonn meas ar gach duine agus ina gcuirtear gach duine san áireamh. Thug rannpháirtí amháin sampla den chaoi a gcuirtear an cineáltas, an tuiscint agus an ionbhá chun cinn i measc na leanaí leis an gcultúr ionchuimsitheach sin mar feiceann siad go bhfuil a áit féin ag gach duine i naíonraí lán-Ghaeilge.

*Is pobal beag muid nuair atá muid sa naíonra agus leanann sé sin ar aghaidh go dtí na scoileanna (lán-Ghaeilge) áitiúla.*

*We are a small community when we are in the naíonra and that continues to the local (IM) schools.*

*Agallamh S*

Thug rannpháirtí amháin sampla den nasc idir an naíonra lán-Ghaeilge agus an pobal áitiúil. Ba ríthábhachtach an nasc sin ó thaobh an phobail agus an tsuímh de, dar leis, mar chabhraigh sé le braistint dhomhain den phobal agus den mhuintearas a fhorbairt.

*Tá aithne againn ar go leor de na teaghlaigh mar is as an gceantar sinn go léir….. Agus mar sin is cineál rud áitiúil é*

*We know a lot of the families because we're all from the area….. And so it's very much a kind of local thing and we know their*

| | |
|---|---|
| *go mór agus tá aithne againn ar a dteaghlaigh agus tá níos mó i gceist ná sin, má chuaigh siad áit éigin eile, seans go mbraithfaidh siad beagán caillte.* | *families and also it's more, that if they went somewhere else. They might feel a little bit lost.* |

*Agallamh K1*

**Naíonra lán-Ghaeilge atá nasctha le bunscoil lán-Ghaeilge**

Labhair roinnt rannpháirtithe faoin naíonra lán-Ghaeilge a bheith lonnaithe ar thalamh bunscoile lán-Ghaeilge, agus bhraith siad gur gné dhearfach atá ann toisc go mothaíonn siad gur chuid de phobal iad agus mar gheall ar aistriú réidh na leanaí chun na bunscoile. An rud ba mhó a chuir leis an aistriú réidh sin ná go raibh na leanaí eolach ar an suíomh agus go raibh deiseanna acu cuairt a thabhairt ar an scoil chun dul i dtaithí uirthi roimh thosú ar scoil i gceart.

| | |
|---|---|
| *Má bhíonn deis acu leanúint ar aghaidh tríd an scoil, tá an nasc sin ann agus freisin do leanaí a d'fhéadfadh a bheith ag streachailt leis an aistriú sin, tá a fhios agat go ndéanann sé sin beagán níos éasca.* | *If they have the chance to continue through the school, there is that link and also for children who might struggle with that transition, you know that it makes that a little bit easier.* |

*Agallamh AJ1*

Sampla eile a thug duine de na rannpháirtithe ná an nasc idir na hoideoirí sa naíonra lán-Ghaeilge agus na hoideoirí atá ag obair sa scoil. Is rud dearfach é sin ó thaobh aistriú na leanaí de mar is féidir leis an mbeirt mhúinteoirí riachtanais an linbh a phlé le cead ó na tuismitheoirí.

| | |
|---|---|
| *Nuair a théann an páiste isteach i naíonáin bheaga, tá cineál leanúint leis an cabhair mar is féidir linn labhairt leis an múinteoir, obviously, caithfimid cead a fháil ó na tuismitheoirí but agus tá sé sin an tábhachtach. You know gur féidir leanúint leis an cabhair agus you know collaborative work arís a bheith leis an múinteoir agus chun cur in iúl dí áiteanna go raibh muidne ag obair air.* | *When the child goes into junior infants, I'm kind of continuing with the help because we can talk to the teacher, of course, we have to get permission from the parents but that's important. You know that the help can continue, and you know to have collaborative work again with the teacher and to let her know what we were working on.* |

*Agallamh AJ2*

**An líon daltaí sa rang agus cóimheasa idir daltaí agus oideoirí luathbhlianta**

Measadh gur buntáiste freisin é an líon níos lú daltaí sna ranganna agus an líon níos lú leanaí atá cláraithe sa naíonra lán-Ghaeilge. Níor bhain na rannpháirtithe sa staidéar le cuideachta mhór, agus measadh gur buntáiste é sin ó thaobh aithne phearsanta a chur ar na leanaí.

| | |
|---|---|
| *Ní comhlacht mór muidne so ní uimhir na páistí is duine an páiste agus duine iad i mo naíonra go hiomlán so agus tá a lán, a lán buntáistí tá na dhá bhliain iontach.* | *We are not a big company, the children are not a number, each child is an individual and they are all one in my naíonra, and there are many, many advantages, the two years are great.* |
| *Agallamh 7* | |

Ba lú an cóimheas idir leanaí agus oideoirí sna suíomhanna freisin, rud a chuaigh chun tairbhe do na leanaí. Is amhlaidh an scéal mar bhí oideoirí breise fostaithe ar bhonn príobháideach ag na suíomhanna ar fad inar oibrigh na rannpháirtithe chun freastal ar riachtanais na leanaí. Cé gur cleachtas dearfach é sin, an toradh atá air ná go mbíonn suíomhanna áirithe faoi bhrú ó thaobh airgid de.

**Straitéisí ionchuimsitheacha**

Chuir rannpháirtithe an staidéir seo réimse straitéisí ionchuimsitheacha teagaisc chun feidhme lena chinntiú go gcuimsítear gach leanbh sa suíomh.

| | |
|---|---|
| *Bhuel bíonn tú ag obair i gcónaí, ag déanamh do ghnáth rudaí le páistí eile. Bíonn siad included in gach rud so. Níl aon difríocht ann.* | *Well, you're always working, doing your normal things with other kids. They're included in all this. There's no difference.* |
| *Agallamh K1* | |

Chun timpeallacht ionchuimsitheach a chur chun feidhme, mhínigh na rannpháirtithe gur ghlac siad am chun aithne phearsanta a chur ar na leanaí go léir, a mhéad agus is féidir leo, lena chinntiú go sainaithnítear a réimsí spéise agus a láidreachtaí. Labhair ochtar rannpháirtithe faoin am duine le duine a chaitear le leanaí a bhfuil RSO acu sa suíomh chun

cabhrú lena gcur san áireamh i ngníomhaíochtaí laethúla an tsuímh. Bhí tábhacht leis sin chun aithne phearsanta a chur ar an leanbh agus chun a riachtanais a shainaithint.

| | |
|---|---|
| *De ghnáth, déanaimid duine le duine leo agus déanaimid amach cad a oibríonn leo. Mar a d'fhéadfadh go mbeadh cúnamh ag teastáil ó roinnt leanaí lena dteanga.* | *Usually, we do one to one with them and figure out what works with them. Like some children might need help with their language.* |

*Agallamh D*

## Dúshláin

### Tnáitheadh agus coinneáil i measc oideoirí luathbhlianta

Labhair ceathrar rannpháirtithe faoi na dúshláin a bhíonn rompu ina gcuid oibre le leanaí a bhfuil RSO acu. Thug rannpháirtí amháin sampla maidir lena dhúshlánaí a bhíonn sé freastal ar RSO leanaí uaireanta.

| | |
|---|---|
| *Mar sin, sin an áit a rachadh go leor dár gcuid fuinnimh ag brath ar na riachtanais bhreise, más féidir leo ionsaí a thaispeáint do leanaí eile, tá go leor dár gcuid oibre ar siúl ag iarraidh an ionsaí sin a chosc agus ag iarraidh iad sin a atreorú chuig áit éigin eile. Nó ag iarraidh é a ghlacadh orainn féin ionas nach dtéann sé i dtreo leanaí eile.* | *So that's where a lot of our energy would go depending on the additional needs, if they can show aggression to other children, a lot of our work is being around trying to prevent that aggression and trying to redirect those to somewhere else. Or trying to take it on us so that it doesn't go to towards other children.* |

*Agallamh K3*

Bhí gá leis an maoirseacht duine le duine sin chun sábháilteacht an linbh ag a raibh RSO agus chun sábháilteacht na leanaí eile agus na n-oideoirí a chinntiú. Níor shonraigh na rannpháirtithe an t-oideoir a chuir an tacaíocht duine le duine sin ar fáil agus cibé acu a bhí nó nach raibh sé ina oideoir luathbhlianta AIM. Tuigeann an taighdeoir go bhfuil an t-oideoir luathbhlianta AIM ann ar mhaithe leis an suíomh ina iomláine agus nach bhfuil sé fostaithe de réir shamhail na gcúntóirí riachtanas speisialta. Cuireann an cleachtas sin éileamh mór ar na hacmhainní sa

naíonra lán-Ghaeilge agus tarlaíonn sé go minic nach mbíonn an méid céanna d'am an oideora á fháil ag na leanaí eile sna suíomhanna mar thoradh air sin. Mar sin féin, níorbh fhéidir é sin a sheachaint mar b'éigean tús áite a thabhairt do shábháilteacht na leanaí ar fad.

| | |
|---|---|
| *Nílimid ach ag iarraidh a bheith cothrom leis na páistí eile ar fad. Is léir go dtagann sábháilteacht ar dtús.* | *We're just trying to be fair to all the other children. Obviously, safety comes first.* |

*Agallamh K1*

Luaigh cuid mhór de na rannpháirtithe go mbíonn an ghné sin den phost an-tuirsiúil agus an-dúshlánach, agus go bhféadfadh tnáitheadh oideoirí a bheith ina thoradh air.

| | |
|---|---|
| *Bhí sé diana. Bhí, bhí, agus go háirithe uaireanta is féidir leo greim a bhaint.* | *It was tough. It was, it was, and especially sometimes they can bite.* |

*Agallamh A*

| | |
|---|---|
| *Tá beirt múinteoirí againn istigh you know beirt oiditheoirí istigh ansin leo agus tagann siad amach frazzled beagnach gach aon lá.* | *We have two teachers in there, you know, two educators in there with them, and they come out frazzled almost every day.* |

*Agallamh S*

Thuairiscigh roinnt rannpháirtithe freisin go mbíonn oideoirí ag fágáil na hearnála mar thoradh ar an leibhéal tacaíochta duine le duine a bhíonn ag teastáil agus ar na héilimh a chuireann an tacaíocht sin ar oideoirí nach bhfaigheann ach tuarastal íseal ar an obair dhúshlánach a bhíonn ar siúl acu. De réir tuairiscí áirithe, imíonn cuid mhór de na hoideoirí sin chun dul ag obair mar chúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna.

| | |
|---|---|
| *Táimid ag cailliúint na daoine is fearr nuair a thagann post suas in san scoileanna. Cuireann siad isteach do cúntóirí (CRS). Tá siad ag iarraidh dul i dtreo na cúntóirí, pá agus pá i rith na laethanta saoire. Má fhaigheann tú post lán aimsire sa scoil, gheobhaidh tú an t airgead i gcóir an* | *We are losing the best people when jobs come up in schools. They put in as assistants (SNA). They are looking to go in the direction of assistants, pay and pay during the holidays. If you get a full-time job in school, you will get the money for the* |

*samhradh. Agus gheobhaidh tú pá agus beidh tú ar scéim phension.*

*summer. And you will get pay and you will be on a pension scheme.*

*Agallamh 10*

Dúirt na rannpháirtithe ar fad gur dúshlán é an pá íseal agus na drochdhálaí oibre, agus go bhfágann cuid mhór oibrithe an earnáil mar thoradh air sin.

**Am a thabhairt do leanaí nach bhfuil RSO acu**

Ceann de na téamaí a tháinig chun cinn sna sonraí ná go mbíonn deacrachtaí ag oideoirí am a thabhairt do gach leanbh mar a bhíonn ag teastáil uathu le foghlaim agus le fás sa naíonra lán-Ghaeilge. Faraor, in go leor cásanna, tuairiscíodh nárbh fhéidir le hoideoirí an t-am a bhí ag teastáil ó leanaí nach bhfuil RSO acu a thabhairt dóibh mar gheall ar dhianriachtanais leanaí eile sa suíomh. Bhí siad míshásta faoi sin agus mhothaigh siad ciontach faoi. Luaigh 11 rannpháirtí as 15 rannpháirtithe é sin.

*Tá na páistí gan RSO, tá siad ag cailliúint rudaí mar níl siad ag foghlaim nuair atá an múinteoir ag déileáil le duine amháin sa chúinne, you know or whatever sa seomra, níl sé féaráilte.*

*The children without SEN, they are missing out on things because they are not learning when the teacher is dealing with one person in the corner, you know or whatever in the room, it is not fair.*

*Agallamh C*

*Mothaíonn siad chomh dona sin nach bhfuil siad in ann do na páistí nach bhfuil aon RSO breise acu. Nach bhfuil siad a thabhairt i ndóthain ama dóibh.*

*They feel so bad that they can't do it for the kids who don't have any additional SEN. They can't give them enough time.*

*Agallamh S*

*Mothaím ciontach do na páistí ar fad, ní fhaigheann siad an t-am céanna agus an aird is a d'fhéadfá a thabhairt dóibh.*

*I feel guilty for all the children, they don't get the same time and attention that you would be able to give them.*

*Agallamh K3*

Tugtar roinnt samplaí anseo thíos den tionchar a bhíonn ag deacrachtaí roinnt leanaí ar oideachas leanaí eile.

*Ach tháinig siad isteach i gcónaí ag screadaíl, ag screadaíl agus ag caoineadh, agus thóg sé timpeall leathuair, 3/4 uair an chloig chun iad a réiteach. Agus is dóigh liom go raibh tionchar aige seo ar na páistí eile agus ar roinnt leanaí eile nach mbeadh ag iarraidh teacht isteach sa scoil agus bhí sé seo ag tarlú.*

*But they constantly came in screaming, screaming and crying, and it took around half an hour, 3/4 of an hour to settle them down. And I do feel this had an impact on the other children and some other children wouldn't want to come into school and this this was happening.*

*Agallamh D*

*Mar sin bhí na páistí eile ag fulaingt mar b'éigean dúinn gach rud a bhogadh as a mbealach mar bhí a fhios againn go raibh siad ag teacht isteach. Páistí álainn, ach bhí ort gach rud a bhogadh.*

*So, the other kids were suffering because, yeah, everything had to be moved out of their way because we knew they were coming in. Lovely kids, but you had to move everything.*

*Agallamh A*

I gcás amháin, maidir le leanaí nach bhfuil RSO acu, luaigh rannpháirtí gur minic a thugann na leanaí sin faoi deara nach bhfaigheann siad an aird chéanna a fhaigheann leanbh ag a bhfuil RSO. Rud spéisiúil, sa chás áirithe sin bhí sé ar a chumas ag an leanbh é sin a chur in iúl go discréideach don oideoir.

*Ach thuig mé le déanaí an cailín beag a thosaigh ag an am céanna. Bíonn sí ag teacht suas, agus mothaím ar bhealach go mbíonn sé an-soiléir di, tugaim aird dó agus ní fhaigheann sí aird ar bith, agus díreach thuig mé le déanaí nach deas an rud é sin di. Mar sin caithfidh mé iarracht a dhéanamh, an bhfuil a fhios agat, mar déanaimid iarracht a bheith féaráilte do na leanaí eile. Gan amhras, tugaimid tús áite don tsábháilteacht, má thuigeann tú leat mé.*

*But I just realised recently that the little girl who started at the same time. She's kind of coming up to I just I I kind of feel that she's it's really obvious to her, I'm giving him attention and that she's not getting it and I just kind of just kind of just dawned on me lately that that's not very nice for her. So, I have to try, and you know, kind of like we're just trying to be fair to all the other children. Obviously, safety comes first if you know what I mean.*

*Agallamh K1*

Dúirt rannpháirtí amháin gur crá croí é sin san obair gach lá agus go mothaíonn sé go dona faoi na leanaí go léir sa suíomh.

| | |
|---|---|
| *Tá muid stróicthe go mór ag iarraidh freagra a thabhairt ar na difríochaít ar fad agus bhraithfeá go raibh faillí á déanamh againn ar leanaí áirithe a bhíodh a fhios agat, níos ciúine b'fhéidir nó nach raibh chomh dian céanna ó thaobh a gcuid riachtanas agus díríodh go mór ar chúpla páiste a bhainistiú.* | *We were torn like hugely before that, trying to kind of respond to all the difference and you would feel that we were neglecting certain children who would be quieter may be or who weren't as demanding in terms of their needs and there was a huge focus on just kind of managing a couple of children.* |

*Agallamh AJ1*

I suíomhanna áirithe, tuairiscíodh go dtéann RSO leanaí áirithe i bhfeidhm ar struchtúr na ngníomhaíochtaí sna suíomhanna sin. Mar shampla, i suíomh amháin, ní bhíonn amhránaíocht ar siúl ag na leanaí ach amháin nuair nach mbíonn leanbh ag a bhfuil RSO i láthair mar cuireann an amhránaíocht isteach go mór air agus bíonn sé trína chéile leis.

| | |
|---|---|
| *Bhí páiste eile againn ar fuath leis an amhránaíocht. Mar sin bhí orainn a chinntiú go bhféadfadh sé imeacht go luath ar na laethanta a raibh muid ag canadh agus go mbeadh muid ag canadh nuair a d'fhág sé.* | *We had another child who hates singing. So, we had to make sure that he could leave early on the days we were singing and that we would sing when he left.* |

*Agallamh K3*

Sampla eile a tugadh ná an dúshlán a bhaineann le gníomhaíochtaí laethúla a dhéanamh sa suíomh mar ní féidir le leanaí áirithe déileáil leis sin.

| | |
|---|---|
| *Abair agus tú ag dul ó A go B. Agus má tá tú ag dul áit éigin nó rud ar bith, féadfaidh sé glacadh níos faide, nó is féidir go mbeidh tubaiste nó rud éigin agat, agus socróidh sé sin gach rud agus tógann sé sin níos mó ama. Agus ansin más rud é nach bhfuil an leanbh sin sásta agus tá a fhios agat, agus thosaíonn rud éigin agus nach bhfuil siad sásta. Tógann sé sin níos mó ama, níos mó foirne, níos mó ama.* | *Say when you're getting from A to B. And if you're going somewhere or anything, it can take longer, or you can have a meltdown or something, and that will hold everything up and that takes more time. And then if the child like that is not happy and you know, and something kicks off and they're not happy. That takes more time, more staff, more time.* |

*Agallamh K1*

Labhair rannpháirtí amháin go dtuigeann sé anois cé chomh deacair a bhíonn sé déileáil le riachtanais leanaí áirithe agus an méid mór ama a bhíonn ag teastáil chun é sin a dhéanamh, agus go dtuigeann sé an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar leanaí eile sa rang.

| | |
|---|---|
| *Sílim i mbliana mar nach bhfuil an dúshlán sin againn tá tú ag feiceáil cé mhéad aird a bhí de dhíth air.* | *I think this year because we don't have that challenge, you're seeing how much attention he needed.* |

*Agallamh B*

**Dúshláin maidir le leanaí an-óg a dhiagnóisiú**

Dúirt aon duine dhéag de na rannpháirtithe (duine as gach suíomh) go mbíonn na leanaí an-óg nuair a thosaíonn siad sa naíonra lán-Ghaeilge agus gur dúshlán é sin ó thaobh freastal ar a riachtanais agus chun déanamh amach an bhfuil RSO acu. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, bíonn na leanaí chomh hóg sin agus iad ag tosú sa naíonra go mbíonn na tuismitheoirí féin ag cur aithne orthu mar leanaí freisin an tráth sin.

| | |
|---|---|
| *Sílim go bhfuil na leanaí seo chomh óg, is dóigh liom go raibh fiú a dtuismitheoirí, na tuismitheoirí cineál ag dul i dtaithí ar a bpáistí féin.* | *I think these children are so young, I think that even their parents, the parents were also kind getting to their own children.* |

*Agallamh AJ2*

| | |
|---|---|
| *Tá ceann nó dhó ann a bhféadfadh ceisteanna a bheith agat futhu, ach tá siad chomh óg agus tá sé deacair a aithint ag an aois óg seo, tá sé cineál deacair a shainiú.* | *There is one or two that you could have questions over, but they're so young and it's hard to kind of at this early age, it's kind of hard to define.* |

*Agallamh B*

Shonraigh rannpháirtí eile go mbíonn na leanaí ag brath go mór ar dhaoine fásta agus iad ag tosú sa naíonra lán-Ghaeilge. Fágann sé sin nach éasca i gcónaí idirdhealú a dhéanamh idir

leanaí a bhfuil cabhair agus treoraíocht níos mó ag teastáil uathu le bheith neamhspleách agus leanaí a bhfuil RSO acu.

*Measaim go bhfuil na páistí dhá bhliain ocht míosa, tá siad an-óg fós ag teacht isteach agus tá an chuid cabhair uathu. Ní hé just go bhfuil riachtanais speisialta, tá cabhair ag teastáil uathu ó thaobh an leithris, ó thaobh rudaí simplí cosúil le glanadh suas, cabhair ó thaobh an lón, rudaí, gnáth rudaí ó thaobh neamhspleáchas de níl sé acu.*

*I think the children are two years and eight months old, they are still very young coming in and they need lots of help. It's not just that they have special needs, they need help with the toilet, with simple things like cleaning up, help with lunch, things, normal things in terms of independence they don't have.*

*Agallamh 10*

Labhair rannpháirtí amháin faoina thábhachtaí atá sé intinn oscailte a bheith ag duine agus é ag féachaint ar leanbh ag aois an-óg, agus bhraith sé go raibh tábhacht leis sin ionas nach gcuirfí lipéad mícheart ar leanbh.

*Caithfidh tú a bheith cúramach. Ní siad ach óg. Seans nach bhfuil sé acu.*

*You have to be careful. They are only young. They might not have it.*

*Agallamh A*

Labhair rannpháirtí eile faoin dúshlán a bhaineann le laghdú a dhéanamh ar an aois ag a dtosaíonn leanaí i suíomh ECCE ó thaobh freastal ar a riachtanais aonair de, faoi mar a léirítear sa sampla thuas.

*Sílim go bhfuil fadhb fosta ó thosaigh siad an aois dhá bhliain agus ocht mhí.*

*I think there's also a problem since they started at the age of two years and eight months.*

*Agallamh 7*

**RSO agus dúshlán na Gaeilge**

Luaigh naonúr rannpháirtithe (N=15) gur féidir leis an nGaeilge a bheith dúshlánach do leanaí óga a bhfuil RSO acu, dar leo. Dúirt cuid de na rannpháirtithe go gcreideann siad go mbíonn sé níos deacra do leanaí áirithe a bheith ag foghlaim tríd an dara teanga, an Ghaeilge

sa chás seo. Dúirt rannpháirtithe áirithe gur gá féachaint ar riachtanais aonair an linbh agus measúnú á dhéanamh ar a oiriúnaí atá an fhoghlaim trí Ghaeilge do na leanaí go léir.

| | |
|---|---|
| *An bac teanga agus an chumarsáid leo is dócha a bheadh mar cheist nuair a thagann sé go dtí an naíonra, nílim 100% cinnte an mbeadh an naíonra go maith do pháistí le riachtanais speisialta.* | *It's just more the language barrier and the communication with them that would be probably the issue when it comes to the naíonra, I'm not 100% sure whether the naíonra would be good for children with special needs.* |
| *Agallamh D* | |

Luaigh rannpháirtithe áirithe gur roghnaigh siad labhairt as Béarla le leanaí áirithe a bhfuil RSO acu lena chinntiú gur thuig na leanaí sin an méid a bhí á rá acu.

| | |
|---|---|
| *Braitheann sé uaireanta bíonn gá orainn labhairt i mBéarla leo ó thaobh cumarsáide agus tuiscint cumarsáid so bíonn orainn athrú isteach i mBéarla. Ionas nach gcailleann siad aon rud sa cumarsáid.* | *It depends, sometimes we must talk to them in English, in terms of communication and understanding communication. So that they don't miss any of this communication.* |
| *Agallamh AJ1* | |

Maidir leis na dúshláin ó thaobh teanga de a bhíonn ag leanaí ag a bhfuil deacrachtaí urlabhra agus teanga, dúirt formhór na rannpháirtithe go mbíonn na dúshláin sin le sonrú sna teangacha go léir atá ag an leanbh seachas sa Ghaeilge amháin.

| | |
|---|---|
| *Feicim go dtuigeann sé, tuigeann sé na bun rudaí go mbíonnse ag caint faoi ach a níl an teanga Béarla soiléir go leor so, níl a fhios agamsa an bhfuil Béarla nó Gaeilge aige, ach níl an Béarla soiléir agus ní chloisim Béarla nó Gaeilge soiléir.* | *I see that he understands, he understands the basic things that you are talking about, but the English language is not clear enough, I don't know if he speaks English or Irish, but the English is not clear, and I don't hear clear English or Irish.* |
| *Agallamh 7* | |

| | |
|---|---|
| *Cuid do na daoine leis na deacrachtaí teangacha ceapaim uaireanta bíonn sé deacair duit na focail a chloisint go maith freisin.* | *Some of the people with the language difficulties I think sometimes it's hard for you to hear the words well too.* |

*Agallamh C*

Labhair rannpháirtí amháin faoina dhúshlánaí a bhíonn an teagasc trí theanga nua do leanaí, agus go mb'fhéidir go mbaineann sé sin le breis FGL i réimse an tumoideachais mar a léirítear sa litríocht a léirbhreithníodh i gcaibidlí a haon agus a dó.

| | |
|---|---|
| *Sea, sílim, má tá tú má tá fadhb agat, agus má tá tú ag iarraidh múineadh i dhá theanga, is dóigh liom go bhfuil sé sin deacair le dhéanamh.* | *Yeah, I think if you have a problem and you're trying to teach in two languages, I think it is a hard thing to do.* |

*Agallamh A*

**Paindéim COVID19**

Rud atá spéisiúil, sainaithníodh paindéim COVID19 mar théama laistigh de na sonraí a bailíodh sa staidéar seo. An príomh-fhothéama a sainaithníodh ná gur mó riachtanais na leanaí a fhreastalaíonn ar naíonra lán-Ghaeilge na rannpháirtithe ar fad ó bhí an phaindéim ann. Tuairiscítear go mbíonn breis tacaíochta ag teastáil ó leanaí maidir le bainistiú iompraíochta, forbairt scileanna sóisialta, agus urlabhra, teanga agus cumarsáid ón bpaindéim. Dúirt rannpháirtí amháin gur rud úrnua é sin agus nach bhfaca sé a leithéid riamh cheana.

| | |
|---|---|
| *Because it's unprecedented, níor tharla sé sin riamh, so it's a cohort iomlán nua do pháistí a bhí muid ag fáil le trí bliain, b'fhéidir ceithre bhliain, an iompar yeah, sin iompar agus scileanna sóisialta ach go háirithe.* | *Because it's unprecedented, that's never happened before, so it's a whole new cohort of children that we've been getting for three years, maybe four years, the behaviour yeah, that's behaviour and social skills in particular.* |

*Agallamh AJ1*

Luaigh na rannpháirtithe go mbíonn leanaí áirithe cuid mhór chun deiridh i gcásanna áirithe agus gur dúshlán atá sa mhéid sin.

| | |
|---|---|
| *Agus anois tá siad thart ar dhá bhliain taobh thiar ina bhforbairt agus sin an fhírinne faoi agus tá mé i bhfad i gcéin sa phost.* | *And now, they are about two years behind in their development and that's the truth of it and I am a hell of a long time in the job.* |

*Agallamh 10*

Luaigh roinnt rannpháirtithe go bhféadfadh sé sin a bheith ina thoradh ar an strus a bhí ar na tuismitheoirí ag an am, mar shampla nuair a bhí siad ag obair ón mbaile agus ag tabhairt aire do na leanaí san am céanna. B'fhéidir go ndeachaigh sé sin i bhfeidhm ar fhorbairt na leanaí ar bhealach éigin, dar leo.

| | |
|---|---|
| *Babaí Covid a bhí ann agus b'fhéidir go bhfuair sé a lán aird nó a bhealach féin agus anois is seo an chéad, an chéad ait go bhfuil, go gcaithfidh sé tabhairt faoi na 'transitions', go gcaithfidh sé lón a ithe ag an mbord, go gcaithfidh sé glanadh suas na bréagáin, go gcaithfidh sé b'fhéidir dul isteach sa líne ag am dul abhaile.* | *A Covid baby again and maybe he got a lot of attention or his own way and now this is the first, the first place that there is, that he has to do the 'transitions', that he has to eat lunch at the table, that he has to clean up the toys, that he maybe has to join the line at time to go home.* |

*Agallamh 7*

Thug rannpháirtí amháin sampla praiticiúil den chaoi a ndeachaigh an phaindéim agus an dianghlasáil i gcion ar fhorbairt shóisialta na leanaí.

| | |
|---|---|
| *Cuid de na grúpaí is deacra a bhí agam riamh ó thaobh an Covid…. Ní raibh siad riamh as an teach i measc páistí eile, bíonn deacrachtaí acu, ag roinnt, ag tógáil seans le Chéile, even just ag argóint, you know, bíonn siad an t aon duine sa domhan. You know ní thuigeann siad go gcaithfidh tú fanacht go dtí go bhfuil an duine eile réidh leis. Tá sé deacair dóibh i mbliana, caithfidh mé a rá ceapaim go bhfuil na tuismitheoirí, very, protective of the páistí sin ó thaobh an Covid so na rudaí sin, they are definitely a dúshlán.* | *Some of the hardest groups I've ever had in terms of Covid... They've never been out of the house with other kids, they have trouble sharing and taking chances with each other, even just arguing, you know, they're the only ones in the world. You know they don't understand that you must wait until the other person is ready. It's been hard for them this year, I have to say I think the parents are, very, protective of those kids in terms of Covid so those things, they're definitely a challenge* |

*Agallamh C*

Ní raibh an rannpháirtí sin ar an aon duine amháin a luaigh an difear a rinne paindéim COVID19 don chaoi a mbíonn tuismitheoirí ag idirghníomhú lena leanaí nó leis na hoideoirí sa suíomh; luaigh triúr rannpháirtithe eile é sin freisin. Thug an triúr rannpháirtithe eile sampla den easpa spéise a chuireann tuismitheoirí áirithe in oideachas a linbh, rud a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach do na naíonraí lán-Ghaeilge, go háirithe nuair a bhíonn na tuismitheoirí gafa leis an obair agus nach mbíonn deis ann bualadh leo agus labhairt leo.

| | |
|---|---|
| *I don't know like tá rud éigin, tharla rud éigin cinnte le linn Covid agus tá tionchar ollmhór tar éis a bheith aige ar na páistí, ach freisin ceapaim tá tionchar mór ar meon nó dearcadh na tuismitheoirí agus bhéis tú ceapadh go raibh siad níos mó, I suppose, more grateful if, fuaimíonn sé sin mícheart, but you know like anois ní thugann aon duine saghas they don't put any weight in aon rud go bhfuil rá againn* | *I don't know like there's something, something definitely happened during Covid and it's had a huge impact on the kids, but also I think there's a big impact on the mindset or the attitude of the parents and you would have thought they would be more, I suppose, more grateful if, that sounds wrong, but you know like now nobody kind of gives a damn they don't put any weight in anything that we have to say.* |

*Agallamh S*

**Clár AIM**

Sna fócasghrúpaí agus sna hagallaimh, phléigh na rannpháirtithe a dtaithí ar AIM agus an chaoi a gcuirtear chun feidhme é trí Ghaeilge i naíonraí lán-Ghaeilge. Sa chuid sin, ba é an rud ba mhó a tháinig chun cinn sna sonraí a bailíodh ná an easpa oideoirí a bhfuil Gaeilge acu. Bíodh is nárbh é aidhm an staidéir measúnú a dhéanamh ar chlár AIM, measadh gurbh fhiú cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe a dtaithí ar chur chun feidhme an chláir ina suíomh féin a chur in iúl.

Chuir roinnt rannpháirtithe (n=4) in iúl gur gné dhearfach ina suíomh é an leithdháileadh breise oideoirí, rud a chabhraíonn go mór leo san obair laethúil le leanaí a bhfuil RSO acu. Dúirt na rannpháirtithe sin go léir gur rud thar a bheith luachmhar é tacaíocht bhreise ó dhuine fásta eile sa suíomh agus go mbaineann siad an-tairbhe as an tacaíocht sin.

*Is iontach an rud you know agus tá sé an, like ní fhéadfadh muid feidhmiú gan AIM le cúpla bliain anuas. You know nuair a bhreathnaím siar cén chaoi a rinneamar é gan AIM roimh é seo.*

*It's amazing, you know, and it's like, we couldn't have functioned without AIM for the last few years. You know, when I look back at how we did it without AIM before this.*

*Agallamh S1*

*Is dóigh liom gurb é sin an buntáiste mór a bhaintear as AIM ná go bhfuil an cóimheas seo again.*

*I think that is what we benefit hugely from through AIM is that we have this ratio.*

*Agallamh AJ1*

Cé go raibh buntáiste ag baint leis an gcóimheas oideoirí níos airde, ba é an fhadhb ba mhó a bhí ag na rannpháirtithe go léir teacht ar oideoirí a bhí cáilithe go cuí agus inniúil sa Ghaeilge. Ar an gcéad dul síos, dúirt siad go mbíonn deacrachtaí acu daoine ag a bhfuil Béarla agus na cáilíochtaí cuí a aimsiú chun dul ag obair sna suíomhanna. Go simplí, ní bhíonn na daoine sin ann ná ar fáil le dul ag obair. Cheistigh rannpháirtí amháin cibé acu a bhíonn na deacrachtaí céanna sin ag suíomhanna Béarla nó nach mbíonn.

*Níl a fhios agam, agus tá sé níos éasca do na daoine atá ag obair i gcóras trí Bhéarla, ach dúinn go bhfuil sé deacair duine a fháil go bhfuil an cháilíocht agus an teanga acu.*

*I don't know, and it's easier for the people working in a system through English, but for us it's difficult to find someone who has the qualifications and the language.*

*Agallamh AJ2*

Bíodh is go dtiocfadh sé salach ar éiteas an oideachais réamhscoile lán-Ghaeilge, chuir rannpháirtí amháin in iúl go mbeadh sé toilteanach duine le Béarla a fhostú le dul ag obair sa suíomh ach nach bhfuil daoine mar sin a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu ar fáil.

*Sea, cinnte d'fhéadfainn iad a thógáil fiú gan Gaeilge ach ní féidir linn teacht ar duine ar bith.*

*Yeah, sure I could even take them without the Gaeilge, but I can't find anyone.*

*Agallamh C*

Dúirt rannpháirtithe ó chúig shuíomh nach raibh de rogha eile acu ach oideoir luathbhlianta AIM nach raibh Gaeilge acu a fhostú le go bhféadfaidís a suíomh a reáchtáil ar bhealach ionchuimsitheach. Bhí siad míshásta leis sin, ach bhraith siad nach raibh rogha eile acu mar ní fhéadfaidís freastal ar riachtanais na leanaí gan an duine breise sin. Bíodh is gur mhol na rannpháirtithe ar fad caighdeán na hoibre a dhéanann a gcomhghleacaithe nach bhfuil Gaeilge acu, dúirt siad ar fad go mbíonn níos mó Béarla á labhairt sa suíomh mar gheall ar oideoir gan Ghaeilge a bheith ann, rud a mhaolaigh an leibhéal tumtha sa Ghaeilge do na leanaí. Ní raibh siad sásta leis sin mar bhraith siad go raibh teagmháil níos lú ag na leanaí leis an nGaeilge, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhforbairt sa teanga.

*An cailín atá againn faoi láthair tá Gaeilge aici but níl mórán chor ar bith agus bhí sé iontach í a fháil. Tá sí an mhaith just tá sé deacair. So, you know cloiseann na páistí Béarla sa rang bíonn sí ag obair lena páistí ciúin but tá sé an deacair like duine a fháil le Gaeilge.*

*The girl we have at the moment speaks Irish but not much at all and it was great to find her. She's good but it's hard. So, you know the kids hear English in class she works with her kids quietly but it's hard to find someone with Irish.*

*Agallamh H*

*Tá tú anois, ag rá rudaí leo i mBéarla agus tá siad i gcónaí ag obair leis na páistí i mBéarla. Bíonn Béarla ag na páistí le riachtanais speisialta mar tá Béarla acu agus níl Gaeilge acu. Mar sin, tá sé tógtha ó Ghaeilge iarbhír na naíonra.*

*You now, saying to them things in English and they're always working with the children in English. The special needs kids in English because they have English, and they don't have Irish. So, it's taken from the actual Irish of the naíonra.*

*Agallamh K1*

Thuairiscigh rannpháirtí amháin sa ghrúpa go mbíonn sé ag múineadh Gaeilge d'oideoirí nach bhfuil Gaeilge acu. Chuir sé in iúl gurbh ualach breise é sin air agus nár chuid dá jab é, ach bhraith sé nach raibh de rogha aige ach é sin a dhéanamh dá mba mhian leis an leibhéal riachtanach Gaeilge a chothabháil.

*Tá cailín agamsa (oibreoir) thart ar 3 bhliain is ón (Ainm Áite) dí agus ní raibh éinne eile ann so thógas an cailín álainn seo isteach agus chun an fhírinne a rá tá a dhóthain Gaeilge aici chun an lá iomlán a chaitheamh sa naíonra as Gaeilge ag an bpointe seo.*

*I have a girl who is with us (working) 3 years old, and she is from (Place Name) and there was no one else there so I took this beautiful girl in and to tell the truth she has enough Irish to spend the whole day in the naíonra at this point.*

*Agallamh 10*

Dúirt rannpháirtí eile nach mbíonn fáil ar oideoirí luathbhlianta AIM a bhfuil Gaeilge acu agus gur dhiúltaigh sé duine le Béarla a fhostú mar gheall ar bheartas tumoideachais a shuímh. Nuair a rinne sé machnamh air sin sna hagallaimh, dúirt sé go mbíonn brú sa bhreis ar gach duine sa suíomh mar thoradh ar an drogall sin maidir le duine gan Ghaeilge a fhostú.

*Is dócha go bhfuil a mhalairt de chás agam leatsa, áit ar chuir mé féin agus mo bhaill foirne eile go leor strus orainn, is dócha, mar ní fhostaighfinn duine nach raibh Gaeilge aige. Mar sin bhíomar faoi bhrú mór i mí Mheán Fómhair agus is dócha nach raibh sé an timpeallacht is fearr do na páistí ar fad mar diúltaíonn mé duine gan Gaeilge a thabhairt isteach.*

*I am probably the opposite to you, where I probably put us, me and my other staff members through a lot of stress because I wouldn't hire someone who didn't have Irish. So, we were under really a lot of stress for the month of September and probably it wasn't in in the best environment for all the children because I refuse to bring someone in who didn't have Gaeilge.*

*Agallamh K3*

Dhá shuíomh ina raibh rannpháirtithe fostaithe, níor chuir siad isteach ar AIM ar chor ar bith mar bhí an próiseas rófhadálach, dar leo, agus níl fáil ar aon oideoir le Gaeilge ná le Béarla. Chuir na hoideoirí in iúl gurbh ábhar díomá é sin mar bhainfeadh na suíomhanna sin tairbhe as duine fásta eile a bheith ag obair iontu chun ionchuimsiú gach linbh a chinntiú.

*I mbliana, tá drogall orm teagmháil a dhéanamh leo i ndáiríre mar cad atá siad chun a dhéanamh domsa? ...ba bhreá liom duine breise a bheith sa seomra, ach níl siad chun é sin a sholáthar dom.*

*Just yeah kind of this year I am kind of reluctant to contact them really because what are they going to do for me? ...I would love to have an extra person in the room, but there are not going to supply that for me.*

*Agallamh B*

Chuir na rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí atá sé oideoir luathbhlianta AIM a leithdháileadh ar riachtanais an tsuímh seachas ar riachtanais an linbh aonair, agus labhair siad faoin drogall a bhíonn ar thuismitheoirí cur isteach ar chlár AIM dá leanbh. Dúirt rannpháirtithe gur dúshlán atá ann go mbíonn orthu fanacht go mbeidh leanbh ag freastal ar an suíomh chun cur isteach ar thacaíocht AIM. Chuir siad in iúl go mbeadh a fhios acu i bhfad roimh laethanta saoire an tsamhraidh go raibh leanbh ag a bhfuil RSO cláraithe le tosú sa naíonra i mí Mheán Fómhair. Ina ainneoin sin, ní fhéadfaidís iarratas a dhéanamh go dtí mí Mheán Fómhair agus gach seans gur ghá fanacht go dtí tar éis bhriseadh lár téarma na Samhna go gceadófaí oideoir luathbhlianta AIM, agus ba rud an-dúshlánach é sin.

| | |
|---|---|
| *B'fhéidir go mbeadh a fhios againn cén leanbh atá ag teacht isteach i mí Mheán Fómhair má tá tuismitheoir tar éis a rá linn roimh ré, b'fhéidir go mbeadh a fhios againn go bhfuil leanbh ag teacht isteach le riachtanais. D'fhéadfaimis iarratas a chur isteach, ach ní féidir leis an speisialtóir luathbhlianta teacht amach go dtí go dtosóidh an leanbh.* | *We might know what child is coming in in September if a parent has told us in advance, we might know a child is coming in with needs. We could put in an application, but the early years specialist can't come out until the child starts.* |

*Agallamh K2*

Mar thoradh air sin, tá tréimhse i gceist nach bhfuil an duine fásta breise atá ag teastáil ag obair sa suíomh, nó a bhfuil tuarastal an duine sin á íoc ag an suíomh féin go dtí go gceadaítear an post. Cuireann an dá chás sin ualach breise ar na suíomhanna sin de bharr an struis agus an bhrú sa bhreis ar oideoirí agus, i gcásanna áirithe, bhí droch-impleachtaí airgeadais ann freisin. Thairis sin, fágann an tréimhse éiginnteachta agus feithimh sin nach mbíonn aon seasmhacht ag oideoirí luathbhlianta AIM atá ag obair sa suíomh cheana féin, mar ní bhíonn a fhios ag go leor oideoirí cibé acu a bheidh post acu an bhliain dár gcionn nó nach mbeidh.

| | |
|---|---|
| *Tá sé an deacair gach bliain a rá go háirithe mar stiuirthóir, ní fhéadaim abair le duine éigin cinnte go mbeidh post agat i mí mheán fómhair agus caithfimid fanacht thart go dtí* | *It's hard to say every year especially as a director, you can't tell someone for sure you'll have a job in September, and we have to wait around until July. Sometimes August to say* |

*mí Iúil. Uaireanta mí Lúnasa chun abair go mbeadh post acu and then, leath den am, faigheann siad post éigin áit éigin eile agus ansin caithfidh tú dul agus duine éigin a fhostú agus leis an Ghaeilge freisin.*

*they'll have a job and then, half the time, they'll find a job somewhere else and then you must go and hire someone and with Irish too.*

*Agallamh S*

Mheas na rannpháirtithe go raibh tábhacht mhór ag baint le tuiscint mhaith ar an earnáil lán-Ghaeilge i measc speisialtóirí luathbhlianta AIM. Anuas air sin, cuireadh in iúl gurbh uirlis tacaíochta ríthábhachtach a bhí i speisialtóirí Gaeilge, agus chuir na rannpháirtithe ar fad in iúl a thábhachtaí atá sé go dtuigfeadh an speisialtóir luathbhlianta AIM conas mar a fheidhmíonn an t-oideachas réamhscoile lán-Ghaeilge. Labhair siad freisin faoina thábhachtaí atá sé go mbeidh sé ar a gcumas ag na speisialtóirí sin an Ghaeilge a labhairt agus a thuiscint le go dtuigfidís feidhmiú agus miondifríochtaí na suíomhanna tumoideachais agus iad ar cuairt. Tharla sé uaireanta gur bhraith na rannpháirtithe gur chuir an easpa tuisceana agus eolais ar earnáil na naíonraí lán-Ghaeilge isteach ar na hacmhainní a bhí ar fáil dóibh. Mar shampla, ba rud simplí é go mbeadh fáil ar na doiciméid, ar an bpáipéarachas agus ar na bileoga faisnéise ar fad i nGaeilge.

Labhair cúigear rannpháirtithe faoina fhadálaí a bhíonn sé na riachtanais riaracháin a chomhlíonadh agus an páipéarachas ar fad a dhéanamh le haghaidh leanaí a bhfuil RSO acu. Bhain an páipéarachas sin le pleanáil phearsantaithe le haghaidh leanaí a bhfuil RSO acu, foirmeacha a líonadh isteach le haghaidh atreoruithe agus AIM.

*Táimid ansin chun cabhrú leo na foirmeacha a líonadh ansin caithfidh muid iad a chur suas ar HIVE agus rudaí mar sin so tá an píosa sin ach ní ceapaim, ceapaim sin just a time management rud in ionad go bhfuil an páipéarachas dúshlánach nó aon rud mar sin. Tá sé just deacair cinnte go bhfuil tú ag tabhairt a ndóthain am do gach duine.*

*We're there to help them fill out the forms then we have to put them up on HIVE and things like that so there's that part, but I don't think, I think that's just a time management thing rather than the paperwork being challenging or anything like that. It's just hard to make sure you're giving everyone enough time.*

*Agallamh S*

**Moltaí maidir le AIM**

Rinneadh na rannpháirtithe sna fócasghrúpaí agus sna hagallaimh moltaí áirithe maidir leis an bhfeabhas a d'fhéadfaí a chur ar chlár AIM le haghaidh naíonraí lán-Ghaeilge. Moladh a rinne beirt rannpháirtithe ná gur cheart painéal a bheith ann d'oideoirí luathbhlianta AIM atá ar fáil le dul ag obair trí mheán na Gaeilge agus, go hidéalach, atá ar fáil chun freastal ar riachtanas na naíonraí ar gearrfhógra. Sonraíonn an taighdeoir gur sainaithníodh an moladh sin freisin sa mheastóireacht oifigiúil ar AIM agus go bhfuil na moltaí a rinneadh sa mheastóireacht á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe.

| | |
|---|---|
| *Ba bhreá liom go mbeadh painéal acu, b'fhéidir Gaeloideachas, go mbeadh cineál painéal gur féidir linn daoine a fháil fiú má tá duine tinn nó má tá siad as láthair you know go mbeadh painéal ann. Sin fadhb ollmhór agus tá sé i ngach naíonra.* | *I would love for them to have a panel, maybe Gaeloideachas, to have a kind of panel where we can get people even if someone is sick or if they are absent, you know, there would be a panel. That's a huge problem and it's in every naíonra.* |

*Agallamh AJ2*

Baineann moladh eile leis na cáilíochtaí is gá chun dul ag obair mar oideoir luathbhlianta AIM. Sonraíodh sna hagallaimh gur ann do dhaoine an-cháilithe a bhfuil Gaeilge acu (mar shampla múinteoirí bunscoile cáilithe) a d'fhéadfadh dul ag obair i naíonra lán-Ghaeilge ach gur bacainn atá sna cáilíochtaí atá riachtanach. Moladh gur cheart rogha oiliúna solúbtha a bheith ar fáil chun uasoiliúint a dhéanamh ar na daoine sin le gur féidir leo dul ag obair sna suíomhanna agus na dúshláin i ndáil le hearcú daoine oiriúnacha le Gaeilge a mhaolú.

| | |
|---|---|
| *Sílim ba chóir go mbeadh sí ábalta cúrsa tapaí a dhéanamh ar line agus an rud a fháil ar líne gan a bheith ag dul isteach in oifig nó in áit mar. Sílim go bhfuil go leor oibreoirí, go leor daoine amuigh ansin go dtiocfadh leo cuidiú linn ach mar gheall go bhfuil siad mar tuismitheoirí, ní féidir leo rudaí a dhéanamh sa tráthnóna. Ní féidir leat cúrsaí a dhéanamh sa tráthnóna nuair atá clann agat,* | *I think she should be able to do a quick course online and get something online without having to go into an office or a place like that. I think there are a lot of workers, a lot of people out there that could help us but because they are parents, they can't do things in the evening. You can't do courses in the evening when you have kids, you're going swimming you're going to games. You're* |

*bíonn tú ag dul ag snámh bíonn tú ag dul go dtí cluichí. Bíonn tú ag déanamh obair bhaile. Bíonn tú gnóthach go leor agus sílim go mba chóir go mbeadh an rialtas just píosa níos cruthaitheach ag cuidiú le daoine atá ar fáil chun teacht agus cuidiú linne.*

*doing homework. You're pretty busy and I think the government should just be a little bit more creative in helping people who are available to come and help us.*

*Agallamh 7*

Moladh a rinneadh roinnt uaireanta ná gur cheart oideoir luathbhlianta AIM a leithdháileadh ar an suíomh bunaithe ar riachtanais an tsuímh seachas ar riachtanais na leanaí aonair amháin. Ba thábhachtach an moladh sin do na rannpháirtithe mar braitheann siad nach gcuirtear riachtanais na leanaí eile (go háirithe leanaí nach bhfuil RSO acu) san áireamh agus seirbhísí á leithdháileadh.

*Is féidir le duine éigin teacht amach agus breathnú ar an ngrúpa agus féachaint conas atá an grúpa ag dul chun cinn, ach d'fhéadfaimis, thiocfadh linn, gheobhaimid luach saothair bunaithe ar na seirbhísí atá ag teastáil seachas aon leanbh ina aonar.*

*Someone can come out and look at the group and see how the group is progressing, but we could, we would get rewarded based on the services needed rather than any child individually.*

*Agallamh S*

## Acmhainní atá de dhíth

### Rochtain ar sheirbhísí gairmiúla

An príomh-fhothéama a sainaithníodh ná gur chuir na rannpháirtithe (n=10) in iúl gur mhaith leo rochtain níos mó ar ghairmithe, mar shampla teiripeoirí urlabhra agus teanga agus síceolaithe oideachais, ina suíomh féin, go háirithe gairmithe a raibh cur amach acu ar an bhfoghlaim trí Ghaeilge nó tríd an dara teanga. Mheas na rannpháirtithe sin gur rud thar a bheith luachmhar a bheadh ann dá dtiocfadh na gairmithe sin chun a suímh agus breathnóireacht a dhéanamh agus comhairle phraiticiúil a chur orthu maidir le hatreoruithe agus straitéisí chun cabhrú leo freastal ar riachtanais na ndaltaí ar fad.

*Nó tagann duine éigin isteach agus deir siad, éist, tá níos mó tacaíochta ag teastáil ón leanbh sin ná é sin. Tá níos mó tacaíochta ag teastáil ón bpáiste sin. Mar sin dá mbeadh duine agam a tháinig isteach a bhí ina theiripeoir urlabhra agus teanga .....dá dtiocfadh siad isteach uair sa mhí nó uair nó dhó sa bhliain go bhféadfaidís tacú linn leis na leanaí.*

*Or somebody comes in and they say, listen, that child needs more support than that. That child needs more support. So, if I had somebody that came in that was a speech and language therapist .....if they came in once a month or once or twice a year that they could support us with the children.*

*Agallamh D*

Ba thábhachtach an rud é sin do na rannpháirtithe mar tuigeann siad go mbíonn riachtanais éagsúla ag gach leanbh, agus ba bhreá leo comhairle phearsantaithe a fháil chun cabhrú leo freastal ar na riachtanais sin.

*Ach ní mór dúinn duine éigin a fháil chun teacht ar an láthair agus i ndáiríre feiceáil cad a bhfuil muid ag déileáil leis. Ní féidir linn múineadh do gach riachtanas a bhfuilimid go léir ag déileáil leis.*

*But we need someone to come on site and actually see what we're dealing with. We cannot teach for every need that we're all dealing with.*

*Agallamh K3*

**Acmhainní atá de dhíth**

Chuir na rannpháirtithe in iúl freisin gur mhaith leo rochtain ar Chóras Cumarsáide Malartaithe Pictiúr (PECS) trí Ghaeilge (n=2), gléas cumarsáide breisithí agus malartaí (AAC) trí Ghaeilge (n=1), deontais chun ábhair chéadfacha a cheannach (n=2), teiripe urlabhra agus theanga agus acmhainní trí Ghaeilge (n=7), scéalta sóisialta trí Ghaeilge (n=2), níos mó amhráin Ghaeilge chun an teanga a theagasc (n=2), agus níos mó áiseanna amhairc mar shampla póstaeir agus cláir ama amhairc (n=3).

**Feachtas poiblí**

Labhair beirt rannpháirtithe faoin ngá a bhí le feachtas poiblí chun a léiriú go bhfuil idir an naíonra lán-Ghaeilge agus an fhoghlaim trí Ghaeilge oiriúnach do leanaí a bhfuil RSO acu.

| | |
|---|---|
| *Mar sin b'fhéidir feachtas poiblí ar na tairbhí atá ann do leanaí agus is éard atá i gceist agam ná go bhfuil sé cruthaithe anois ag taighde go dtéann sé chun tairbhe leanaí a bhfuil, bíodh a fhios agat, an dara nó an tríú teanga á fhoghlaim acu. Agus mar sin b'fhéidir feachtas poiblí a bheidh dírithe ar thuismitheoirí chomh maith le rá gur rogha é seo do'd leanbh.* | *So maybe a public campaign on the benefits that are there for children and I mean research has proved now that it does benefit children with, you know, learn a second or third language. And so maybe a public campaign aimed at parents as well to say that this is an option for your child.* |

*Agallamh K3*

Labhair ochtar rannpháirtithe faoi na tuairimí diúltacha atá sa phobal faoi oiriúnacht na foghlama trí Ghaeilge do leanaí a bhfuil RSO acu, agus tá an toisc seo ag teacht leis an méid sin.

| | |
|---|---|
| *Is dóigh an bac a bheadh ann ná uaireanta, tá sé suimiúil na daoine a chur níos mó brú ó thaobh an Ghaeilge orainn ná na teiripeoirí. Like tagann b'fhéidir an síceolaí nó tagann an OT agus deireann siad linn 'Wouldn't they be better off speaking English?'* | *I think the barrier would be that sometimes, it's interesting that people put more pressure on us in terms of Irish is the therapists. Like maybe the psychologist comes or the OT comes, and they say to us 'Wouldn't they be better off speaking English?'* |

*Agallamh 10*

| | |
|---|---|
| *Measaim féin an dara teanga tá siad…. tá an dearcadh amuigh ansin go bhfuil sé ró-dúshlánach do páistí le aon riachtanaisí breise ach ní aontaím leis sin. Agus cuireann an tuairim sin saghas as dom, go háirithe like ní amadán iad na páistí seo.* | *I personally think that the second language is…. there's a perception out there that it's too challenging for kids with any additional needs but I don't agree with that. And that perception kind of pisses me off, especially because like these kids are not stupid.* |

*Agallamh S*

I líon mór cásanna, tuairiscíodh go mbíonn comhairle á cur ag gairmithe (mar shampla síceolaithe oideachais, dochtúirí, altraí sláinte poiblí agus teiripeoirí urlabhra agus teanga) ar thuismitheoirí gan a leanbh a chur chuig naíonra lán-Ghaeilge. Rinne rannpháirtí amháin tagairt don tuairim go ndéanfaí RSO leanaí a 'leigheas', mar dhea, dá bhfreastalóidís ar shuíomh Béarla.

| | |
|---|---|
| *Caithim go leor ama ag troid leis an PHN, altraí sláinte agus teiripeoirí urlabhra agus teanga, agus ag cur oideachais orthu faoi bhuntáistí na Gaeilge…. caithfidh mé an oiread sin ama a chaitheamh ag troid le daoine gairmiúla eile a bhfuil baint acu le saol na leanaí seo mar go gceapann siad go huathoibríoch go bhfuiltear chun iad a leigheas trí iad a thógáil amach as suíomh lán-Ghaeilge agus sin ceann de na frustrachas is mó atá orm a rá.* | *I spend a lot of time fighting with PHN, public health nurses and speech and language therapists, and educating them in the benefits of Gaeilge ….Like I have to spend so much time fighting with other professionals that are involved in these children's lives because they automatically just think that they are going to be cured by taking them out of an Irish-medium setting and that's one of my biggest frustrations.* |
| *Agallamh K3* | |

**Comhoibriú le tuismitheoirí**

Tá an comhoibriú le tuismitheoirí ar cheann de phríomhghnéithe an chleachtais ionchuimsithigh. Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe sna fócasghrúpaí agus sna hagallaimh faoin taithí a bhí acu ar a bheith ag obair le tuismitheoirí. Rinneadh 13 thagairt inar luaigh na rannpháirtithe gur minic a bhíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí glacadh leis go mbeadh tacaíocht bhreise sa suíomh ag teastáil óna leanbh. Is rud casta agus dúshlánach é sin do na hoideoirí agus iad ar a ndícheall chun freastal ar riachtanais na leanaí ar fad.

| | |
|---|---|
| *Tá sé deacair go leor mar ar an drochuair bheadh roinnt tuismitheoirí a mhothaíonn, níl, tá mo pháiste ceart go leor.* | *It is quite difficult because unfortunately there would be some parents who feels no, my child's OK.* |
| *Agallamh D* | |

| | |
|---|---|
| *Do roinnt páistí freisin, just ní aontaíonn na tuismitheoirí linn gur gá dó dul a aon rud a fhiosrú.* | *For some children too, the parents just don't agree with us that they need to go and investigate anything.* |
| *Agallamh S* | |

I gcásanna áirithe, tuigeann na tuismitheoirí go bhfuil RSO ag a leanbh ach bíonn drogall orthu faisnéis a roinnt leis an suíomh chun cabhrú leis na hoideoirí freastal ar riachtanais an linbh. D'fhéadfadh sé go mbeadh drogall ar na tuismitheoirí glacadh leis na deacrachtaí atá ag a leanbh nó go mbeadh imní orthu nach nglacfadh an naíonra leis an leanbh.

| | |
|---|---|
| *Tá tú cineál ag bualadh an bhalla agus bhí an cás sin againn nuair a bhí an leanbh a bhí sa chathaoir rothaí, bhí na tuismitheoirí i séanadh iomlán. Agus ní bheadh siad ag teacht chugann le haon fhaisnéis agus tá eagla ort go bhfuil tú chun níos mó damáiste a dhéanamh.* | *You're kind of hitting the wall and we have had that situation where there was the child that it was in the wheelchair, the parents were in complete denial. And they just wouldn't come forward with any information and you're terrified you're going to do more damage.* |

*Agallamh B*

| | |
|---|---|
| *Tar chugainn le do thoil agus cuir in iúl dúinn agus ansin uaireanta ní insíonn siad duit agus mar go bhfuil eagla orthu go gcaillfidh siad an áit nó rud éigin.* | *Please come to us and let us know and then sometimes they don't tell you and because they're afraid they might lose the place or something.* |

*Agallamh K2*

Téama coitianta a sainaithníodh ná easpa feasachta na dtuismitheoirí maidir le clocha míle forbartha, go háirithe tuismitheoirí céaduaire agus an easpa tuisceana ar na riachtanais éagsúla a bhíonn ag leanaí. Mhol rannpháirtí amháin gur cheart breis faisnéise a chur ar fáil do thuismitheoirí sa réimse sin.

| | |
|---|---|
| *Ní thuigeann sí so tarlaíonn sin go leor tuismitheoirí nua. Tá sé an deacair orthu so measaim nach bhfuil go leor eolas nuair a bhíonn na máthar ag iompar leanaí, b'fhéidir go mba chóir go mbeadh níos mó eolas acu roimh don pháiste teacht isteach sa naíonra.* | *Many new parents don't understand that. It's hard for them, I think that there's not enough information when the mothers are carrying children, maybe they should have more information before the child comes to the naíonra.* |

*Agallamh 7*

I sampla eile, luaigh rannpháirtí go bhfreagraíonn leanaí ar bhealaí éagsúla i suíomhanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla, agus gach seans nach bhfeiceann na tuismitheoirí na deacrachtaí a bhíonn ag a leanbh i suíomh an naíonra.

| | |
|---|---|
| *Ach má tá leanaí agat, ansin nach bhfuil na tuismitheoirí ar an eolas, deir siad tá siad ceart go leor sa bhaile. Nuair atá siad i dtimpeallacht scoile nó ranga, seasann siad amach beagán.* | *But if you have children, then that the parents aren't aware, they say they're fine at home. When they are in a school or class environment, they stand out a little bit.* |

*Agallamh K2*

Tuairiscíodh gur pointe an-tábhachtach é sin ó bhí paindéim COVID19 ann agus i gcásanna nach bhfuil aon duine eile sa teaghlach atá thart ar an aois chéanna leis an leanbh.

| | |
|---|---|
| *Tá leanbh againn faoi láthair agus is páiste aonarach iad, níl col ceathracha acu, is leanbh covid é. Níl a fhios agam go bhfeiceann a thuismitheoirí nach bhfuil sé mar an gcéanna le leanaí eile.* | *Like we have a child at the moment, and they are an only child, they have no cousins, he's a covid baby. I don't know that his parents see that he's not the same as other kids.* |

*Agallamh C*

**Comhráite casta le tuismitheoirí**

Chuir na rannpháirtithe ar fad in iúl go mbíonn sé deacair agus dúshlánach go minic labhairt le tuismitheoirí faoi dheacrachtaí atá ag leanaí. Mar a shonraítear thuas, d'fhéadfadh sé go mbeadh drogall ar thuismitheoirí áirithe glacadh leis go bhfuil deacrachtaí ag a leanbh. Mheas cuid mhór de na rannpháirtithe go mbainfidís tairbhe as breis oideachais agus oiliúna sa réimse seo chun cabhrú leo déileáil leis na comhráite casta sin.

| | |
|---|---|
| *Níl muid ag iarraidh aon droch rud a rá agus ní maith liom go bhfuil orainn na cruinniú seo a bheith againn le tuismitheoirí mar tá siad deacair agus tuigim é sin dóibh.* | *We don't want to say anything bad, and I don't like that we have to have these meetings with parents because they're difficult and I understand that for them.* |

*Agallamh S*

Mheas na rannpháirtithe gur casta arís na comhráite sin go minic toisc nach bhfuil siad cáilithe chun leanaí a bhfuil RSO acu a shainaithint ná a dhiagnóisiú. Dá bhrí sin, déanann siad machnamh ar an gcaoi ar cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb go faichilleach.

| | |
|---|---|
| *Sea, mar mar a dúirt mé níl muid cáilithe ….ach is féidir leat a rá an tugann tú faoi deara riamh ... na heochairfhocail sin a fháil sea, bheadh sé sin iontach.* | *Yeah, because as I said we are not qualified… but you can say you the wonder did you ever notice …to get those key words yes, that would be great.* |

*Agallamh B*

**Ionbhá a léiriú sa chaidreamh le tuismitheoirí agus comhoibriú leo**

Chuir na suíomhanna ar fad in iúl go gcaitheann siad go tuisceanach le tuismitheoirí agus riachtanais a leanaí á bplé acu leo. Déanann siad é sin mar gheall ar chuid de na tosca thuasluaite maidir le tuismitheoirí nach dtugann faoi deara go bhfuil deacrachtaí ag a leanbh nó tuismitheoirí a bhfuil drogall orthu glacadh leis sin. Mar sin féin, chabhraigh taithí na rannpháirtithe ar an obair agus ar an saol go mór leo chun caitheamh go tuisceanach le tuismitheoirí agus chun comhoibriú leo.

*Caithfidh tú cur chuige go socair agus tuisceannach a bheith agat agus a bheith ag smaoineamh ar an duine sin.*

*It's just you have to approach calmly and compassionately and think of that person.*

*Agallamh D*

Chuir na rannpháirtithe in iúl go gcuimhníonn siad ar mhothúcháin na dtuismitheoirí agus ar an gcaoi a mothóidís féin sa chás sin.

*Sílim go bhfuil sé an tábhachtach cén bealach go ndeireann tú pé rud atá le rá agat le tuismitheoir agus arís caithfidh tú seasamh siar agus smaoinigh conas go bhfuil siadsan ag mothú agus conas go mbeidh tusa ag mothú dá mbeadh tusa ag fáil an scéal seo agus sílim sin an áit go dtagann an toideachas isteach agus an traenáil isteach just go mbeidh tú ag go deas séimhg agus go mbeidh tú proifisiúnta agus go mbeidh tú ag rá an rud insan bealach is fearr nach mbeidh an tuismitheoir faoi barraíocht brú.*

*I think it's important how you say whatever you have to say to a parent and again you have to step back and think about how they are feeling and how you would feel if you were getting this story and I think that's where the education comes in and the training comes in, just so that you are nice and calm and that you are professional and that you are saying the thing in the best way that the parent is not under too much pressure.*

*Agallamh 7*

Tá comhoibriú le tuismitheoirí ríthábhachtach freisin le haghaidh ionchuimsiú gach linbh i naíonraí lán-Ghaeilge agus cuireann na suíomhanna ar fad an cleachtas sin chun feidhme. Labhair cuid de na rannpháirtithe faoin bpleanáil phearsantaithe atá i bhfeidhm do leanaí agus faoin gcaoi ar pléadh a riachtanais leis na tuismitheoirí mar aon leis an bplean atá i bhfeidhm.

| | |
|---|---|
| *Déanfaimid plean amach agus an rud tábhachtach leis an plean téann muid i dteagmháil leis na tuismitheoirí agus tá sé sin fíorthábhachtach go bhfeiceann an páiste go bhfuil muid i dteagmháil leis na tuismitheoirí agus go bhfuil gach duine ag obair le chéile.* | *We will come up with a plan and the important thing with the plan is we contact the parents and that is really important that the child sees that we are in contact with the parents and that everyone is working together.* |

*Agallamh AJ1*

Pléadh freisin a thábhachtaí atá sé éisteacht le tuismitheoirí mar chuid den phróiseas comhoibríoch agus déanamh cinnte go gcuirtear san áireamh na moltaí, na smaointe agus an taithí atá acu.

| | |
|---|---|
| *Agus sílim go bhfuil sé tábhachtach dúinn éisteacht leis na tuismitheoirí chomh maith, is cuma cad atá le rá acu agus b'fhéidir go mbeadh ceisteanna acu agus gur mhaith leat a bheith in ann iad a fhreagairt más féidir.* | *And I think its important to parents to listen to the parents as well, whatever they have to say and they might have questions and you would like to be able to answer them if possible.* |

*Agallamh C*

## Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)

### Comhráite le tuismitheoirí

Rinneadh iniúchadh breise sna fócasghrúpaí agus sna hagallaimh ar riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) na rannpháirtithe i réimse an oideachais speisialta. An gá atá le breis oideachais agus oiliúna nuair a bhíonn RSO leanaí á phlé le tuismitheoirí, sainaithníodh é sin mar cheann de na príomhriachtanais atá acu agus luaigh 11 rannpháirtí an gá le breis oideachais agus oiliúna sa réimse sin.  Tá achoimre sa chuid thuas faoin gcomhoibriú le tuismitheoirí ar

na deacrachtaí a bhí ag na rannpháirtithe sa réimse sin. Ó thaobh breis oideachais agus oiliúna sa réimse sin de, theastaigh treoraíocht sa bhreis ó na rannpháirtithe maidir le topaicí íogaire a tharraingt anuas agus maidir leis an téarmaíocht cheart le húsáid sna comhráite sin. Chuir na rannpháirtithe in iúl go mbeidís ní ba chompordaí agus ní ba mhuiníní sa réimse sin ach breis oideachais agus oiliúna a fháil.

| | |
|---|---|
| *Cosúil le conas dul ag caint le tuismitheoirí agus ag mothú muiníneach sa mhéid is go bhfuil muid, táimid oilte go leor mar braitheann tú uaireanta má bhíonn tú ag bualadh le tuismitheoirí go mothaíonn siad go maith, cé hé tusa ag rá é sin liomsa?* | *How to go about talking to parents and feeling confident in that we are, we are educated enough because you do sometimes feel if you're meeting with parents that they feel well, who are you to tell me?* |

*Agallamh B*

**Catagóirí RSO**

Dúirt deichniúr rannpháirtithe go bhfuil gá le breis FGL maidir le catagóirí RSO agus maidir lena sainaithint. Ba thábhachtach an rud é sin mar thoradh ar na riachtanais éagsúla a bhíonn ag leanaí laistigh de chatagóirí RSO mar ní hionann aon bheirt leanaí.

| | |
|---|---|
| *Gach leibhéil éagsúla, is dócha de rudaí, mar nach bhfuil na páistí go léir mar an gcéanna.* | *All different, probably levels of stuff, because one kid isn't the same.* |

*Agallamh A*

Dúirt na rannpháirtithe go gcabhródh sé sin leo riachtanais na leanaí ina suíomh féin a shainaithint agus go dtabharfadh sé treoir dóibh chun riachtanais na leanaí a phlé le tuismitheoirí.

| | |
|---|---|
| *Is dóigh liom go bhfuil an oiread sin riachtanais éagsúla ann, níl a fhios agam.* | *I think there's so many different needs it's, I don't know.* |

*Agallamh B*

| | |
|---|---|
| *Beidh sé sin ar fheabhas agus an rud eile atá tusa ag caint faoi RSO, kind of what to* | *That will be great and the other thing you're talking about is SEN, kind of what you* |

*expect of the páistí a bhfuil RSO acu. Conas a déileáil leo.*

*would expect from the kids who have SEN. How to deal with them.*

*Agallamh C*

*Na comharthaí ach go háirithe you know cén chaoi iad a aithint agus tá a fhios agam nach bhfuil muid like…. Níl mé cáilithe chun diagnóis a thabhairt chuig aon duine, ach má tá muid in ann iad a aithint agus má tá tuiscint againn ar cad iad na comharthaí cad a d'fhéadfaí muid like déanamh chun cabhrú leo.*

*The signs especially you know how to recognize them, and I know we're not like…. I'm not qualified to diagnose anyone, but if we can recognize them and if we have an understanding of what the signs are what we could like do to help them.*

*Agallamh S*

**Straitéisí**

An gá le breis FGL maidir le catagóirí RSO, tá sé ag teacht le riachtanais na rannpháirtithe i ndáil le breis oideachais agus oiliúna faoi straitéisí chun cabhrú leo freastal ar riachtanais leanaí. Labhair deichniúr rannpháirtithe faoin ngá le breis faisnéise maidir le conas freastal ar riachtanais leanaí ina suíomh féin. Bhí fonn ar na rannpháirtithe foghlaim faoin dea-chleachtas ó thaobh freastal ar riachtanais na leanaí de.

*Is dóigh liom straitéisí chun déileáil rudaí cosúil le hiompraíocht dhúshlánach. Cineál cleachtais is fearr, cineál straitéisí is dóigh liom, rudaí mar sin.*

*I think like strategies to deal with like challenging behaviour. Kind of best practice, kind of strategies I suppose things like that.*

*Agallamh AJ1*

Ba é a bhí sna príomhthéamaí a phléigh na rannpháirtithe ná straitéisí chun cabhrú le hiompraíocht, le rialú mothúchán agus le riachtanais chéadfacha na ndaltaí.

*Ar na rudaí go léir ach mar riachtanais céadfach agus rudaí mar sin.*

*On all the things but like sensory needs and stuff like that.*

*Agallamh K1*

**Pobal cleachtais**

Réimse a bhí faoi chaibidil ag cuid mhór rannpháirtithe ná an gá le pobal cleachtais a fhorbairt i measc oideoirí naíonraí lán-Ghaeilge. Bhraith siad go mbeadh tairbhe ag baint le fóram den sórt sin, bíodh sé ar líne nó ar an láthair, mar d'fhéadfaidís teacht le chéile agus plé a dhéanamh ar na straitéisí atá éifeachtach ina suíomh féin chomh maith le smaointe a bhailiú ó dhaoine eile sa phobal.

| | |
|---|---|
| *Grúpaí atá ag obair i naíonraí ag bualadh le chéile ar Zoom nó ar WhatsApp just chun labhairt faoi na dúshláin agus na rudaí atá ag obair dóibh nó nach bhfuil.* | *Groups working in naíonra meeting on Zoom or WhatsApp just to talk about the challenges and what is or isn't working for them.* |

*Agallamh AJ2*

Dúirt rannpháirtithe áirithe go mbíodh an cleachtas sin ann roinnt blianta ó shin agus gurbh eispéireas luachmhar foghlama é.

| | |
|---|---|
| *Fadó fadó nuair a bhíomar mar FNT beidh deiseanna dúinne grúpaí áirithe teacht le chéile, b'fhéidir le saineolaí nó gan saineolaithe nó fiú amháin bileog eolais nó a leithéad agus é a phlé le chéile.* | *A long time ago, when we were a FNT, there were opportunities for certain groups of us to come together, perhaps with an expert or without experts or even just an information leaflet or something like that and discuss it together.* |

*Agallamh 10*

Sonraíodh freisin gur mhaith leis na rannpháirtithe go gcuirfí seisiúin faisnéise nó seisiúin ceisteanna agus freagraí ar fáil le gairmithe éagsúla, mar shampla teiripeoirí urlabhra agus teanga nó síceolaithe oideachais, chun faisnéis, tacaíocht agus treoraíocht a fháil. Ba ríluachmhar an t-eispéireas é sin, dar leo, agus chabhródh sé go mór leo ina gcuid oibre le tuismitheoirí agus leanaí.

| | |
|---|---|
| *Bheadh sé an chabhrach go mbeadh cineál painéal le Gaeilge acu gur féidir teacht chun obair linn agus gur féidir linn ceisteanna a chur orthu.* | *It would be helpful if they had some kind of panel with Irish that we could come and work with and that we could ask them questions.* |

*Agallamh AJ2*

## Caibidil 5: Conclúid agus moltaí

### Réamhrá

Tagtar ar chonclúid agus déantar moltaí sa chaibidil seo maidir le torthaí an staidéir a úsáid chun feabhas a chur ar an mbeartas agus ar an gcleachtas le haghaidh an tsoláthair oideachais speisialta i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

### Comhthéacs taighde

Tugadh faoin staidéar seo chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn na naíonraí lán-Ghaeilge sin leis an ionchuimsiú, ar an gcaoi a sainaithníonn siad riachtanais oiliúna, agus ar an gcaoi a mbainistíonn siad teacht le chéile na foghlama Gaeilge agus an oideachais speisialta. Baintear leas ann as sonraí a bailíodh ó oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge ar fud na tíre agus féachtar ann le béim a chur ar na deiseanna a bhíonn acu agus ar na dúshláin a bhíonn rompu araon. Rud atá tábhachtach ná nach ndearnadh an staidéar seo mar mheasúnú ná mar mheastóireacht ar sheirbhísí rialtais ná ar ghníomhaireachtaí poiblí. Dírítear ann ar chleachtais agus ar pheirspictíochtaí oideoirí i naíonraí lán-Ghaeilge. Ach a nglór agus a n-eispéiris a thabhairt le chéile, is é is aidhm don tuarascáil cur ar bhealach fóinteach le forbairt leanúnach oideachais ionchuimsithigh luathbhlianta atá freagrúil ó thaobh cultúir agus teanga de in Éirinn.

### Conclúid

Rinneadh an taighde go neamhspleách chun léargas a fháil ar pheirspictíochtaí agus ar eispéiris oideoirí, agus ba é an aidhm a bhí ann bonn eolais a chur faoin dea-chleachtas, réimsí riachtanais a shainaithint, agus cur leis an gcomhrá níos leithne faoin ionchuimsiú san oideachas trí mhionteanga. Soláthraítear leis an gcur chuige a glacadh peirspictíocht oideachais agus teanga chun tuiscint a fháil ar na riachtanais a thuairiscítear san earnáil, agus táthar ag súil

leis go gcabhródh sé sin leis an gceapadh beartais agus le hidirghabhálacha agus go dtacódh sé leo.

*1. Ionchuimsiú agus creataí beartais*

Is léir ó thorthaí an staidéir go raibh creataí agus cleachtais ionchuimsitheacha á gcur chun feidhme ag naíonraí lán-Ghaeilge mar a léirítear i gcreataí rialtais amhail clár AIM agus an Chairt um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsitheacht le haghaidh Cúram agus Oideachas Luath-Óige (RLCMLÓ, 2025).

*2. Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)*

Sa litríocht idirnáisiúnta a léirbhreithníodh maidir leis na riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí a bhíonn ag múinteoirí i suíomhanna tumoideachais, léirítear go soiléir an easpa conairí oiliúna struchtúrtha i suíomhanna na n-oideoirí lán-Ghaeilge, go háirithe maidir le RSO agus leis an oideachas dátheangach (is ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna a dhíríonn formhór an taighde). Laistigh den staidéar seo, dheimhnigh oideoirí gur ann do bhearna den sórt sin agus chuir siad in iúl go raibh an rochtain ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach ar cheann de na dúshláin is mó a bhíonn rompu. Shainaithin siad go sonrach an gá le hoiliúint i réimsí amhail an dátheangachas agus sealbhú an dara teanga, an fholláine, agus an t-uathachas. Thairis sin, chuir oideoirí in iúl nach raibh mórán muiníne acu maidir le RSO a phlé le tuismitheoirí, rud a thagann leis an imní a léirítear sa litríocht maidir le hullmhacht ghairmiúil. Tá an litríocht agus na torthaí ag teacht go mór lena chéile, agus sainaithnítear iontu araon go bhfuil géarghá le FGL spriocdhírithe in RSO laistigh de chomhthéacsanna lán-Ghaeilge ina ndíreofar ar an tumoideachas. Bíodh is go bhfuil cuid mhór FGL ar fáil i gcomhthéacs níos leithne RSO agus an oideachais réamhscoile, tá gá le breis FGL ina ndírítear go sonrach ar thacú le leanaí a bhíonn ag foghlaim trí Ghaeilge.

*3. Acmhainní sa Ghaeilge*

Sonraítear sa litríocht a léirbhreithníodh i gCaibidil 2 go bhfuil ganntanas acmhainní, measúnuithe agus idirghabhála ar fáil sa Ghaeilge. Pléitear sa litríocht freisin a thábhachtaí atá uirlisí iomchuí ó thaobh cultúir agus teanga de chun tacú leis an ionchuimsiú. Tá sé sin ar cheann de na dúshláin is mó a luaitear. Luaigh na hoideoirí go comhsheasmhach ganntanas uirlisí measúnaithe, ábhair theagaisc, agus seirbhísí seachtracha (mar shampla teiripeoirí urlabhra agus teanga, síceolaithe) sa Ghaeilge, rud a fhágann gur deacra measúnú cruinn a dhéanamh ar leanaí a bhfuil RSO acu agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá na torthaí ag teacht go dlúth leis an imní a léirítear sa litríocht maidir leis an éagothromas ó thaobh teanga de i seirbhísí, rud a léiríonn gur bacainn mhór é ar an ionchuimsiú sa chleachtas.

*4. An dátheangachas agus RSO*

Sa litríocht idirnáisiúnta a léirbhreithníodh i gCaibidil 2, ceistítear na tuairimí seanchaite go ndéanann an dátheangachas dochar do leanaí a bhfuil RSO acu. Cuirtear fianaise i láthair ann lena léirítear gur tairbheach an rud é an t-oideachas dátheangach, fiú i gcás leanaí a bhfuil RSO acu, mar shampla uathachas nó moilleanna ó thaobh urlabhra/teanga de. In ainneoin an léirithe dhearfaigh sa litríocht, léirítear sna torthaí go mbíonn amhras i gcónaí ar chuid mhór tuismitheoirí agus gairmithe maidir lena oiriúnaí atá an t-oideachas lán-Ghaeilge do leanaí a bhfuil RSO acu. Mar shampla, thuairiscigh 51% de na rannpháirtithe gur cuireadh comhairle ar thuismitheoirí gan leanaí a bhfuil RSO acu a chur chuig bunscoileanna lán-Ghaeilge. Is léir, dá bhrí sin, go bhfuil neamhréir idir an taighde agus an cleachtas. Bíodh is go dtacaítear sa litríocht leis an dátheangachas le haghaidh leanaí a bhfuil RSO acu, is ann do dhearcthaí diúltacha i gcónaí. Is iad na dearcthaí sin a spreagann aistrithe chuig an oideachas Béarla go minic.

*5. Sainaithint agus diagnóis RSO*

Cuireann liostaí feithimh fada agus ganntanas gairmithe atá inniúil sa Ghaeilge isteach ar an rochtain ar dhiagnóis luath, mar a shainaithnítear sa litríocht i gCaibidil 2. Tá na sonraí ag teacht leis an imní sin, agus bíonn RSO cuid mhór leanaí fágtha gan diagnóis de bharr moilleanna ar phróiseas an mheasúnaithe ar riachtanas. Mar thoradh air sin, bíonn oideoirí ag streachailt leis an tsainaithint luath toisc nach bhfuil ach seirbhísí teoranta ar fáil dóibh, go háirithe i gcás seirbhísí trí Ghaeilge. Tá na torthaí ag teacht leis na hábhair imní a léirítear sa litríocht. Tá an bac ar dhiagnóisí ina fhadhb mhór i gcónaí, go háirithe i suíomhanna lán-Ghaeilge nach bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil iontu.

*6. Tairbhí agus dúshláin an tumoideachais*

Tá achoimre sa litríocht idirnáisiúnta ar thairbhí cognaíocha, sóisialta agus cultúrtha an oideachais dhátheangaigh agus na samhla oideachais réamhscoile lán-Ghaeilge. Mar sin féin, tá gá sa tumoideachas le múinteoirí/oideoirí oilte agus tacaíochtaí struchtúrtha chun torthaí rathúla le haghaidh gach linbh a chinntiú. Chuir na hoideoirí béim ar na tairbhí sin sa staidéar seo ach luaigh siad teorainneacha praiticiúla freisin, go háirithe maidir le tnáitheadh oideoirí, an líon daltaí sa rang, agus an chastacht a bhaineann le daltaí a bhfuil RSO acu a theagasc trí Ghaeilge. Bíodh is go bhfuil na hoideoirí díograiseach agus dearfach, bíonn ualach rómhór orthu. Léirítear meas agus tuiscint ar fhealsúnacht an tumoideachais, ach léirítear go ríshoiléir sna torthaí an ganntanas ó thaobh bonneagair agus acmhainní daonna de chun tacú go héifeachtach leis an tumoideachas.

## Moltaí

Déantar moltaí faoi na topaicí seo a leanas: an t-oideoir agus struchtúir thacaíochta; acmhainní Gaeilge; feabhas a chur ar an tacaíocht le haghaidh RSO i naíonraí lán-Ghaeilge; tacaíocht don fhórsa saothair agus inbhuanaitheacht an fhórsa saothair; cumarsáid leis an teaghlach agus

tacaíocht don teaghlach; an t-aistriú chuig bunscoileanna; an curaclam agus straitéisí oideolaíocha; feachtais phoiblí; taighde agus abhcóideacht; agus clár túis luaith don oideachas lán-Ghaeilge.

Tá na moltaí sa chaibidil seo bunaithe ar shuíomh an naíonra lán-Ghaeilge agus ar a mbeadh tairbhiúil dóibh siúd a chuireann oideachas ar leanaí atá ag foghlaim trí Ghaeilge mar an dara teanga nó mar mhionteanga sa suíomh sin. Maidir le cuid de na moltaí, aithnítear go mb'fhéidir go mbainfidís le hacmhainní atá ar fáil faoi láthair nó le moltaí atá á gcur i bhfeidhm. Meastar gur faisnéis luachmhar ann féin é sin mar b'fhéidir gur léiriú é ar easpa feasacht ghinearálta ar na tacaíochtaí atá ann cheana féin.

**Conairí oideora luathbhlianta**

- Maidir leis na cláir fochéime san oideachas luath-óige sna hollscoileanna in Éirinn, is gá béim níos mó a chur ar an oideachas trí Ghaeilge agus ar an oideachas réamhscoile lán-Ghaeilge. Is gá a chinntiú freisin go gcuirtear béim níos mó ar an soláthar oideachais speisialta sna cúrsaí céime sin.
- Ní mór conairí eile a chur ar bun chun uasoiliúint a dhéanamh orthu siúd atá cáilithe cheana féin chun dul ag teagasc san earnáil ar daoine iad nach bhfuil Gaeilge acu ach a bheadh sásta dul ag obair i naíonra lán-Ghaeilge dá n-éireodh leo inniúlacht sa Ghaeilge a bhaint amach.
- Feachtais spriocdhírithe a sheoladh chun gairmeacha san oideachas luathbhlianta lán-Ghaeilge a chur chun cinn, go háirithe i measc cainteoirí Gaeilge.

**Acmhainní Gaeilge**

- Moltar níos mó acmhainní teagaisc ionchuimsithigh agus measúnaithe a aistriú agus a chruthú as an nua i nGaeilge.

- Is gá stór lárnach d'acmhainní Gaeilge a chruthú, go háirithe chun tacú le RSO (mar shampla scéalta sóisialta, áiseanna amhairc, tacaíocht ó thaobh iompraíochta de).
- I gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Rialtas na hÉireann, 2003), tá sé riachtanach an tacaíocht agus na hábhair ar fad a chur ar fáil trí Ghaeilge.

**Earcaíocht**

- Is príomhthosaíocht atá san earcaíocht lena chinntiú go mbíonn fáil ar oideoirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun dul ag obair trí Ghaeilge. Moltar painéal náisiúnta a bhunú d'oideoirí luathbhlianta AIM a bhfuil Gaeilge líofa acu. An gá atá le painéil den sórt sin, sainaithníodh é sin roimhe seo san athbhreithniú oifigiúil ar chlár AIM agus tá sé tábhachtach go ndíreofar i gcónaí ar oideoirí atá inniúil sa Ghaeilge agus na moltaí á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe (RLCMLÓ, 2024).
- Is gá cláir mheara uasoiliúna a chruthú do dhaoine a bhfuil Gaeilge líofa acu ach nach bhfuil cáilíochtaí acu in ECCE chun cur leis an líon oibrithe atá ar fáil do naíonraí lán-Ghaeilge.
- Is gá a chinntiú go soláthraítear tacaíocht luath, sholúbtha agus leordhóthanach trí Ghaeilge do leanaí a fhreastalaíonn ar naíonraí lán-Ghaeilge.
- Mar a shonraítear i líon mór tuarascálacha, ní mór don Rialtas cur leis an gcothromaíocht i gcúrsaí pá agus oideoirí a chuimsiú i scéimeanna pinsean, ar aon dul le cúntóirí riachtanas speisialta sna scoileanna. Cinnteofar leis sin gur féidir le naíonraí timpeallacht foghlama níos ionchuimsithí a chur ar fáil do gach leanbh.
- Moltar dreasachtaí a chur ar fáil chun oideoirí a spreagadh le dul ag obair i naíonraí lán-Ghaeilge, mar shampla méadú forlíontach don teagasc trí Ghaeilge. An Rialtas a sholáthródh an maoiniú lena aghaidh sin go hidéalach.

**Feabhas a chur ar an tacaíocht le haghaidh RSO i naíonraí lán-Ghaeilge**

*(a) Sainaithint agus idirghabháil luath*

- Scagadh forbartha gnáthúil agus tacaíocht ghairmiúil ag gabháil leis a chur ar bun sna suíomhanna chun cabhrú le hoideoirí RSO a shainaithint níos luaithe, go háirithe toisc go dtosaíonn na leanaí sa suíomh ag aois an-óg agus mar gheall ar an moill ar dhiagnóisí. Ba cheart na seirbhísí sin a bheith ar fáil trí Ghaeilge.

- Tá sé tábhachtach don Rialtas a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach leanbh ar altra sláinte poiblí le haghaidh measúnuithe forbartha. Tá sé sin ríthábhachtach ar fad ó bhí paindéim COVID19 ann mar is léir ón taighde go bhféadfadh sé go raibh drochthionchar ag an bpaindéim ar fhorbairt leanaí (Barnett & Jung, 2021; Education Endowment Foundation, 2021; Ofsted, 2020; UNICEF UK, 2021).

- Breis oiliúna a chur ar oideoirí maidir le hiompraíochtaí a bhreathnú agus a dhoiciméadú arb iompraíochtaí iad a d'fhéadfadh deacrachtaí forbartha nó teanga a léiriú, agus béim san oiliúint sin ar RSO a shainaithint i gcás leanaí a bhíonn ag foghlaim tríd an dara teanga.

*(b) Comhoibriú gairmiúil*

- Cur leis an rochtain ar ghairmithe oideachais (mar shampla teiripeoirí urlabhra agus teanga, síceolaithe oideachais) ar an láthair féin chun breathnóireacht a dhéanamh agus chun treoraíocht ó thaobh straitéise a thabhairt. Samhail a chur chun feidhme ina dtugann speisialtóirí cuairt ar shuíomhanna gach téarma chun tacaíocht shaincheaptha a thabhairt. A chinntiú go bhfuil idir chur amach ar an tumoideachas agus inniúlacht sa Ghaeilge acu sin a thugann cuairt ar naíonraí lán-Ghaeilge.

**Cumarsáid leis an teaghlach agus tacaíocht don teaghlach**

- Treoirleabhair dhátheangacha agus ceardlanna a chur ar fáil chun cabhrú le tuismitheoirí forbairt dhátheangach leanaí a bhfuil RSO acu a thuiscint agus chun cabhrú leo tacú leis an bhforbairt sin.
- Moltar breis oideachais agus oiliúna a chur ar oideoirí naíonraí lán-Ghaeilge maidir le hobair go comhoibríoch le tuismitheoirí/caomhnóirí agus maidir le comhráite íogaire a dhéanamh le tuismitheoirí maidir le RSO a linbh.

An t-aistriú chuig an mbunscoil

- Moltar forbairt bhreise a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le cruthú agus comhroinnt pleananna aistrithe struchtúrtha ó naíonraí lán-Ghaeilge go bunscoileanna agus moltar é sin a chur chun cinn chun aistriú réidh leanaí ó shuíomh go suíomh a éascú.

- Ba thairbheach an rud é an comhoibriú agus forbairt ghairmiúil chomhroinnte a spreagadh idir oideoirí na luathbhlianta agus oideoirí bunscoile (go háirithe in earnáil an oideachais lán-Ghaeilge) chun aistriú éifeachtach leanaí ó shuíomh go suíomh a éascú.

**An curaclam agus straitéisí oideolaíocha**

- Is gá forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar d’oideoirí réamhscoile lán-Ghaeilge in oideolaíochtaí ionchuimsitheacha, go háirithe chun tacú le riachtanais chéadfacha, rialú mothúchán, agus straitéisí iompraíochta.

- Ba thairbheach an rud é céim aitheanta ollscoile ar leibhéal fochéime a fhorbairt in ECCE le haghaidh an oideachais réamhscoile lán-Ghaeilge ina mbeidh béim leordhóthanach ar RSO.

- Ba cheart béim a chur freisin ar straitéisí oiriúnacha tumoideachais do naíonraí lán-Ghaeilge. Tá sé tábhachtach leanúint de straitéisí tumoideachais amhail amhránaíocht, spraoi agus rólghlacadh sna naíonraí lán-Ghaeilge a fhorbairt agus tús áite a thabhairt dóibh, mar léiríodh go mbaineann leanaí tairbhe astu, idir leanaí a bhfuil RSO acu agus leanaí nach bhfuil. Moltar an fhorbairt ghairmiúil sin a chur ar fáil i gcomhréir leis na moltaí a dhéantar sa litríocht idirnáisiúnta a léirbhreithníodh (Andrews, 2006; May, 2013; May, Hill & Tiakwai, 2004; Rodriguez, 2005; Rodriguez & Carrasquillo, 1997).

**Feachtais phoiblí**

- Moltar feachtas feasachta náisiúnta a sheoladh ina léireofar go bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge tairbheach do gach aon leanbh, leanaí a bhfuil RSO acu ina measc.
- Moltar feachtas poiblí a sheoladh freisin chun oideachas a chur ar ghairmithe seachtracha (mar shampla altraí sláinte poiblí, síceolaithe oideachais, agus teiripeoirí urlabhra agus teanga) maidir le buntáistí an dátheangachais, agus chun dul i ngleic le míthuiscintí seanchaite nach mbeadh an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do leanaí a bhfuil RSO acu.
- Ba thairbheach an rud é don Rialtas leanúint d'fhaisnéis, tacaíocht agus treoraíocht sa bhreis a chur ar fáil do thuismitheoirí leanaí óga i ndáil le clocha míle forbartha agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag gach leanbh ar sheiceálacha forbartha ón altra sláinte poiblí áitiúil.

**Forbairt ghairmiúil leanúnach**

- Sna naíonraí lán-Ghaeilge, túsphointe maith do FGL a bheadh i bhféinmheastóireacht agus i bpleanáil gníomhaíochta bunaithe ar na hacmhainní in *Treoir Chleachtais Aistear Síolta*. Cuireann sé sin ar a gcumas d'oideoirí machnamh a dhéanamh ar a

gcleachtas reatha agus réimsí a shainaithint ina bhféadfaí feabhas a bhaint amach. Cuirtear acmhainní sonracha ar fáil faoi gach colún cleachtais. Tá leagan Gaeilge den Treoir Chleachtais ar fáil: *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* (Gaeilge)

- Maidir le FGL agus dul chun cinn ó thaobh gairme de, is acmhainn luachmhar atá i suíomh gréasáin *Scileanna a Chothú* freisin (Scileanna a Chothú).
- Forbairt cúrsaí a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge i réimse an oideachais speisialta a chuirfear ar fáil trí Ghaeilge.

**Taighde agus abhcóideacht**

*(a) Monatóireacht leanúnach*

- Dá bhféadfaí é, b'fhiúntach an rud é staidéar fadaimseartha a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí leanaí a bhfuil RSO acu i suíomhanna lán-Ghaeilge. Na sonraí a bhaileofaí sa staidéar sin, d'fhéadfaí iad a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chinntí maoiniúcháin, forbairt beartais, agus cleachtais ionchuimsitheacha.

*(b) Abhcóideacht*

- Tá sé tábhachtach abhcóideacht sa bhreis a dhéanamh ar son maoiniú spriocdhírithe le haghaidh acmhainní trí Ghaeilge (mar shampla ábhair chéadfacha, uirlisí teanga) le haghaidh gach comhthéacs oideachais lán-Ghaeilge.
- Is gá freisin leanúint den abhcóideacht ar son athruithe sa bheartas ina sainaithneofar i gcreataí oideachais náisiúnta na dúshláin ar leith a bhíonn le sárú i suíomhanna luathbhlianta lán-Ghaeilge.

**Clár an Túis Luaith**

- Tugtar le tuiscint le torthaí an staidéir gurb iomaí tairbhe atá ann do naíonraí lán-Ghaeilge atá lonnaithe ar shuíomh bunscoile lán-Ghaeilge. Moltar clár amhail Clár an Túis Luaith (An Roinn Oideachais, 2022) a chruthú chun tacaíocht bhreise a thabhairt do bhuaine an oideachais réamhscoile lán-Ghaeilge. Tionscnamh de chuid na Roinne Oideachais is ea Clár an Túis Luaith arb é is aidhm dó clár réamhscoile bliana a chur ar fáil do leanaí i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Bíonn an clár ag feidhmiú i mbunscoileanna roghnaithe agus tá sé deartha chun feabhas a chur ar fhorbairt fhoriomlán na leanaí agus ar a n-ullmhacht don scoil, agus dírítear go príomha ar scileanna teanga, cognaíocha, sóisialta agus mothúchánacha ann. Tá an clár dírithe ar leanaí idir 3 bliana agus 2 mhí d’aois agus 4 bliana agus 7 mí d’aois, roimh dhul isteach sna Naíonáin Bheaga dóibh.
- D’fhéadfadh an t-oideachas lán-Ghaeilge líon mór tairbhí a bhaint as an scéim sin dá gcuirfí an scéim in oiriúint do riachtanais earnáil an oideachais lán-Ghaeilge:
    i. Dá ndéanfaí samhail an Túis Luaith a chur in oiriúint nó a leathnú chun tacú le naíonraí lán-Ghaeilge, d’fhéadfadh sé sin cur go mór leis an sealbhú teanga agus leis an ionchuimsiú i naíonraí lán-Ghaeilge agus i mbunscoileanna lán-Ghaeilge.
    ii. D’fhéadfadh clár túis luaith a bheith ina chéim den aistear i dtreo an tumoideachais, agus thabharfaí rochtain luath ar an nGaeilge do leanaí i suíomh struchtúrtha súgradhbhunaithe.
    iii. Oideoirí atá cáilithe go cuí, d’fhéadfaidís teagasc follasach ó bhéal a chur ar fáil i nGaeilge, rud a chabhródh go mór le leanaí a bhfuil moilleanna urlabhra agus teanga orthu. D’fhéadfadh na hoideoirí sin an dátheangachas

a normalú ag céim níos luaithe freisin, agus ar an gcaoi sin laghdófaí an cur in aghaidh nó an mearbhall a d'fhéadfadh a bheith ann níos déanaí.

iv. Timpeallacht struchtúrtha, ar aon dul leis an timpeallacht a sholáthraítear i gclár an túis luaith, d'fhéadfadh timpeallacht den sórt sin cabhrú chun RSO a shainaithint níos luaithe. Ar an gcaoi sin, d'éascófaí rochtain thráthúil ar thacaíochtaí AIM nó ar atreoruithe chuig gairmithe sula rachadh na leanaí isteach sna Naíonáin Bheaga.

v. Leanaí a bhfuil RSO acu nó leanaí faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra de, gheobhaidís tacaíocht bhreise sa Ghaeilge, rud a chabhródh leis an mbearna a dhúnadh roimh an scolaíocht fhoirmiúil.

vi. D'fhéadfaí na bacainní a laghdú le haghaidh teaghlaigh a bhfuil imní orthu faoi ullmhacht a linbh don oideachas bunscoile lán-Ghaeilge.

vii. Chabhródh sé le gach aon leanbh dul i dtaithí ar ghnáthamh, ar theanga agus ar shuíomh na bunscoile. Dá bhrí sin, d'éascófaí an t-aistriú isteach sna Naíonáin Bheaga i scoileanna lán-Ghaeilge.

**Conclúid**

Is léir ó na torthaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo go meastar gurb iomaí buntáiste atá ag an oideachas lán-Ghaeilge do leanaí a bhfuil RSO acu. Mar sin féin, tugtar le tuiscint sna sonraí freisin go bhfuil cuid mhór dúshlán roimh na suíomhanna sin i gcónaí ó thaobh freastal ar riachtanais gach linbh de. Tá achoimre sna moltaí a chuirtear i láthair ar an gcaoi a bhféadfaí miondifríochtaí an oideachais lán-Ghaeilge a chur san áireamh i réimsí an bheartais agus an chleachtais. Cuireann torthaí an staidéir seo leis an taighde idirnáisiúnta teoranta atá ar fáil maidir le leitheadúlacht agus cineálacha RSO i naíonraí tumoideachais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh torthaí an staidéir tábhachtach agus go mbeadh impleachtaí iontu do chineálacha eile oideachais dhátheangaigh agus tumoideachais go hidirnáisiúnta. Seans go

bhféadfaí torthaí agus moltaí sa staidéar seo a úsáid i gcomhthéacsanna eile oideachais réamhscoile dhátheangaigh agus tumoideachais go hidirnáisiúnta, agus soláthraítear tacar saibhir sonraí chun é sin a éascú. Ní heol aon staidéar eile a rinneadh roimhe seo ina soláthraítear an miondealú sin ar RSO i naíonraí lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht nó i naíonraí tumoideachais go hidirnáisiúnta.

**Tagairtí**


An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM). (2025). *An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú. Ag foghlaim agus ag súgradh le chéile*. https://aim.gov.ie/

Andrews, A. (2006). *Two Windows on the World: language immersion education.* Béal Feirste: Iontaobhas Ultach.

Andrews, S. (2020). *The additional supports required by pupils with special educational needs in Irish-medium primary schools.* https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Additional-supports...-2.pdf

American Psychiatric Association. (2013). *Diagnostic and statistical manual of mental disorders* (5ú heagrán).

American Psychological Association. (2019). *Publication Manual of the American Psychological Association* (7ú heagrán).

Barnett, W. S., & Jung, K. (2021). Seven impacts of the pandemic on young children and their parents: Initial findings from NIEER's December 2020 preschool learning activities survey. *National Institute for Early Education Research*.

Bialystok, E. (2009). Bilingualism: The good, the bad, and the indifferent. *Bilingualism: Language and cognition*, *12*(1), 3-11.

Cammarata, L., & Tedick, D. J. (2012). Balancing content and language in instruction: The experience of immersion teachers. *The Modern Language Journal*, *96*(2), 251-269.

Clarke, V., & Braun, V. (2017). Thematic analysis. *The journal of positive psychology*, *12*(3), 297-298.

Cummins, J. (2000). *Language, power and pedagogy: Bilingual children in the crossfire*. Multilingual Matters.

De Houwer, A. (2009). *Bilingual first language acquisition*. Multilingual Matters.

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ). (2025). *Early Childhood Care and Education Programme (ECCE).* https://www.gov.ie/en/department-of-children-equality-disability-integration-and-youth/publications/early-childhood-care-and-education-programme-ecce/

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ). (2024). End of Year Three Evaluation of the Access and Inclusion Model (AIM) documents. https://www.gov.ie/en/department-of-children-equality-disability-integration-and-youth/publications/end-of-year-three-evaluation-of-the-access-and-inclusion-model-aim-documents/

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ). (2023). Suirbhé ar Sholáthar i suímh Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí Aois Scoile Lán-Ghaeilge, Tuarascáil 2023. https://assets.gov.ie/static/documents/edf7311b-suirbhe-ar-sholathar-i-suimh-foghlaim-agus-curam-na-luath-oige-agus-curam-lea.pdf

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. (2016). *Diversity, Equality and Inclusion Charter and Guidelines for Early Childhood Care and Education.* https://assets.gov.ie/38186/c9e90d89d94b41d3bf00201c98b2ef6a.pdf

An Roinn Oideachais. (2022). *Clár an Túis Luaith.* https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/seirbhisi/clár-an-túis-luaith/

De Houwer, A. (2009). *Bilingual first language acquisition* (Iml. 2). Multilingual Matters.

Education Endowment Foundation (2021). *Impact of School Closures on the Attainment Gap.*

https://educationendowmentfoundation.org.uk/projects-and-evaluation/projects/impact-of-key-stage-1-school-closures-on-later-attainment-and-social-skills-a-longitudinal-study

Gaeloideachas. (2025). *Naíonraí*. https://gaeloideachas.ie/i-am-a-parent-pupil/naionrai/

Geary, D. C. (2004). Mathematics and learning disabilities. *Journal of Learning Disabilities*, *37*(1), 4-15.

Gernsbacher, M. A. (2007). Toward a behaviour of mutual regard. *American Psychologist*, 62(7), 574–575.

Gibbs, A. (1997). Focus groups. *Social research update*, *19*(8), 1-8.

Gibbs, A. (2012). Focus groups and group interviews. *Research methods and methodologies in education*, *186*, 192.

Rialtas na hÉireann. (1998). *An tAcht Oideachais, 1998.* https://www.achtanna.ie/ga/act/ga511998

Rialtas na hÉireann. (2003). *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.* https://www.achtanna.ie/ga/act/ga322003

Rialtas na hÉireann. (2004). *An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004.* https://www.irishstatutebook.ie/eli/2004/act/30/enacted/en/html

Rialtas na hÉireann. (2005). *An tAcht um Míchumas, 2005.* https://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/14/enacted/en/html

Guest, G., Namey, E., O'Regan, A., Godwin, C., & Taylor, J. (2023). *Comparing interview and focus group data collected in person and online*. https://europepmc.org/article/NBK/nbk588708

Hambly, C., & Fombonne, E. (2012). The impact of bilingual environments on language development in children with autism spectrum disorders. *Journal of Autism and Developmental Disorders*, 42(7), 1342–1352.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). (2025). *Assessing your child's disability.* https://www.hse.ie/eng/services/list/4/disability/disability-assessment/

Hickey, T.M. (1997). Early Immersion Education in Ireland: Na Naíonraí. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Hickey, T. M. (2020). Heritage language early years' immersion: Irish-medium preschools in Ireland. *Handbook of early language education*, 1-30.

Irshad, S., Maan, M. F., Batool, H., & Hanif, A. (2021). Vygotsky's Zone of Proximal Development (ZPD): An evaluative tool for language learning and social development in early childhood education. *Multicultural Education*, *7*(6), 234-242.

Kay-Raining Bird, Genesee, F., & Verhoeven, L. (2016). Bilingualism in children with developmental disorders: A narrative review. *Journal of Communication Disorders*, *63*, 1-14.

Kay-Raining Bird, E., Cleave, P., Trudeau, N., Thordardottir, E., Sutton, A., & Thorpe, A. (2005). The language abilities of bilingual children with Down syndrome. *American Journal of Speech-Language Pathology*, 14(3), 187–199.

Kenny, L., Hattersley, C., Molins, B., Buckley, C., Povey, C., & Pellicano, E. (2016). Which terms should be used to describe autism? Perspectives from the UK autism community**.** *Autism*, 20(4), 442–462.

Krueger, R. A. (2014). *Focus groups: A practical guide for applied research*. Sage publications.

LINC Programme. (2025). *Welcome to the Leadership for Inclusion in the Early Years (LINC) Programme website*. https://lincprogramme.ie/

May, S. (2013). Indigenous immersion education: International developments. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, *1*(1), 34-69.

May, S. Hill, R. and Tiakwai, S. (2004). *Bilingual/Immersion Education: Indicators of good practice.* Auckland: An Aireacht Oideachais, an Nua-Shéalainn.

Mhic Mhathuna, M. (2008). Supporting children's participation in second-language stories in an Irish-language preschool. *Early Years*, *28*(3), 299-309.

Mhic Mhathúna, M. (1999). Early Steps in Bilingualism: Learning Irish in Irish Language Immersion Pre-Schools. *Early Years*, *19*(2), 38-50.

Mhic Mhathúna, M. (2009). Supporting Children's Participation in Second-language Stories in an Irish Language Preschool. *Early Years*, 28(3), 299–309.

Mhic Mhathúna, M., & Nic Fhionnlaoich, F. (2021). Why parents chose to send their children to Irish-medium immersion preschools: learning from parental choice strategies in Celtic countries. *European Early Childhood Education Research Journal*, *29*(3), 441-454.

Mhic Mhathúna, M., & Mac Con Iomaire, M (2022). 4 Early childhood education and care provision through the medium of the Irish language. *Children*, *10*, 98.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2024). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.* https://www.curriculumonline.ie/getmedia/8d15cbf7-a67c-438c-8ca2-bceda418276c/Aistear-FW-GA.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2023). *Curaclam na Bunscoile do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta.* https://www.curriculumonline.ie/getmedia/6598a2b8-0577-49a5-92ba-2508368d2fc8/2023-Primary-Framework-GA-screen-(1).pdf

Ní Chinnéide, D. (2009). *The special educational needs of bilingual (Irish-English) children*. https://dera.ioe.ac.uk/id/eprint/11010/7/de1_09_83755__special_needs_of_bilingual_children_research_report_final_version_Redacted.pdf

Nig Uidhir, G. (2006). *Coláiste Ollscoile Naomh Muire agus Túsoideachas do mhúinteoirí Lán-Ghaeilge/ St Mary's University College and Irish-medium Teacher Training*. In D. Ó Riagáin, (Eag.). Voces Diversae: lesser -used language education in Europe. Cló Ollscoil na Banríona.

Ng, C. S. M., & Ng, S. S. L. (2022). Impact of the COVID-19 pandemic on children's mental health: a systematic review. *Frontiers in psychiatry*, *13*, 975936.

Ó Baoill, D. P. (2007). Origins of Irish-medium education: the dynamic core of language revitalisation in Northern Ireland. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, *10*(4), 410-427.

Ó Duibhir, P. (2018). *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Multilingual Matters.

Ó Grádaigh, S. (2015). Who are qualified to teach in second-level Irish-medium schools? *Irish Educational Studies*, *34*(2), 165-182.

OECD. (2024). Levelling the playing field in ECEC: Results from TALIS Starting Strong 2018. https://www.oecd.org/content/dam/oecd/en/publications/reports/2023/11/levelling-the-playing-field-in-ecec_6142246e/757e4fea-en.pdf

Ofsted (2020). *Briefing on COVID-19's impact on early years education.* *https://assets.publishing.service.gov.uk/media/5fa96614d3bf7f03b1de43c1/COVID-19_series_briefing_on_early_years_October_2020.pdf*

An tOmbudsman do Leanaí. (2022). Assessment of Needs for Children Information from the Ombudsman for Children's Office for the attention of the Joint Committee on Children. https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/joint_committee_on_children_equality_disability_integration_and_youth/submissions/2023/2023-02-14_submission-dr-niall-muldoon_en.pdf

An tOmbudsman do Leanaí. (2020). *Riachtanais gan chomhlíonadh.* https://www.oco.ie/app/uploads/2020/10/15438_OCO_Assessmnet_of_Need_Report_Interior_IRISH_WEB-2.pdf

Paradis, J. (2016). An agenda for knowledge-oriented research on bilingualism in children with developmental disorders. *Journal of Communication Disorders*, *63*, 79-84.

Pring, R. (2000). Educational research. *British Journal of Educational Studies*, *48*(1), 1-9.

Rodriguez, D. (2005, Aibreán). A conceptual framework of bilingual special education teacher programs. In *Proceedings of the 4th International Symposium on Bilingualism* (lgh. 1960-1969).

Rodriguez, D., & Carrasquillo, A. (1997). Bilingual special education teacher preparation: A conceptual framework. *NYSABE Journal*, *12*, 98-109.

Snowling, M. J., & Hulme, C. (2012). *The science of reading: A handbook.* Wiley-Blackwell.

Stiles, D. B. (1997). *Four Successful Indigenous Language Programs*. https://files.eric.ed.gov/fulltext/ED415079.pdf

UNICEF UK (2021). *Children in the time of COVID: Understanding the impact on early years.* https://www.unicef.org.uk/wpcontent/uploads/2022/10/EarlyMomentsMatter_UNICEFUK_2022_PolicyReport.pdf

Vygotsky, L. S. (1993). *The collected works of L. S. Vygotsky: Volume 2. The fundamentals of defectology*. Plenum Press.

World Health Organization. (2022). Autism. In *International Classification of Diseases 11ú Leasú (ICD-11)*.
Le fáil ar https://icd.who.int/en

Yu, B. (2013). Issues in bilingualism and heritage language maintenance: Perspectives of Minority-language mothers of children with autism spectrum disorders. *American Journal of Speech-Language Pathology*, *22*(1), 10-24.

Yu, B. (2016). Bilingualism as conceptualized and bilingualism as lived: A critical examination of the monolingual socialization of a child with autism in a bilingual family. *Journal of Autism and Developmental Disorders*, *46*, 424-435.

## Aguisín A: Aiseolas ar an tuarascáil ó AIM

Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aonaid um Rochtain, Ionchuimsiú, Taighde agus Sonraí sa Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais le haghaidh athbhreithniú agus aiseolais. Ba é seo a leanas an t-aiseolas a fuarthas:

- Luadh cuid de na moltaí ón Meastóireacht ar AIM sa tuarascáil. Ghlac an Roinn leis na moltaí ón Meastóireacht agus tá an Roinn ag obair chun an clár a fheabhsú agus a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sin. Tá preasráiteas le fáil ar shuíomh gréasáin AIM ó Eanáir 2024 ina gcuirtear in iúl gur úsáideadh torthaí na meastóireachta chun bonn eolais a chur faoin bhfairsingiú céimnithe ar AIM a fógraíodh i gCáinaisnéis 2024, go sonrach fairsingiú tacaíochtaí spriocdhírithe AIM chun leanaí in aois ECCE a chuimsiú de bhreis ar an am a chaitheann siad i gclár ECCE – i rith an téarma agus tar éis an téarma araon ó mhí Mheán Fómhar 2024 amach. Sonraítear sa phreasráiteas freisin go bhfuil plean gníomhaíochta forbartha againn chun freagairt do réimsí inar féidir feabhas a bhaint amach, mar shampla feasacht ar AIM a mhúscailt, cur níos mó le hacmhainneacht agus le muinín na n-oideoirí luathbhlianta agus na soláthraithe chun tacú le leanaí a bhfuil uathachas orthu, agus an próiseas iarratais le haghaidh trealaimh, fearas, agus athruithe beaga a chuíchóiriú.
- Ina theannta sin, rinneadh poiblíocht ar líne le bliain anuas, trí fhreagraí a thugaimid ar cheisteanna parlaiminteacha den chuid is mó, ar an aidhm atá againn AIM a fhairsingiú chun gach leanbh i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí a chuimsiú. Déanfar é sin trí leaganacha saincheaptha de AIM a chruthú don chohórt leanaí 0-3 bliana d'aois agus don chohórt leanaí atá ar aois scoile.
- Ról chúntóir breise Leibhéal 7, a gcuirtear síos air sa tuarascáil mar thacaíocht duine le duine. Ní mhaoiníonn AIM cúntóirí riachtanas speisialta. Aon oideoir luathbhlianta a fhostaítear faoi AIM, is acmhainn chomhroinnte atá ann le haghaidh na leanaí ar fad le

linn uaireanta ECCE agus uaireanta breise. Féach roinnt ráitis fhoilsithe ábhartha anseo thíos:

- https://aim.gov.ie/ga/aim-supports/targeted-supports/ *(Is féidir le soláthraithe an maoiniú sin a úsáid chun an cóimheas idir leanaí agus daoine fásta sa seomra naíonra a laghdú nó chun íoc as ball foirne breise mar acmhainn chomhroinnte le leanaí eile sa suíomh ECCE.)*
- https://aim.gov.ie/app/uploads/2021/05/AIM-Level-7-assistance-information-updated-version-21.09.21.pdf *(Ní samhail cúntóra riachtanas speisialta é Leibhéal 7 AIM.)*
- *https://www.oireachtas.ie/en/debates/question/2024-10-22/608/ (I gcomhréir leis an dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn chun tacú le hionchuimsiú agus le neamhspleáchas leanaí atá faoi mhíchumas, ní mhaoinítear cúntóirí riachtanas speisialta faoin tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM). Ina ionad sin, soláthraítear tacaíocht airgeadais don soláthraí naíonra faoi Leibhéal 7 AIM, agus is féidir an t-airgead sin a úsáid chun an cóimheas idir daoine fásta agus leanaí sa seomra naíonra a laghdú nó chun íoc as cabhair bhreise sa seomra. Dá réir sin, is acmhainn chomhroinnte don naíonra í an chabhair faoi Leibhéal 7 AIM.)*

## Aguisín B: Nótaí maidir leis an téarmaíocht

***Deacrachtaí***

Úsáidtear an téarma *deacrachtaí* sa tuarascáil seo mar is minice é in úsáid in ionad *difríochtaí* sa litríocht i réimse an oideachais agus na síceolaíochta mar cuirtear béim ann ar dhúshláin shonracha a chuireann isteach ar an bhfoghlaim nó ar an bhfeidhmiú, rud a chuirtear i dtábhacht an gá atá le tacaíocht nó idirghabháil spriocdhírithe. Cé go bhféadfaí éagsúlacht neodrach nó dhearfach fiú amháin ó thaobh cumas de a thuiscint le *difríochtaí*, tuigtear le *deacrachtaí* gur ann do streachailt intomhaiste a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don ghnóthachtáil acadúil agus don saol laethúil. Mar shampla, úsáideann Snowling agus Hulme (2012) an téarma "deacrachtaí léitheoireachta" chun cur síos a dhéanamh ar easnaimh sa phróiseáil fhóineolaíoch ar gá idirghabháil struchtúrtha a dhéanamh ina leith, agus déanann siad idirdhealú idir iad sin agus difríochtaí ó thaobh stíle de sa léitheoireacht. Ar an gcaoi chéanna, i gcreataí diagnóiseacha amhail DSM-5, sainmhínítear riochtaí amhail sain-neamhord foghlama i dtéarmaí "difficulties learning and using academic skills" (American Psychiatric Association, 2013), rud a chuireann leis an tuairim gur réimsí den lagú iad seachas díreach cuir chuige mhalartacha i leith na foghlama. Thairis sin, chuir Vygotsky (1993) i dtábhacht gur féidir deacrachtaí forbartha a mhaolú trí thacaíocht shóisialta agus oideachais iomchuí, rud a léiríonn an tábhacht phraiticiúil a bhaineann le dúshláin den sórt sin a shainaithint. Ina theannta sin, má bhaintear úsáid as an téarma *deacrachtaí*, ní dhéantar beag is fiú de bhacainní atá ar an rath i ndáiríre, go háirithe i gcásanna ina mbíonn daoine aonair ag streachailt de shíor agus nach iad sainroghanna foghlama éagsúla amháin is cúis leis na streachailtí sin (Geary, 2004). Dá bhrí sin, tacaítear sa litríocht le húsáid an téarma *deacrachtaí* chun léiriú a thabhairt ar thuiscint níos cruinne agus níos inghníomhaithe ar na dúshláin a bhíonn le sárú ag daoine i gcomhthéacsanna oideachais agus cliniciúla.

***Uathachas***

Maidir le húsáid an téarma uathachas, seachas téarmaí eile atá níos ginearálta nó níos sofhriotalaí amhail neamhord de chuid speictream an uathachais nó próifíl néara-éagsúil, tá an úsáid sin fréamhaithe sa chruinneas cliniciúil agus i sainaithint níos mó ar an bhféiniúlacht laistigh den phobal uathach araon. Ó pheirspictíocht chliniciúil de, tagraíonn uathachas do riocht néarafhorbartha a aithnítear go foirmiúil i lámhleabhair dhiagnóiseacha amhail DSM-5 agus ICD-11, ina n-aicmítear é mar neamhord de chuid speictream an uathachais (American Psychiatric Association, 2013; an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2022). Cuirtear teanga chomhroinnte chaighdeánaithe ar fáil leis an téarma sin do ghairmithe, taighdeoirí, agus oideoirí luathbhlianta, agus éascaítear leis diagnóis chomhsheasmhach, rochtain ar sheirbhísí, agus idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise.

San am céanna, tá úsáid níos mó á baint anois as an téarma *uathachas* ag go leor daoine sa phobal uathach féin mar chomhartha féiniúlachta, seachas mar lipéad bunaithe ar easnamh. Léirítear sa taighde gur fearr le cuid mhór daoine uathacha téarmaí ina gcuirtear an fhéiniúlacht chun tosaigh (mar shampla "duine uathach") seachas téarmaí ina gcuirtear an béim ar an riocht (mar shampla "duine a bhfuil uathachas air") mar ar an gcaoi sin léirítear an t-uathachas mar ghné lárnach dá bhféiniúlacht seachas mar ualach atá orthu (Kenny et al., 2016). Ach an téarma *uathachas* a úsáid, seachnaítear an débhrí agus atreisítear an infheictheacht, rud atá tábhachtach don abhcóideacht, don aitheantas sóisialta, agus don fhéintuiscint. Thairis sin, bíodh is go bhfuil luach le téarmaí amhail *neamhord de chuid speictream an uathachais* nó *próifíl néara-éagsúil* sa dioscúrsa ionchuimsitheach, d'fhéadfadh na téarmaí sin na riachtanais shonracha agus na heispéiris a bhaineann leis an uathachas a fholú trína gcur faoi chatagóirí níos leithne. Mar achoimre, tá an téarma *uathachas* ag teacht leis an tsoiléireacht chliniciúil agus le rogha an phobail féin, agus tacaíonn sé leis an gcumarsáid chruinn, le dearbhú na féiniúlachta, agus le seachadadh tacaíochtaí agus socruithe iomchuí.

***Téarmaíocht níos sine nó téarmaíocht bhunaidh:***

D'fhéadfadh sé go mbeadh téarmaí níos sine nó téarmaí bunaidh in úsáid in áiteanna áirithe sa tuarascáil seo faoi mar a thagraítear dóibh sa litríocht a luaitear. Ach téarmaí níos sine nó téarmaí bunaidh a úsáid i bpáipéir thaighde, go háirithe agus tuairisc á tabhairt ar staidéir stairiúla nó sleachta as litríocht níos sine á lua, cinntítear an cruinneas, an dílseacht agus an t-ionracas acadúil. Tá roinnt príomhchúiseanna ann, agus tacaíonn an cleachtas agus an litríocht acadúil leo sin, chun tús áite a thabhairt don téarmaíocht bhunaidh seachas téarmaí níos nuaí nó níos inghlactha a chur isteach ina n-ionad:

- I gcás ina bhfuil taighde roimhe seo á lua nó á phlé, tá sé tábhachtach an teanga a bhí in úsáid ag na húdair a chaomhnú chun léargas cruinn a thabhairt ar chomhthéacs, ar chreat coincheapúil, agus ar théarmaíocht na linne. Dá n-athrófaí téarmaí go cúlghabhálach, tá an baol ann go dtabharfaí bréagléiriú ar chuspóirí nó ar thorthaí saothair níos luaithe. In *APA Publication Manual* (7ú heagrán, 2019), cuirtear béim ar a thábhachtaí atá sé léiriú cruinn a thabhairt ar bhrí na foinse bunaidh, go háirithe i gcás tuairisciú stairiúil nó cartlainne.
- Ach téarmaí níos sine a úsáid go hiomchuí, cuirtear ar chumas taighdeoirí an éabhlóid a thagann ar choincheapa, ar theanga agus ar dhearcthaí na sochaí a rianú. Tá tábhacht leis sin i ndisciplíní amhail síceolaíocht, oideachas agus léann i gcúrsaí míchumais, inar tháinig athrú ar an tuiscint ar riochtaí agus ar fhéiniúlachtaí le himeacht ama. Mar shampla, sa taighde ar an uathachas, b'fhéidir go mbeadh an téarma *siondróm Asperger* le feiceáil i staidéir níos sine, ach ní diagnóis ar leith é sin a thuilleadh in DSM-5. Ach an téarma bunaidh a choinneáil, cabhraítear leis na torthaí a chur i gcomhthéacs agus a shoiléiriú go bhfuil athrú tagtha ar na critéir dhiagnóiseacha ó shin. Áitíonn Gernsbacher (2007) go dtugtar léiriú ar athruithe ar luachanna na sochaí le haistrithe

san úsáid teanga, agus gur ríthábhachtach an rud é taifead a choimeád ar na hathruithe sin chun treochtaí taighde a léirmhíniú le himeacht ama.

- De réir an ionracais acadúil, ceanglaítear ar thaighdeoirí léiriú dílis a thabhairt ar fhoinsí. D'fhéadfadh sleachta míchruinne a thabhairt nó an duine mícheart a lua le saothar mar thoradh ar pharafrása nó nuashonrú ar théarmaíocht, go háirithe i gcás ina bhfuil brí ar leith ag baint leis na téarmaí bunaidh nó i gcás ina mbídís in úsáid mar chuid de na critéir dhiagnóiseacha ag an am.
- I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nárbh ionann go baileach téarmaí nua agus na téarmaí a bhíodh in úsáid roimhe sin. D'fhéadfadh mearbhall coincheapúil a bheith ann dá gcuirfí téarmaí nua in ionad na dtéarmaí bunaidh, go háirithe dá mbeadh impleachtaí ní ba leithne nó ní ba chúinge ag an téarma nua le hais an téarma a bhíodh in úsáid roimhe sin.